National Train Control Centre and Third-Party Control Centres ^b	92,909	23,539	21,696
Purchase of 41 Intermediate Class 2200 Intercity Railcars ^c	100,178	36,909	13,473
Dart + Programme ^d	288,679	70,948	229,386
Woodbrook DART Station ^e	5,337	2,360	11,168
Coastal Infrastructure Protection Programme ^f	1,582	3,436	12,050
Galway Ceannt Station ^g	3,594	975	34,968
Cork Area Commuter Rail ^h	8,303	21,351	96,688
Dublin City Council			
Fairview to Amiens Street Cycle Route ⁱ	14,787	30,142	20,000
Cork County Council			
Ringmahon Road Cycle Infrastructure ^j	248	1,049	13,470
Total in relation to projects where expenditure > €10m			469,651
Contractual commitments in relation to other projects < €10m			208,770
Total contractual commitments			678,421

*There may be further future committed expenditure on these projects pending additional stage gate reviews for projects including governmental approval of final business cases.

a The BusConnects Dublin project total expenditure including commitments has increased by €24.8m compared to 2022 as work on the project progressed beyond Phase 5 (Detailed Design and Procurement) and contracts have been awarded to a number of suppliers.

b The National Train Control Centre (NTCC) and Third-Party Control Centres total expenditure including commitments has increased by €31.2m compared to 2022. This is due to additional expenditures incurred in 2023 on equipment, materials and project management resources.

It should be noted that within the transport sector the role of approving authority for public transport projects at the individual project level is performed by the National Transport Authority. The delivery of the NTCC project is the responsibility of Iarnród Éireann (IÉ) as the designated sponsoring agency.

In July 2019, the NTA approved the NTCC project with a budget amounting to €148

million. The NTCC will be the centre for the management and regulation of train movements on IÉ's rail network. The project includes the development of a new train management system, construction of a new train control centre at Heuston Station and refurbishment of the existing central traffic control centre at Connolly Station. At 31 December 2023, €116.5 million had been spent on the project as disclosed above.

In 2023 and 2024, the project experienced delays in relation to the development of the train management system component of the overall project. The NTCC project is forecasted to be delayed by 9 months to May 2026. IÉ also determined that a significantly increased level of resourcing would be required within its team to support the completion of this project. The estimated outturn cost could increase from €148 million up to potentially €188 million, equating to a 27% increase. However, the project delivery team are implementing cost mitigation measures with a view towards securing an outturn cost within an envelope of €170 million (a 15% increase). In April 2024, the NTA noted that additional funding would be required to support the completion of the project.

c The Purchase of 41 Intermediate Class 2200 Intercity Railcars (ICRs) project total expenditure including commitments has decreased by €20.4m compared to 2022 due to lower milestone payments for the delivery of the second batch of inter-city railcars that was delivered in 2023.

d The DART+ programme total expenditure including commitments is relatively consistent year on year at €589m in 2023 versus €587m in 2022.

e The Woodbrook DART Station project has increased above the commitment disclosure threshold as the project has progressed with several contracts awarded to building and engineering contractors.

f The Coastal Infrastructure Protection programme total expenditure including commitments has increased by €2.9m compared to 2022 as the project has progressed and as a contract was awarded with a ground investigation contractor.

g The Galway Ceannt Station expenditure has increased above the commitment disclosure threshold in 2023 as a contract was awarded to BAM Ireland for the major redevelopment of the station.

h The Cork Area Commuter Rail expenditure has increased above the commitment disclosure threshold in 2023 due to the project progressing and the awarding of the Contract for the Signalling & Telecommunications Upgrade.

i The Fairview to Amiens Street cycle route programme total expenditure including commitments has increased by €15.1m compared to 2022 due to the project progressing to Phase 6 (Construction and Implementation).

j The Ringmahon Road Cycle Infrastructure expenditure has increased above the commitment disclosure threshold in 2023 as the project has progressed and the contract has now been awarded.

26. Contingent liabilities

The Authority is involved in a small number of legal cases, the outcomes of which are uncertain. Potential future costs in relation to these cases have not been provided for due to this uncertainty.

27. Projects administered on behalf of other bodies

The Authority administers on behalf of DoT, the Department's funding of accessibility projects, sustainable transport investment in regional cities, the Green Schools Programme, the Smarter Travel programme, eSPSV programme and Rural Transport Programme.

28. Major Capital Projects

As at 31st December 2023, there were no major capital projects/ programmes (defined as having an expected outturn cost of greater or equal to €200m) which are at or past Approval Gate 3 (Final Business Case) of the Infrastructure Guidelines, where the expected final outturn cost of the project (i.e. the reported cost) has varied by more than €5 million compared with the previous year.

29. Related party disclosures

Please refer to note 11.3 for a breakdown of the remuneration and benefits paid to key management.

The Board of the Authority adopted procedures in accordance with guidelines issued under the Code of Practice for the Governance of State Bodies in relation to the disclosure of interests by Board members and these procedures have been adhered to in the year. There were no transactions in the year in relation to the Board's activities in which the Board Members had any beneficial interest.

30. Subsequent Events

There have been no significant events since the year end that would result in adjustment to the financial statements.

31. Approval of financial statements

The financial statements were approved on behalf of the Authority on 28 June 2024.



Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais 2023



Clár Ábhar

Ón gCathaoirleach	3
Forléargas an Phríomhfheidhmeannaigh	5
1 Eolas faoin ÚNle	8
2. Daoine agus an Eagraíocht	10
3. Pleanáil Iompair	17
4. Seirbhísí Iompair	22
5. Aeráid agus Inbhuanaitheacht	31
6. An Custaiméir ar dTús	39
7. Geallsealbhóir Idirchaidream	46
8. Bonneagar iompair	51
9. Rialacháin Iompair	61
Ráitis Airgeadais an Údaráis Náisiúnta Iompair	69



Ón gCathaoirleach

Ba bhliain thábhachtach í 2023 maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chóras iompair comhtháite in Éirinn a chuireann le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus le comhtháthú sóisialta agus dul chun cinn eacnamaíoch á chur chun cinn. Tá an inbhuanaitheacht i gcroílár obair an Údaráis Náisiúnta Iompair. Tá a fhios againn go léir na dúshláin atá romhainn chun na hastaíochtaí carbóin san earnáil iompair a laghdú. Tá an prionsabal Seachain – Aistrigh – Feabhsaigh ríthábhachtach dár gcuid oibre ar fad.

Thar ceann an ÚNI, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhaoiniú a cuireadh ar fáil don Údarás chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar iompair phoiblí feabhsaithe nua. Baineann freagracht shuntasach leis an maoiniú sin. Dá bhrí sin, tá rialachas agus soláthar tionscadal de réir an bhuiséid tiomanta thar a bheith tábhachtach don Údarás. Chun tacú leis an rialachas seo, bunaíodh Coiste nua de chuid an Údaráis, Coiste an Chláir Chaipitil, chun maoirseacht a dhéanamh ar an infheistíocht mhéadaitheach i mbonneagar iompair inbhuanaithe.

Chuaigh na príomhthionscadail bhonneagair ar aghaidh níos faide isteach sa chóras pleanála agus tríd agus tugadh cead pleanála in 2023 don chéad Chonair Bhus Lárnach i mBaile Átha Cliath agus cuireadh iarratais isteach ar na sé chonair eile. Cuireadh an clár DART+ chun cinn agus rinneadh iarratas ar Ordú Iarnróid do DART+ an Iardheiscirt.

Thug an tÚdarás an Straitéis Iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 chun críche freisin le cead ón Aire. Imlíne chuimsitheach atá sa straitéis faoin méid a theastaíonn chun freastal ar an éileamh iompair ar fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath chomh maith leis na laghduithe astaíochtaí carbóin a theastaíonn san earnáil iompair.

Leanamar le seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar trí chonarthaí le Bus Átha Cliath, Bus Éireann, Iarnród Éireann, Go-Ahead Ireland agus le roinnt oibreoirí eile ar fud an stáit. Soláthraíodh 64 seirbhís nua nó fheabhsaithe i rith na bliana mar chuid de Phlean Iompar Tuaithe Éire a Nascadh. Tá freagra iontach ón bpobal feicthe againn maidir le seirbhísí nua de chuid Éire a Nascadh le méadú 300% ar líon na bpaisinéirí i gcomparáid le 2019.

Maidir le Taisteal Gníomhach, cuireadh go leor ciliméadar de chosáin agus de bhealaí rothar nua leis an ngréasán náisiúnta in 2023. Cuireann gach ciliméadar nua le líonra de bhonneagar sábháilte siúlóide agus rothaíochta ar fud na hÉireann. Sheolamar freisin an Chomhartha um Thaisteal Níos Cliste d'eagraíochtaí chun taisteal gníomhach san ionad oibre a chur chun cinn tuilleadh.

Tugann an tÚdarás tús áite fós d'fhorbairt tionscnamh atá ríthábhachtach chun

córas iompair phoiblí comhtháite a bhaint amach agus chun custaiméirí nua a mhealladh chuig seirbhísí iompair phoiblí. Seoladh an TFI Live App chun cuidiú le pleanáil turas a bheidh chomh réidh agus is féidir. Ach ba mhaith linn tuilleadh a dhéanamh agus mar sin leanaimid den obair ar na córais le haghaidh thicéadú na chéad ghlúine eile agus faisnéis fíor-ama.

Maidir le tacsaithe, chonaiceamar líon na dtiománaithe ceadúnaithe ar fud an tionscail ag teacht chucu féin agus leanaimid le cúnamh deontais a thabhairt don tionscal chun líon na bhfeithiclí atá inrochtana do chathaoireacha rothaí sa fhlít tacsaithe a mhéadú agus tá an tÚdarás de réir na sprice go mbeidh 25% den fhlít oiriúnach do chathaoireacha rothaí faoi 2025.

Ní fhéadfaí an dul chun cinn a rinneadh in 2023 a dhéanamh gan an obair a rinne gach cuid den Údarás ina gcuimsítear an Bord, an Príomhfheidhmeannach agus na Baill Foirne.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as a dtiomantas agus a gcuid ama i rith na bliana. Tá buíochas ag dul freisin d'Fheidhmeannach an Údaráis agus d'fhoireann an Údaráis as a ndúthracht agus a ngairmiúlacht maidir le feidhmiú chóras iompair phoiblí an lae inniu a chinntiú agus iad ag pleanáil do chóras an lae amárach. Cuirim mo bhuíochas in iúl do chomhaltaí an Choiste Chomhairligh Tacsaithe agus an Ghrúpa Chomhairligh le haghaidh Úsáideoirí Iompair a thugann comhairle dúinn agus beartais agus pleananna á bhforbairt againn. Tá roinnt comhaltaí seachtracha againn freisin a thacaíonn le hobair ár bhFochoistí Boird agus a bhfuil meas againn ar a saineolas agus a dtreoir.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin leis an Aire Iompair, Eamon Ryan TD, leis an Aire Stáit, Jack Chambers TD, mar aon lena n-oifigigh sa Roinn Iompair, chomh maith le hoibreoirí iompair agus oibreoirí ar conradh, Bonneagar Iompair Éireann, agus le gach comhlacht agus páirtí leasmhar eile a thacaigh le hobair an ÚNI le linn 2023.



Peter Strachan, Cathaoirleach



Forléargas an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba bhliain thar a bheith gnóthach eile í 2023 don Údarás agus an líon daoine ba mhó riamh ag baint úsáid as iompar poiblí in Éirinn. Chomh maith leis sin, cuireadh tús le mórthionscadail, pleananna agus tionscnaimh agus rinneadh iad a chur chun cinn agus a chríochnú le linn na bliana.

Bhí roinnt príomh-éachtaí agus príomhdhúshlán a raibh ar an Údarás dul i ngleic leo in 2023. Cé go ndearnadh feabhsuithe suntasacha in 2023, bhí roinnt dúshlán fós ann maidir le hiontaofacht agus poncúlacht na seirbhísí bus OSP a tharla go príomha de dheasca infhaighteacht acmhainní agus brú tráchta go háirithe inár limistéir uirbeacha. É sin ráite, d'oibrigh an tÚdarás i gcomhairle leis na hoibreoírí gan stad gan staonadh chun na fadhbanna a réiteach. Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndearna na hoibreoírí an-dul chun cinn in 2023 trí thiománaithe breise a earcú agus díríonn siad anois ar mheicneoirí breise feithicle a earcú a bhfuil ganntanas suntasach dóibh sa Stát faoi láthair.

In 2023, chomhaontaigh an tÚdarás Conarthaí Dámhachtana Díreacha nua do Bhus Átha Cliath agus do Bhus Éireann ó dheireadh 2024 agus cuirfear tús leo seo i mí na Nollag 2024. Gheall an tÚdarás freisin go méadófaí an céatadán de sheirbhísí bus fóirdheonaithe a oibríodh tar éis tairiscint iomaíoch suas go dtí 2029.

Mar chuid dár n-aistriú chuig flít busanna agus iarnróid níos glaise agus níos inbhuanaithe, chonacthas roinnt rudaí den chéad uair in Éirinn in 2023. Le linn na bliana, cuireadh tús leis an gcéad seirbhís bus lánleictreach i mBaile Átha Luain. Chonaiceamar freisin an chéad tráinse de bhusanna leictreacha dhá urlár ag teacht isteach i seirbhís i mBaile Átha Cliath. Leanadh den obair ar ordú an Fhlít DART+ d'il-aonaid cheallra-leictreacha (BEMU) agus táthar ag súil leis na chéad chinn a sheachadadh ag deireadh 2024/ tús 2025.

Lean ár n-infheistíocht i dtaisteal gníomhach ar aghaidh go tapa in 2023. In 2023, leithdháileadh €341 milliún ar thionscadail taistil ghníomhaigh ar fud an stáit. I measc cuid de na mórscéimeanna taistil ghníomhaigh a tugadh chun críche bhí Droichead na mBradán i nGaillimh agus nasc do choisithe agus rothaithe Pháirc Ghleann na Trá i gCorcaigh. Leanadh leis an obair ar roinnt mórscéimeanna taistil ghníomhaigh eile in 2023.

In 2023, dhámhamar an Conradh do chóras AVL na Chéad Ghlúine Eile (Láthair Feithicle Uathghiarála). Ina theannta sin, leanadh den phróiseas soláthair do Thicéadú na Chéad Ghlúine Eile (NGT) in 2023 agus táthar ag súil leis an gcomórtas soláthair a thabhairt chun críche ag tús 2024.

Leanadh ar aghaidh lenár líonra bus a athdhearadh in 2023. Seachadadh dhá fho-chéim, céimeanna 5a agus 5b d'athdhearadh líonra Busconnects Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, seoladh dhá sheirbhís bus baile nua i gCeatharlach

agus i gCluain Meala. Tugadh chun críche agus foilsíodh Athdhearadh Líonra BusConnects do Luimneach agus do Ghailimh in 2023 agus tús á chur le hobair ar phlean chur chun feidhme do na líonraí nua sa dá chathair.

Coinníodh an laghdú 20% ar tháillí do sheirbhísí a oibrítear faoi Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP) in 2023. Sheolamar freisin an Straitéis Táillí Náisiúnta le linn na bliana, lena soláthrófar táillí níos córa agus níos cothroime ar fud an líonra OSP ar deireadh.

In 2023, sheolamar an Treoirscéim do Hacnaithe Ceantair Áitiúil a bhfuil sé mar aidhm léi cuidiú le soláthar seirbhísí hacnaithe áitiúla páirtaimseartha i limistéir thuaithe ainmnithe nach féidir tacú le hoibríocht tacsaithe nó hacnaithe lánaimseartha iontu. Chomh maith leis sin, tá líon iomlán na gceadúnas tiomána SPSV tagtha chucu féin go leibhéil 2019 beagnach.

Is mian liom a admháil gur lean an tÚdarás le maoiniú suntasach breise a fháil ón Státchiste le linn na bliana go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar an gcostas méadaithe i ndáil le seirbhísí OSP a sholáthar go príomha de bharr brúnna boilscithe. Tá faomhadh faighte ag an Údarás freisin a fhórsa saothair a mhéadú chun freastal ar an ualach oibre méadaitheach. Tríd an earcaíocht seo, déanfaimid ár ndícheall fórsa saothair cuimsitheach a bheith againn a léiríonn an éagsúlacht inár sochaí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair fhoireann an Údaráis a d'oibrigh go díograiseach gan stad gan staonadh i rith na bliana in ainneoin na ndúshlán agus na mbrúnna oibre a bhain leis na tionscadail éagsúla a raibh ÚNI páirteach iontu.



Anne Graham, Príomhfheidhmeannach

PRÍOMHFHORBAIRTÍ & PRÍOMHÉACHTAÍ 2023:

Eanáir

Seolann an tAire Ryan an chéad seirbhís bus baile uile-leictreachais in Éirinn i mBaile Átha Luain



Márta

Iarratas ar Ordú Iarnróid le haghaidh DART+ Thiar Theas



Feabhra

BusConnects nua €20m
Osclaítear Plás Bus ag Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life




Aibreán

Seolann ÚNI an Straitéis Náisiúnta Táillí




Iúil

Céad bhaile beidh seirbhís bus 'claochlaitheach' - an tAire Iompair



Mí Bealtaine

Seoladh an Comhartha um Thaisteal níos Cliste ag an Aire Eamon Ryan



Meitheamh

Trí chuarbhealach nua le seoladh mar chuid de Chéim 5a de BusConnects

Lúnasa

Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlach curtha i gcrích



Meán Fómhair


Foilsiú Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta

Deireadh Fómhair

Seirbhís bus nua do Pháirc an Fhionnuisce

Nollaig

Seirbhísí Bus an Bhaile Nua seolta i gCluain Meala



8

Samhain

Seoladh ocht mbealach bus nua mar chuid de Chéim 5b de BusConnects Bhaile Átha Cliath

1. Eolas faoin ÚNI



Cuspóir agus Feidhm

Is comhlacht reachtúil neamhthráchtála Stáit é an ÚNI, a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne Iompair.

Baineann sainchúram an ÚNI go príomha le pleanáil, forbairt agus maoiniú modhanna iompair inbhuanaithe, is é sin iompar poiblí, rothaíocht agus siúl, ar bhonn náisiúnta. Leathnaíonn sainchúram an ÚNI freisin chuig rialáil seirbhísí bus poiblí tráchtála chomh maith le hearnáil na mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí agus clampáil feithiclí.

Bainistíonn an ÚNI an clár infheistíochta caipitiúla go náisiúnta maidir le hiompar poiblí, rothaíocht agus siúl, maoiniú oibreoirí iompair, údaráis áitiúla agus comhlachtaí eile do thionscadail cheadaithe thar ceann na Roinne Iompair.

Is é an ÚNI an t-údarás freisin do na trí meigi-thionscadal iompair phoiblí a bhfaightear tacaíocht ina leith ón bPlean Forbartha Náisiúnta reatha 2021-2030.

Is iad sin:

- » **Busconnects Bhaile Átha Cliath**
- » **MetroLink**
- » **Clár DART+**

Áirítear ar shainchúram an ÚNI freastal ar an éileamh ar sheirbhísí iompair inbhuanaithe ar fud na hÉireann chomh maith le bheith ag obair le páirtithe leasmhara chun astaíochtaí carbóin ó thaobh an iompair de a laghdú.

Reachtaíocht Chumasúcháin

Bunaíodh an ÚNI i mí na Nollag 2009 de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008.

Ceapadh ar dtús é mar údarás iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Mar sin féin, athainmníodh é ina dhiaidh sin mar an tÚdarás Náisiúnta Iompair leis an Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, lenar leathnaíodh feidhmeanna an ÚNI chun ceadúnú busanna agus beagfheithiclí seirbhíse poiblí go náisiúnta a áireamh.

Leis an Acht um Rialáil Tacsaithe 2013, lena ndearnadh reachtaíocht phríomha maidir le ceadúnú feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus tiománaithe a chomhdhlúthú agus a nuashonrú, leathnaíodh raon feidhme geografach roinnt feidhmeanna na heagraíochta go náisiúnta.

Leis an Acht Iompair Phoiblí 2016, leathnaíodh tuilleadh cumhachtaí an ÚNI lena chur ar a chumas fodhlíthe a dhéanamh lena rialaítear úsáid seirbhísí bus poiblí fóirdheonaithe áirithe ag paisinéirí.

Tháinig an tAcht um Clampáil Feithiclí, 2015, lena dtugtar an fhreagracht do ÚNI as rialú na ngníomhaíochtaí clampála ar bhonn náisiúnta, i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2017.

Tá roinnt feidhmeanna sonracha ag an ÚNI freisin maidir le bonneagar agus comhtháthú na pleanála iompair agus úsáide talún i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn riachtanais áirithe iompair phoiblí agus bainistíochta tráchta an réigiúin atá comhdhéanta de 40% de dhaonra an Stáit agus 43% d'fhostaíocht iomlán an Stáit de réir áit chónaithe.

2.

Daoine agus an Eagraíocht



DAOINE & EAGRAÍOCHT

Straitéis

Ráiteas Straitéise
Nua foilsithe

Slándáil

Rinneadh ionsamhlúcháin
chibeartheagmhais le hoibreoirí

EDI

Tháinig méadú ar ghníomhaíochtaí
comhionannais, éagsúlachta agus
cuimsitheachta, ag tógáil ar Iniúchadh
Cultúir 2022

13

Cúrsaí ar fud na heagraíochta ar
chomhionannas, cearta daonna,
Teanga Chomharthaíochta na hÉireann,
Béarla Simplí

Ag aistriú ó áit go háit nua!

Rinneadh dul chun cinn ar an
aistriú go suíomh nua agus

261

Fostaithe iomlána, agus a
bhformhór ag obair ar bhonn
hibrideach

Ról agus Rialachas

Bord an Údaráis

Tá an ÚNI rialú ag Bord ar a bhfuil dhá chomhalta dhéag arna gceapadh ag an Aire Iompair. Is poist ex officio iad trí cinn de na poist ar an mBord atá forchoimeáda don Phríomhfheidhmeannach agus do bhainisteoir sinsearach eile de chuid an ÚNI, agus an Phríomhfheidhmeannaigh, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Féadfar comhaltaí Boird a cheapadh ar feadh tréimhse suas le cúig bliana agus féadfar iad a athcheapadh le haghaidh téarma eile. Féadfaidh comhaltaí Boird fónamh ar feadh 10 mbliana ar a mhéad mar atá leagtha amach sa reachtaíocht chumasúcháin. Níl feidhm ag an srian sin maidir leis na comhaltaí ex officio a bheidh ceaptha chomh fada agus a bheidh an post ábhartha acu. Ba iad seo a leanas na comhaltaí Boird a bhí in oifig ag deireadh:

Ár gComhaltaí Boird

Is iad seo a leanas na comhaltaí Boird amhail an 31 Nollaig 2023;



Hugh Creegan, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (comhalta ex officio)



Pat Mangan



Iain Docherty



Brian McCormick



Ann Fitzgerald



Frank O'Connor



Anne Graham, POF (comhalta ex officio)



Eleanor O'Neil



David Gray



Richard Shakespeare, POF Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (comhalta ex officio)



Joyce Loughnan



Peter Strachan, Cathaoirleach


Cathaoirleach an Bhoird

Cheap an tAire Iompair an tUasal Peter Strachan mar Chathaoirleach in ÚNI ar an 11 Aibreán 2023.

Comhardú Inscne ar an mBord

Sonraítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) an sprioc íosta go mbeidh ionadaíocht 40% de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit.

Ag deireadh 2023, bhí ceithre bhean (33.33%) agus ocht bhfear (66.67%) ar an mBord.



Chuir an ÚNI an Roinn Iompair ar an eolas faoin éagothroime inscne atá ar an mBord faoi láthair agus meastar go gcuirfidh an Roinn é sin san áireamh agus folúntais á líonadh amach anseo ar leibhéal chomhaltaí an Bhoird.

Ár nEagraíocht/Ár nDaoine

Amhail an 31 Nollaig 2023, ba é 261 an líon iomlán fostaithe in ÚNI agus bhí an tromlach ag obair ar bhonn obair chumaisc. Tionóladh 55 comórtas earcaíochta ar an iomlán thar sheacht mbabhta earcaíochta in 2023 lenar clúdaíodh róil nua agus róil reatha. Bhí roinnt baill foirne tionscadail ag an ÚNI freisin nach bhfuil fostaithe go díreach ag obair chun cuidiú leis an ÚNI a chlár mór oibre maidir le róil ghnó/tacaíochta ó lá go lá agus ar thionscadail mhóra a chomhlíonadh.



Tábla 1 - Próifíl inscne na bhfostaithe ar 31/12/2023

Fostaithe 2023	Uimhreacha	Céatadán
Fir	167	64%
Mná	94	36%
Iomlán	261	100%

Is sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) atá na róil in ÚNI den chuid is mó. Is iad na príomhrudaí atá taobh thiar de phróifíl éagothroime inscne na heagraíochta leibhéil níos ísle rannpháirtíochta na mban i róil teicneolaíochta agus innealtóireachta agus céatadán níos ísle de mhná atá ag gabháil do cháilíochtaí ETIM i gcoitinne. I measc na n-idirghabhálacha chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo, bhí deiseanna cóitseála a sholáthar don fhoireann, forbairt Chlár Iarchéime an ÚNI agus clárú le Clár Intéirneachta Múinteoirí STEM OCBÁC (STInt) DCU do 2024.

Tuairisciú ar an mBearna Pá idir na hInscní

In 2023, ba é an mheánbearna pá inscne d'fhostaithe an ÚNI ná 4.95%. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi seo inár dTuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní.

Foghlaim agus Forbairt



I measc na bpríomhdhiseanna Foghlama agus Forbartha a soláthraíodh le linn 2023, bhí seachadadh 13 chúrsa inmheánacha ar fud na heagraíochta i réimsí mar Chomhionannas agus Cearta Daonna, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Cumarsáid trí Bhéarla Simplí. Cuireadh deiseanna oiliúna seachtracha agus breisoideachais ar fáil freisin d'fhostaithe mar aon le rannpháirtíocht in imeachtaí a bhaineann go sonrach leis an tionscal.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉI)

Lean an ÚNI ar aghaidh lena chlár oibre EDI a chur chun cinn in 2023 le tionscadal chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí comhionannais ó fhostaithe an ÚNI agus chun tógáil ar thorthaí Iniúchta Cultúir tosaigh a rinneadh in 2022.

Ráiteas Nua Straitéise

Foilsíodh Ráiteas Straitéise 2023-2025 an ÚNI i mí Feabhra 2023.

Project Big Move 2023

Is éard atá i gceist le 'Project Big Move' ná cóiríocht oifige an ÚNI a chomhdhlúthú óna cheithre shuíomh reatha go dtí suíomh lárnach amháin. D'eascair 'Project Big Move' ní hamháin as an ngá le múnla oibriúcháin níos éifeachtaí a úsáid ó thaobh na bainistíochta saoráidí ginearálta de ach chun freastal freisin ar an líon méadaithe foirne atá ag eascairt as réimsí freagrachta leathnaithe an ÚNI.

Áiríodh leis na príomh-gharspriocanna a baineadh amach in 2023, faomhadh an Réamhcháis Gnó do 'Project Big Move' agus ceapadh foirne Deartha Comhtháite chun dearadh an ionaid oibre nua a threorú.

Cuireadh an idirbheartaíocht léasa don suíomh nua i gcrích in 2023 agus cuireadh tús leis an léas nua ón 1 Meán Fómhair 2023 ar aghaidh. Cuireadh tús i mí na Nollag 2023 leis an bpróiseas soláthair chun príomhchonraitheoir a cheapadh chun feistiú an ionaid oibre nua a sholáthar.

Táthar ag súil go gcríochnófar aistriú an ÚNI chuig a shuíomh nua faoi R4 2024.

Ár bhFreagrachtaí Corparáideacha

Nochtaí Cosanta

Fuair an ÚNI Nochtadh Cosanta amháin in 2023 faoi thrí chumarsáid ar leith.

Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021

In 2023, lean an ÚNI le ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 a chur chun feidhme. Áiríodh leis sin obair chun leibhéal na fógraíochta Gaeilge agus suíomh na fógraíochta sna meáin Ghaeilge a bhaint amach mar atá sonraithe in Alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá oifigeach san Aonad Gnóthaí Poiblí ceaptha freisin chun tuairisciú don Phríomhfheidhmeannach ar chúrsaí Gaeilge mar a cheanglaítear leis na hAchtanna.

Lean an ÚNI le freagairt a thabhairt ar ghearáin agus ar shaincheisteanna a chuir an Coimisinéir Teanga faoina bhráid chomh maith leis na cinn a d'ardaigh baill den phobal. D'fhreagair an tÚdarás freisin le Tuarascáil Bhliantúil an Chomhchoiste um an nGaeilge, an Ghaeltacht agus Pobal na Gaeilge in 2023.

Leanadh leis an obair chun na gealltanais a tugadh i Scéim Teanga an ÚNI 2020-2023 a choinneáil ar bun, mar shampla úsáid a bhaint as logainmneacha oifigiúla na suíomhanna sa Ghaeltacht. D'fhoilsigh an tÚdarás Ráiteas Straitéise an ÚNI i nGaeilge chomh maith mar aon le roinnt postálacha meán sóisialta agus míreanna nuachta i nGaeilge i rith na bliana.

Cosaint Sonraí

Lean an ÚNI lenár gcreat agus lenár gcultúr um chosaint sonraí a chur ar aghaidh agus a fheabhsú. Bhí an ÚNI fós tiomanta go hiomlán dár n-oibleagáidí cosanta sonraí trína chinntiú i gcás go raibh sonraí pearsanta á bpróiseáil go ndearnadh amhlaidh de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí.

Leanann an ÚNI leis an gcreat cosanta sonraí a neartú trí acmhainní breise a leithdháileadh ar an aonad cosanta sonraí. D'fheidhmigh an líonra de Churaidh Sonraí go láidir i rith na bliana agus d'oibrigh siad go dlúth lena mbainisteoirí aonad gnó agus lena gcomhghleacaithe ag cinntiú go bhfanann prionsabail, beartais agus cleachtais um chosaint sonraí leabaithe in oibríochtaí laethúla. Lean an grúpa ag teacht le chéile go rialta chun comhlíonadh cosanta sonraí ar fud an ÚNI a phlé, uas-sciliú a dhéanamh agus eolas a roinnt. Chuir sé sin lenár gclár feasachta agus oiliúna leanúnach i measc ár mball foirne.

Thuairiscigh ÚNI sárú sonraí amháin don Choimisiún um Chosaint Sonraí in 2023.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Leanadh le fócas láidir a chur ar leanúnachas gnó a choinneáil ar bun agus timpeallachtaí cianoibre slána a sholáthar i rith 2023. Glacadh le soláthraithe nua go rathúil agus go sábháilte chun príomhchórais a bhainistiú agus a oibriú (Leap agus Pleanálaí Turas). Cuireadh fócas comhchosúil ar rialachas slándála ar bpríomhsholáthraithe ar gá dóibh rochtain a fháil ar chórais an ÚNI agus iad a bhainistiú ag baint úsáid as teicneolaíocht cianoibre. D'aibigh Oibríochtaí Slándála an ÚNI go suntasach arís le linn na bliana le fócas ar bhagairt a bhrath, athléimneacht na foirne, bainistíocht teagmhas, ionsamhlú cibeartheagmhas agus téarnamh ó theagmhais. Áiríodh leis na hionsamhlúcháin Cibeartheagmhais cibearchleachtadh Oibreora Iompair, agus ionsaí “Insamhladh” áitiúil ar an mBonneagar TFC Corparáideach.



Cuireadh roinnt tionscnaimh straitéiseacha TFC chun feidhme chun córais an ÚNI a dhéanamh níos cobhsaí agus níos athléimní. Áiríodh orthu sin uasghrádú ar phríomhchórais, comhtháthú teileafónaíochta le Foirne chun comhoibriú a fheabhsú, gnéithe comhoibríthe agus slándála Sharepoint a ardú, tacaíocht leanúnach do ‘Project Big Move’, agus athléimneacht fheabhsaithe do go leor córais chorparáideacha. Rinne an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí tástáil ar an bplean um leanúnachas gnó agus athshlánaithe ó thubaiste, agus rinneadh tástáil athshlánaithe ó thubaiste ar gach príomhchóras. Lean an Oifig Bainistíochta Tionscadal ag tacú le soláthar na mórchlár teicneolaíochta, agus thacaigh sí le slógadh luath 3 cinn de na conarthaí móra a dámhadh díreach roimh dheireadh na bliana.

Leathnaíodh an tArdán Faisnéise Gnó tuilleadh le tacair sonraí ticéadaithe do bhealaí nua (W4/W6, ECCC, 310, Cárta d'Aosaigh Óga) le hoibreoírí reatha, agus ó réimse oibreoírí nua (Nasc Áitiúil). Úsáideann páirtithe leasmhara inmheánacha an t-ardán go forleathan chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí, agus roinnt páirtithe leasmhara seachtracha – lena n-áirítear na hOibreoírí Iompair, agus an Roinn Iompair.

Ghlac an ÚNI ról an-ghníomhach agus comhoibríoch arís maidir le feabhas a chur ar shlándáil fhoriomlán éiceachóras na n-oibreoírí iompair, agus d'oibrigh sé le hoibreoírí iompair chun feabhsuithe slándála a spreagadh ar aon dul leis an Treoir maidir le Slándáil Gréasán agus Faisnéise (NIS). Tá ullmhúchán suntasach déanta chun an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus na hOibreoírí Iompair a ullmhú do thabhairt isteach leagan 2 den Treoir a thiocfaidh i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2024 trí nuashonruithe feasachta agus féinmheasúnuithe i gcoinne cheanglais na Treorach nua. Faoi Threoir NIS 2 nua atá beartaithe, ainmníodh an ÚNI mar Údarás Inniúil i mí na Nollag 2023 chun maoirseacht slándála a dhéanamh ar na hEintitis Riachtanacha agus Thábhachtacha a oibríonn Córais Bainistíochta Tráchtá agus Iompair Chliste in Earnáil na mBóithre – is dócha go mbeidh sé sin ina réimse suntasach fócais in 2024.

Tá an ÚNI ag ullmhú freisin do thabhairt isteach an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, le measúnú ar thionchar an Ghnímh i dtéarmaí na ndeiseanna a bhaineann leis na rioscaí. Rinneadh beartas eatramhach a shainiú agus tá roinnt tionscadal um chruthúnas coincheapa ar siúl chun cuidiú le tuiscint a fháil ar an teicneolaíocht agus ar na rioscaí slándála agus príobháideachta a bhaineann leo.

3.

Pleanáil Iompair



PLEANÁIL IOMPAIR

>50,000

á Dart+ chun a líon áiteanna a mhéadú faoi dhó go/ó lár Chathair Bhaile Átha Cliath ó thart ar 26,000 paisinéir go dtí 50,000 paisinéir gach bealach in aghaidh gach uair an chloig.



230kms

Ciliméadar de lánaí bus tiomnaithe ar 12 conair bhus lárnach i mBaile Átha Cliath

27

Pleananna Iompair Áitiúil curtha chun cinn do phríomhbhailte agus



20,000

Líon na bpaisinéirí is féidir le Metrolink a iompar in aghaidh na huair

31

Údaráis Áitiúla i mbun comhairliúcháin náisiúnta chun sonraí forbartha a chomhordú



195

Iarratais forbartha athbhreithnithe ag an ÚNI

Is ionann córas iompair maith agus ceann a dtairbhíonn daoine as trí fhorbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch a éascú agus a spreagadh. Ón dearcadh sin de, éireoidh riachtanais na hÉireann níos casta agus níos casta sna blianta atá amach romhainn, agus tá soláthar do na riachtanais sin amach anseo ag croílár a bhfuil i gceist leis an ÚNI.

Le linn 2023, lean an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag plé leis na hÚdaráis Áitiúla ar bhonn náisiúnta maidir le pleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúil a ullmhú agus chuathas i gcomhairle freisin leis maidir le roinnt pleananna iompair áitiúla (LTPS) a ullmhú do phríomhbhailte agus lonnaíochtaí eile. Rinneadh go leor den obair sin chun cuidiú le tús áite a thabhairt d'infheistíocht iompair i gceantair áitiúla.

Tionscnaimh Pleanála Iompair

Ar na príomhthionscnaimh pleanála iompair ar a rinne an ÚNI in 2023, bhí:



Plean Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath - Is é is cuspóir do Phlean Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath athruithe ar na socruithe iompair reatha is gá chun an fhís don Chathair mar áit inbhuanaithe, dhinimiciúil agus chuimsitheach a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath a shainnithint agus a chur in ord tosaíochta.


Éascaítear leis an bplean freisin cur chun feidhme Straitéis Iompair an ÚNI do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 trí chreat níos mionsonraithe a sholáthar chun freastal ar líon i bhfad níos airde daoine atá ag taisteal isteach i Lár na Cathrach, go háirithe ar an traein, ar an mbus, ag rothaíocht agus ag siúl.

Foilsíodh Dréachtphlean Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2023 le haghaidh comhairliúchán poiblí agus tá sé á thabhairt chun críche faoi láthair ag an ÚNI agus ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.



Pleananna agus Staidéir Iompair Áitiúil - Leagtar amach i bPleananna Iompair Áitiúla an creat mionsonraithe le haghaidh infheistíochta in iompar poiblí, siúl agus rothaíocht do lonnaíochtaí. Déantar iad sin bunaithe ar an modheolaíocht atá forbartha ag an ÚNI le Bonneagar Iompair Éireann.

In 2023, lean an ÚNI ag comhoibriú le hÚdaráis Áitiúla ar an gClár LTP. Rinneadh obair ar 27 LTP chun cinn in 2023, agus foilsíodh 12 cheann acu i bhfoirm dréachta le haghaidh comhairliúchán poiblí. Táthar ag súil go bhfoilseofar tuairim is 20 LTP i bhfoirm dréachta in 2024 agus go dtabharfar líon áirithe acu chun críche le linn na bliana.



Rinne an ÚNI 56 aighneacht maidir le céimeanna éagsúla de Phleananna Forbartha Contae agus Cathrach, Pleananna Ceantair Áitiúil agus pleananna eile.

Le linn 2023, rinneadh ullmhúchán chun clár náisiúnta comhairliúcháin a sheoladh chun sonraí forbartha ó gach Údarás Áitiúil a chomhordú. Cuirfear an t-eolas sin díreach isteach sna Múnlaí Réigiúnacha, rud a chinnteoidh fíis níos cruinne ar fhás daonra, fostaíochta agus oideachais amach anseo.

Samhlú Iompair

In 2023, tugadh faoi obair fairsing chun an Córas Samhaltaithe Réigiúnach, i ndiaidh Covid, a nuashonrú go hiomlán. I measc na bpríomhionchur bhí Suirbhéanna Náisiúnta Taistil Teaghlach 2022 agus 2023, Suirbhéanna Aerfoirt, Suirbhéanna Paisinéirí Calafort Farantóireachta, agus clár suirbhéanna ar iompar tródaím ilmhódach le haghaidh na gcathracha réigiúnacha. Cuirtear i láthair sna Suirbhéanna Bliantúla Náisiúnta Teaghlach atá foilsithe ar www.nationaltransprt.ie sonraí mionsonraithe ar na turais go léir a rinne an sampla ionadaíoch sa suirbhé. Is iad seo a leanas na torthaí náisiúnta do 2023 i gcomparáid le 2022:

Cúiseanna Turais (gan Filleadh Abhaile san áireamh)	2017*(%)	2022(%)	2023(%)
Obair/Gnó	28	20	20
Oideachas	23	19	18
Siopadóireacht	16	17	16
Sóisialta	14	18	20
Pearsanta	2	3	3
Gach Eile	17	24	23

* Lorem Ipsum Dolor Sit Amet

D'oibrigh an ÚNI go dlúth leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) ar mhórthionscadal comhroinnte sonraí chun rochtain a fháil ar shonraí timpistí i ndiaidh tionscadal comhpháirteach ar úsáideoirí soghonta bóithre a sholáthar go rathúil. Ina theannta sin, caitheadh go leor ama le feabhsuithe ar an gCóras Samhaltaithe Réigiúnach a scóipeáil chun a chinntiú go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais nua agus riachtanais sa todhchaí a léiríonn freagrachtaí an ÚNI. D'oibrigh an ÚNI go dlúth leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) maidir le hinfhaighteacht sonraí agus ionchur i bpróiseas comhairliúcháin Dhaonáireamh 2027.

Leanadh le dian-úsáid a bhaint as an gCóras Samhaltaithe Réigiúnach le haghaidh réimse leathan tionscadal agus tionscnamh.

Cuireadh tús in 2023 leis an tionscadal chun scéim um bainistiú éileamh do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath (GDA) a fhorbairt.

4.

Seirbhísí lompair



SEIRBHÍSÍ IOMPAIR



24%

Méadú ar líon na bpaisinéirí

25 bliain

Teorainn aoise nua, incháilitheacht mhéadaithe do Chárta Léime TFI d'Aosaigh Óga



70%

Méadú ar sheirbhísí bus ar Chéim 5a agus 5b de BusConnects Bhaile Átha




45,720

Daoine ag baint tairbhe as seirbhísí bus baile nua i gCeatharlach & i gCluain

4.35m

Paisinéirí a iompraíodh ar sheirbhísí Nasc Áitiúil TFI



65

Seoladh seirbhísí bus nua/feabhsaithe de chuid Éire a Nascadh

Is éard atá i gceist go príomha le daoine a spreagadh chun aistriú chuig iompar poiblí ná a chinntiú gur féidir linn eispéireas dearfach a sholáthar do chustaiméirí agus in 2023 bhí neart dea-scála ann ina leith sin.


Mar thoradh ar rolladh amach leanúnach Cárta Léime d'Aosaigh Óga agus do Dhaltaí, laghdaíodh táillí do dhaoine óga faoi 50%, agus coinníodh an laghdú 20% roimhe sin ar tháillí do gach duine eile le linn 2023. Leanadh le tús cur chun feidhme Éire a Nascadh in 2023, le tabhairt isteach 64 bealach nua nó feabhsaithe i gceantair thuaithe na hÉireann. I mBaile Átha Cliath, chuireamar feabhas ar sheirbhísí bus do phobail ar fud an réigiúin nuair a cuireadh dhá chéim d'athdhearadh an líonra BusConnects chun feidhme.

Líon na bPaisinéirí agus Ioncam ó Phaisinéirí


Bhí fás eisceachtúil ar úsáid seirbhísí iompair phoiblí ar conradh in 2023, rud a sháraigh leibhéal réamhphaindéimeach 2019.

Tríd is tríd, tháinig méadú 60.9 milliún (+24%) ar líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí bus agus iarnróid ar conradh, agus tháinig méadú €54 milliún freisin ar an ioncam dá bharr i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, go dtí €520.7 milliún.

Fíor 1 – Turais bhliantúla paisinéirí ar phríomhsheirbhísí ar conradh (na milliúin)




Difríocht i gcomparáid leis an mbliain seo caite (m€)



Ioncam paisinéirí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin

Fíor 2 - Ioncam paisinéirí as seirbhísí ar conradh (m€)



Táillí

Níor tháinig aon athrú ar tháillí ar sheirbhísí iompair phoiblí OSP in 2023, agus bhí sé geallta go gcoinneofaí an laghdú 20% ar tháillí costais maireachtála an rialtais i bhfeidhm le linn 2024. Fógraíodh síneadh ar cháilitheacht Scéim an Chárta Leap d'Aosaigh Óga freisin, chun daoine suas le 25 bliain d'aois a chur san áireamh.

Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Táillí in 2023, lena dtabharfar isteach struchtúr níos cothroime agus níos comhsheasmhaí do gach seirbhís bus agus iarnróid OSP lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus bailte agus cathracha réigiúnacha. Cinnteofar leis an Straitéis go dtiocfaidh méadú ar tháillí bus agus iarnróid OSP ar aon dul leis an bhfad a thaistealófar ar bhealach sách aonfhoirmeach beag beann ar an mbealach a úsáidfeadh nó ar an suíomh geografach.

Cuirfeadh an chéad chéim den Straitéis chun feidhme trí chinneadh maidir le táillí 2024, lena gcuirfeadh Crios Chathair Bhaile Átha Cliath nua ina gcuimseofar limistéar taistil Chárta Leap TFI 90 ar bhonn foirmiúil agus lena dtabharfar isteach Crios Comaitéireachta nua do Bhaile Átha Cliath, a shínfeadh go thart ar 50km ó imeall Chrios na Cathrach.

Le hathruithe eile, tabharfar isteach táille nua ar sheirbhísí bus baile, déanfar ailíniú ar tháillí iarnróid Idirchathrach agus déanfar simpliú breise ar struchtúir táillí airgid i

¹Féach Fíor 2

mBaile Átha Cliath.

Seirbhísí Bus agus Iarnróid ar Conradh

Conarthaí Dámhachtana Dírí

Tá conarthaí an ÚNI le Bus Átha Cliath agus Bus Éireann le dul in éag i mí na Samhna 2024. Tá oibleagáid reachtúil ar an ÚNI dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara lena n-áirítear oibreoírí agus úsáideoírí na seirbhísí bus lena mbaineann roimh aon chinneadh maidir le conarthaí bus a dhámhachtain go díreach. Bhí na comhairliúcháin phoiblí sin ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2023.

I mí na Samhna, chinn an ÚNI conarthaí dámhachtana dírí breise a dhéanamh le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann ar feadh tréimhse cúig bliana ó mhí na Nollag 2024, le foráil go ndéanfaí tairiscint iomaíoch am éigin amach anseo ar aon leibhéal seirbhíse os cionn na leibhéal a bhí i bhfeidhm le linn shamhradh 2023.

Ina dhiaidh sin, chuir an ÚNI tús le hullmhú conarthaí dámhachtana dírí athsholáthair, ina gcuimseofar beart chun feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht oibriúcháin sna conarthaí sin go léir.

Chuaigh aistriú an tuairiscithe airgeadais do chonradh dámhachtana dírí an ÚNI le hIarnród Éireann ón nglanchostas go dtí an t-ollchostas beo i dtús 2023.

Conarthaí trí Thairiscintí Iomaíocha

Rinneadh dul chun cinn maidir le slógadh ar thrí thairiscint shuntasacha le linn 2023.

Bhain an chéad cheann leis an W4 nua ón gCearnóg i dTamhlacht go Baile Bhlainséir agus na bealaí W61 agus W62 a nascann Baile Átha Cliath Thiar le Cill Dara Thuaidh. Is cuid lárnach de thionscadal Athdhearadh Líonra BusConnects Bhaile Átha Cliath iad na seirbhísí sin a seoladh i mí an Mheithimh.

Bhain an dara ceann le Conair Comaitéireachta Cósta an Oirthir, atá á reáchtáil faoi láthair faoi Chonradh Dámhachtana Dírí Bhus Éireann mar bhealaí 101 agus 133. Feabhsófar leis sin an nascacht ó Chontae Lú agus ó Chontae Chill Mhantáin go Baile Átha Cliath. Thosaigh Bus Éireann ag feidhmiú faoin gconradh tairisceana sin i mí na Bealtaine.

Chuir Bus Éireann tús le seirbhísí rialta bus a oibriú i mBaile Cheatharlach i mí Iúil freisin i ndiaidh comórtas tairisceana.

Ina theannta sin, cuireadh Bealach 139 chun tairisceana arís ag deireadh 2023 agus d'éirigh leis an sealbhóir JJ Kavanagh ag céim na tairisceana agus tugadh fógra dó díreach roimh dheireadh na bliana chun dul ar aghaidh chuig an slógadh.

Shín an ÚNI na téarmaí maidir le roinnt conarthaí reatha mar a leanas:-

- » Síneadh an Conradh um Limistéar Uirbeach Seachtrach Bhaile Átha Cliath a sholáthair Go Ahead Ireland don dara huair ar feadh 1 bhliain go dtí Deireadh Fómhair 2025.
- » Síneadh Conradh Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath a sholáthraíonn Go Ahead ar feadh 1 bhliain go dtí Samhain 2025.
- » Conradh le City Direct Ltd. maidir le seirbhísí cathrach i gCill Chainnigh go dtí Eanáir 2024.

- » Conradh le JJ Kavanagh & Sons Limited maidir le Bealach 139 idir an Nás agus Baile Bhlainséir go dtí mí Márta 2024.
- » Conradh le Go Ahead Ireland Limited maidir le Bealach 197 Shord go Cill Dhéagláin go dtí mí na Bealtaine 2023.

Conarthaí Dámhachtana Díri Éigeandála

Cuireadh comhaontuithe éigeandála i bhfeidhm don ÚNI chun maoiniú OSP a sholáthar do sholáthar leanúnach seirbhísí riachtanacha bus a bhí ceadúnaithe roimhe sin chun feidhmiú ar bhonn tráchtála. Éascaíodh leis sin seirbhísí bus riachtanacha nach raibh inmharthana ó thaobh tráchtála de chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú.

- » Dámhadh bealaí 143 agus 144 i gCill Mhantáin agus i mBaile Átha Cliath ar Finnegan Bray Limited chun tús a chur le hoibríochtaí i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Tábla 2 - Príomhoibreoirí seirbhísí bus a cuireadh chun tairisceana

Oibritheoir	Bealaí atá á reáchtáil
Andrew Wharton Coach Hire	Bealach 975 idir an Cabhán agus an Longfort
Moorhill Capital Ltd	Bealach 310 i Luimneach
Finnegan Bray Ltd	Bealaí 143 agus 144
Bus Éireann	Bealaí W1, W2, W3, W4 & W5 i gCathair Phort Láirge
Bus Éireann	Bealaí Comaitéireachta an Chósta Thoir 101, 101X, 131 & 133
Bus Éireann	Bealaí CW1 agus CW2 i mBaile Cheatharlach
City Direct	Bealaí KK1 / KK2 i gCathair Chill Chainnigh
Go-Ahead Ireland	25 bealach uirbeach i mBaile Átha Cliath
Go-Ahead Ireland	5 bhealach réigiúnacha i gCill Dara
Go-Ahead Ireland	Bealach 197 idir Sord agus Cill Dhéagláin
Go-Ahead Ireland	Bealaí W4, W61 & W62 idir Baile Átha Cliath agus Cill Dara
JJ Kavanagh & Sons	Bealach 139 idir an Nás agus Baile Bhlainséir

Feidhmíocht Oibreoirí atá ar Conradh

Áirítear caighdeáin feidhmíochta i gconarthaí an ÚNI le hoibreoirí iompair phoiblí. Tá Tuarascáil 2023 ina sonraítear feidhmíocht oibreoirí i gcoinne na gcaighdeán feidhmíochta sin foilsithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis trí chliceáil **anseo**.

Bhuail an tÚdarás le hoibreoirí go tráthrialta le linn na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht in aghaidh na gcaighdeán comhaontaithe feidhmíochta agus chun glacadh le gníomhaíochtaí feabhais chun aghaidh a thabhairt ar aon tearcfheidhmíocht. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin acmhainn bhreise a chur leis chun freastal ar éileamh breise nó leasú a dhéanamh ar an aga turais do bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iontaofachta de bharr brú tráchta méadaithe.

Forbairt Líonra

Rinneadh athbhreithniú rialta ar sheirbhísí conraithe bus agus iarnróid in 2023 chun fás in úsáid iompair phoiblí a spreagadh agus chun freagairt d'athruithe san éileamh agus d'éifeachtaí an phlódaithe tráchta ar sheirbhísí. I measc na bpríomhforbairtí líonra in 2023, bhí:

Seirbhísí Bus Baile i gCeatharlach agus i gCluain Meala

Cuireadh tús le dhá sheirbhís bus baile nua anuraidh. Seoladh seirbhísí Cheatharlach i mí Lúnasa agus seoladh seirbhísí Chluain Meala i mí na Nollag, ag tabhairt rogha do níos mó daoine iompar poiblí a úsáid go laethúil. Tacaíodh leis an dá sheoladh le feachtais a bhí dírithe ar cheantair áitiúla, lena n-áirítear an raidió, fuaim dhigiteach, lasmuigh den bhaile agus na meáin shóisialta. Tá méadú suntasach tagtha ar líon na bpaisinéirí a úsáideann an dá sheirbhís. Sa chéad mhí dá feidhmiú i mí na Nollag, bhain 14,000 duine úsáid as an tseirbhís baile nua i gCluain Meala, agus tá 35,000 duine ag baint úsáid as seirbhís bus Bhaile Cheatharlach anois i ngach tréimhse ceithre seachtaine ó seoladh é.

Seoltar Athdhearadh Líonra Cheantar Bhaile Átha Cliath BusConnects

Seoladh dhá chéim d'Athdhearadh Líonra Bus Cheantar Bhaile Átha Cliath in 2023. Seoladh Céim 5a (Cuarbhealaí W - W4, W61 agus W62) i mí an Mheithimh agus seoladh 5b (Cuarbhealach Theas, Bealaí Gathacha agus Áitiúla S2, S4, S6, S8, 74, W2, L25, agus L55) i mí na Samhna. Áiríodh ar na cumarsáidí maidir leis an dá chéim sin a sheoladh na nuachtáin áitiúla, raidió áitiúil, na meáin shóisialta, scáthláin bhus, seachadadh leabhrán ag an doras i gcónagaracht na mbealaí nua agus gníomhaíocht ambasadóir branda.

I measc na dtionscnamh forbartha líonra eile a cuireadh chun cinn in 2023, bhí:

- » BusConnects Chorcaí – Cuireadh tús le planáil don Athdhearadh Líonra a chur chun feidhme
- » Foilsíodh tuarascálacha deiridh le haghaidh Athdhearadh Líonra BusConnects Luimnigh agus na Gaillimhe
- » Éire Nascadh – 64 bealach nua agus feabhsaithe in 2023
- » Leasuithe ar bhealaí éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna

- acmhainne agus brú tráchta ar fud an líonra; agus
- » Pleanáil le haghaidh líonraí bus baile nua a sholáthar sa Mhuileann gCearr, Port Laoise, Leitir Ceanainn agus Inis chomh maith le hobair a dhéanamh chun seirbhísí baile a bhí ann cheana i mBaile Shligigh, i mBaile Átha Luain agus i nDroichead Átha a fheabhsú agus a threisiú.

Nasc áitiúil TFI

Mar thoradh ar an infheistíocht leanúnach i Nasc Áitiúil TFI baineadh roinnt garspriocanna amach le linn 2023. Ba é 4.35 milliún líon na dturas paisinéirí ar gach seirbhís Nasc Áitiúil TFI agus do 2023. Bhí sé sin comhdhéanta de 3.2 milliún ar Sheirbhísí Rialta Tuaithe (RRS) agus 1.15 milliún ar Sheirbhísí ag Freagairt don Éileamh (DRT). An phríomhthoisic maidir leis an bhfás ar líon na bpaisinéirí a úsáideann seirbhísí Nasc Áitiúil TFI ná rolladh amach Chlár Soghluaisteachta Tuaithe Éire a Nascadh le 49 bealach Nasc Áitiúil nua agus feabhsaithe a tugadh isteach le linn 2023.

Ina theannta sin, leantar le maoiniú a leithdháileadh ar an bplean Éire a Nascadh, Nasc Áitiúil TFI chun iompar a sholáthar do Thairbhíthe Cosanta Sealadaí (TCSanna) (na daoine ón Úcráin go príomha) atá bunaithe i limistéir thuaithe ar fud an stáit. Chonacthas glacadh ard i gcontaetha amhail Dún na nGall, An Clár agus Ciarraí leis na seirbhísí a tugadh isteach chun tacú le TCSanna atá lonnaithe faoin tuath in Éirinn.

Le linn 2023, cuireadh trí fheithicil leictreacha i seirbhís ar roinnt bealaí, agus tá feithicilí leictreacha ag feidhmiú anois i nGaillimh, Maigh Eo agus ar bhealach idir Lú agus an Cabhán.

Seirbhísí Bus Ceadúnaithe

Faoin Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 (An tAcht PTR 2009), tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí a cheadúnú. Is minic a dtugtar ‘seirbhísí bus tráchtála’ ar sheirbhísí bus poiblí ceadúnaithe, toisc go n-oibrítear iad gan aon fhóirdheontas poiblí ón ÚNI. Tugtar ‘ceadúnais bealaigh’ orthu freisin toisc go bhfuil bealaí éagsúla ceadúnaithe go haonarach ag an ÚNI.

Staidreamh

Gach bliain ullmhaíonn agus foilsíonn ÚNI feasachán staitistiúil ar sheirbhísí ceadúnaithe bus don bhliain roimhe sin.² In 2023, d’fhoilsigh an ÚNI feasachán giorraithe arís a leag béim ar na difríochtaí idir 2019, an bhliain iomlán dheireanach de ghnáthoibríochtaí, agus na blianta 2020 agus 2022 chun an téarnamh ó thús na paindéime a léiriú. Rinneadh comparáidí freisin idir 2013, bailíodh sonraí na chéad bhliana ar fud an Stáit ar fad, agus 2022.

Gníomhaíocht um Cheadúnú


Soláthraítear i bhFíor 3 thíos sonraí maidir le hobair cheadúnaithe busanna an ÚNI le linn 2023.

Rinneadh 574 cinneadh in 2023. As na hiarratais ar cheadúnais nua agus/nó leasaithe, próiseáladh 55% díobh laistigh de na achair ama tháscacha chun na hiarratais sin a bhreithniú mar atá leagtha amach i dTreoirlínte an Údaráis um


2. Féach <https://www.nationaltransport.ie/publications/>

Gníomhaíocht um Cheadúnú Bus


Iarratais Nua




Leasú ar cheadúnas láithreach




Ceadúnas a athnuachan



Ceadúnas a aistriú idir oibreoirí



Ceadúnas a chúlghairm



3. Áirítear leis cinntí a rinneadh ar iarratais a fuarthas le linn 2022, a tugadh anonn go 2023.

5.

Aeráid agus Inbhuanaithea



AERÁID AGUS INBHUANAITHEACTH



96

Busanna leictreacha
a seachadadh in
2023




11

Busanna aon urláir do Bhaile Átha
Luain, an chéad seirbhís bus baile
uile-leictreachais in Éirinn

185,000

Turais déanta ag baint
úsáide as Scéim Rothar



273

Scoileanna maoinithe faoin Scéim
Bealaí Sábháilte chun na Scoile



970

Imeachtaí Sheachtain na
Rothar eagraithe ar fud



250

Comhpháirtithe Taisteal Níos

Treoir um Gníomhú ar son na hAeráide

Cuimsítear sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (CAP23) ceanglas ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide a choinneáil. Ní mór na léarscáileanna sin a ullmhú i gcomhréir leis an treirdhoiciméad gaolmhar arna eisiúint ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).

Sa Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide, cuirtear in iúl conas atá sé mar aidhm ag an gcomhlacht poiblí ceanglais Shainordú na hEarnála Poiblí um Gníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh agus a spriocanna maidir le hastaíochtaí carbóin agus éifeachtúlacht fuinnimh 2030 a bhaint amach. Tá an chéad nuashonrú dá Phlean Oibre um Gníomhú ar son na hAeráide curtha i gcrích ag an ÚNI agus leanfar leis an doiciméad a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil.

I measc na dtionscnamh suntasach sa spás seo, tá aistriú d'fhoireann an ÚNI ó cheithre shuíomh oifige ar leith go foirgneamh oifige amháin Grád A i Margadh na Feirme. Mar thoradh air seo, beidh úsáid éifeachtúlachta fuinnimh i bhfad níos fearr ón ÚNI. In 2023, cuireadh tús freisin le hobair ar an gcéad Straitéis Inbhuanaitheachta de chuid an ÚNI agus ar mheasúnú cuimsitheach ar na hastuithe carbóin a bhaineann le príomhghníomhaíochtaí an Údaráis.

Ó thaobh CSR de go ginearálta, d'infheistigh an ÚNI am agus acmhainní in 2023 chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus deiseanna eacnamaíocha, sóisialta agus rialachais, oibriú chun breithnithe CSR a leabú ina phríomhoibríochtaí gnó agus sonraí cearta a fhorbairt chun torthaí CSR a thomhas go criticiúil.

Aistriú go Córas Iompair níos Inbhuanaithe

Bhain cuid mhór d'obair an ÚNI in 2023 le bonneagar agus seirbhísí taistil gníomhaigh agus iompair phoiblí a sholáthar chun aistriú chuig córas iompair níos inbhuanaithe a éascú. Tá sé ríthábhachtach tuilleadh daoine a aistriú go cineálacha taistil atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun cuspóirí na hÉireann maidir le gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach. Leagtar amach i bPleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 agus 2023 an Rialtais roinnt gníomhaíochtaí ag a bhfuil an fhreagracht ag an ÚNI freagrach ina leith cuidiú le laghduithe ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach a threorú.

Áirítear le gníomhaíochtaí an ÚNI a thacaíonn le laghduithe astaíochtaí sa réimse iompair:

- » Straitéisí iompair a fhorbairt do cheantair uirbeacha chun tacú le fás dlúth agus forbairt inbhuanaithe;
- » Rannpháirtíocht le húdaráis áitiúla chun cabhrú leo a bPleananna Iompair Áitiúil a ullmhú, le húsáid a bhaint as modheolaíocht an Mheasúnaithe Iompair Bunaithe ar Cheantar (MIBC), a forbraíodh le Bonneagar Iompair Éireann.
- » Cur i bhfeidhm bhonneagar iompair phoiblí nua agus seirbhísí iompair phoiblí feabhsaithe a fháil;
- » Tionscadail an taistil gníomhaigh a sholáthar, lena n-áirítear, go háirithe,

líonra saoráidí rothaíochta sábháilte a sholáthar; agus

- » Modhanna taistil ghníomhaigh agus úsáid iompair phoiblí a chur chun cinn.

Flít Bus Uirbeach: Aistriú go Nialas

Le linn na bliana 2023, ghlac an ÚNI seachadadh 92 bus uirbeach ceallra-leictreacha dhá urlár agus 4 bhus uirbeach ceallra-leictreacha aon urláir (fad fada). Léirigh na seachadtaí seo cur i gcrích dhá ordú tosaigh le haghaidh 165 bus ceallra-leictreacha aon urláir agus dhá urlár san iomlán agus na céad sheachadtaí ón dara ordú le haghaidh 91 bus ceallra-leictreacha dhá urlár. Bhí moill ar rolladh amach an bhonneagair luchtaithe leictrigh de bharr saincheistanna pleanála agus soláthair go príomha. Tá na ceistanna seo réitithe den chuid is mó anois.

Tugadh isteach na chéad 11 bhus aon urláir i mbun seirbhíse i mBaile Átha Luain i mí Eanáir 2023 i ndiaidh 18 gunna luchtaithe nua agus bonneagar soláthair cumhachta gaolmhar ag Iosta Bhus Éireann Bhaile Átha Luain; is í seirbhís bus Bhaile Átha Luain an chéad sheirbhís bus le haistriú go hoibriúchán bus 100% saor ó astaíochtaí. Tugadh isteach na chéad bhusanna aon urláir i mbun seirbhíse i mBaile Átha Cliath ag tús mhí Dheireadh Fómhair 2023, agus cuireadh busanna nua leo i ndiaidh 56 gunna luchtaithe nua agus bonneagar soláthair cumhachta gaolmhar a choimisiúnú ag Iosta Bhus Átha Cliath Chnoc an tSamhraidh.

Bhí an-dul chun cinn déanta ar oibreacha ag deireadh na bliana 2023 ar chéad chéim na ngunnaí luchtaithe nua agus bonneagar gaolmhar ag Iosta Bhus Átha Cliath Bhaile Phib agus Iosta Bhus Éireann Bhaile an Róistigh. Nuair a chuirtear na céad chéimeanna seo i gcrích, beidh 110 gunna luchtaithe sa bhreis ar fáil, 184 ar an iomlán, a bheidh in ann oibriúchán 200 bus ceallra-leictreacha ar a laghad a thacú.

Taisteal Scoileanna Glasa

Oibríonn an Clár Taistil Scoileanna Glasa le scoileanna chun modhanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn ar an turas chun na scoile do scoláirí, baill foirne na scoile, agus tuismitheoirí. Reáchtáiltear an Clár ag An Taisce thar ceann an Údaráis.

In 2023, rinne Oifigigh Taistil Scoileanna Glasa 1,489 cuairt ar scoileanna agus rinne siad 157 iniúchadh ‘insiúltachta’ agus 13 iniúchadh ‘inrothaitheachta’, agus na bacainní atá ann agus daoine ag siúl agus ag rothaíocht chun na scoile. Cuireadh torthaí an iniúchta ar aghaidh faoi bhráid na n-Údarás Áitiúil cuí agus bhí páirt ag scoileanna torthaí a thuairisciú go háitiúil agus “saoránachta gníomhach” a chleachtadh agus iad ag dul i ngleic le fadhbanna.

Rothaíocht i gCeart agus Bonneagar Páirceála

Cuireadh maoiniú ar fáil do 273 scoil ar an iomlán le haghaidh bonneagar páirceála rothar Bhí 171 de na scoileanna seo ar an gclár Bealaí Sábháilte chun na Scoile agus bhí na 102 eile ar Chlár Taistil Scoileanna Glasa. Fuair 84 scoil páirceáil do scútair Bhí 56 de na scoileanna seo ar an gclár Bealaí Sábháilte chun na Scoile agus bhí na 28 eile ar Chlár Taistil Scoileanna Glasa.

Tugadh maoiniú do 6,012 scoláire as 179 scoil le haghaidh oiliúint rothaíochta i gceart in 2023. Meánscoileanna a bhí i dhá cheann de na 179 scoil.

Rinne Taisteal Scoileanna Glasa réimse leathan gníomhaíochtaí agus imeachtaí chun páistí scoile a spreagadh a bheith gníomhach agus iad ag dul ar scoil agus ina gceantair féin.

I measc Buaicphointí Áirithe in 2023, bhí;

- » Bronnadh Bratach Ghlas don Taisteal nó Taisteal Saoránachta Domhanda ar 181 scoil ar fud na hÉireann i mí Bealtaine.
- » Cheiliúir Taisteal Scoileanna Glasa ceithre phríomh-imeacht feachtas feasachta a mhair seachtain, lena n-áirítear Seachtain chun na Scoile ar do Scútar (Márta) le 1,140 scoláire ag dul ar a scútair ar Lá Náisiúnta SOW, Seachtain na Rothar (Bealtaine) le 4,129 scoláire ag rothaíocht ar Lá Náisiúnta Rothaíochta ar an gCéadaoin; Seachtain Siúil chun na Scoile i mí Dheireadh Fómhair agus Seachtain um Aer Glan i mí na Samhna.
- » I mí Feabhra, cheiliúir na Scoileanna Glasa a gcomórtas bliantúil, an Dúshlán Mór Taistil agus bhí siad sásta an searmanas bronnta a óstáil ag Zú Bhaile Átha Cliath do na scoileanna a bhuaigh. Bhí scoláirí ó Scoil Bhríde Chnoc na Mí mar bhuaiteoirí iomlána na ngradam “Scoil Taistil na Bliana” mar gheall ar a n-obair iontach maidir le siúl chun na scoile a chur chun cinn.
- » Bhronn an Clár Ambasadóra #AndSheCycles gradam ar an tríú grúpa scoláirí dá chuid as a n-obair ar an gclár agus chuir sé fáilte roimh caoga Ambasadóir nua ar an gclár.
- » Leanadh leis na Scoileanna Glasa tacaíocht a thabhairt don Líonra Bus Rothar le linn na bliana 2023, ag coinneáil busanna rothar nua agus reatha suas chun dáta maidir le forbairtí agus nuacht agus tacaíocht, comhairle agus acmhainní a thabhairt dóibh de réir mar is gá.

Scéimeanna Rothar Poiblí

Tá an scéim rothar réigiúnach á hoibriú ag an ÚNI ó bhí 2014 ann, le scéimeanna i gCorcaigh, Luimneach agus Gaillimh. D'imir Covid-19 tionchar suntasach ar úsáid rothar sna 3 shuíomh sin, agus tháinig sé chuige féin arís in 2023 le húsáid méadaithe i ngach suíomh.

I mí Iúil 2022, cuireadh Port Láirge leis an gcomharscém rothar. Cuireadh ceithre stáisiún nasctha déag agus 220 rothar go straitéiseach ar fud Chathair Phort Láirge, agus beagnach 20,000 rothar tógtha amach ar cíos in 2023, go mór chun tosaigh ar úsáid i nGaillimh agus Luimneach.

Ar an iomlán, rinneadh beagnach 185,000 turas ar Scéimeanna Rothar Poiblí in 2023, méadú 37% i gcomparáid le 2022.



Taisteal Níos Cliste TFI

Is clár náisiúnta um iompar a athrú é Taisteal Níos Cliste TFI a thacaíonn le hionaid oibre agus campais pleananna taistil ghníomhaigh inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do bhaill foirne agus mic léinn. Tá os cionn 250 comhpháirtí sa chlár ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha. Áirítear le príomh-thionscnaimh a rinneadh in 2023:

Comhartha um Thaisteal Níos Cliste

Mar cheann de Chlár Pathfinder de chuid an Rialtais, bronnann na gradaim Comhartha um Thaisteal Níos Cliste ionaid oibre agus campais a thacaíonn le taisteal gníomhach agus inbhuanaithe agus é a chur chun cinn, ar an timaistear agus níos faide anonn dá lucht saothair, do mhic léinn agus do chuariteoirí, agus úsáid gluaisteán ag daoine aonair á laghdú mar thoradh air sin. Tá tionscnaimh taistil inbhuanaithe a bhfuil an fostóir i gceannas orthu ríthábhachtach maidir le tionchar an spleáchais chomhchoitinn ar an ngluaisteán a laghdú mar mhodh taistil. Tá iarratas ar an gComhartha um Thaisteal níos Cliste ar oscailt do láithreacha oibre agus do champais de mhéid ar bith ó na hearnálacha príobháideacha nó poiblí. Ag deireadh na bliana 2023, bronnadh an Comhartha ar fiche naoi n-eagraíocht, agus an Roinn Iompair mar an gcéad ionad oibre chun an deimhniú a fháil.

Dúshlán na Céime

Spreag Mártatón agus Siúlóid Dheireadh Fómhair san fhómhar baill foirne agus scoláirí a modh iompair a athrú ó ghluaisteán príobháideach go dtí an siúl agus iad ag comaitéireacht nó a thuilleadh. Ghlac os cionn 7,700 ball foirne agus scoláire ó 105 comhpháirtithe Taistil Níos Cliste páirt i Siúlóid Dheireadh Fómhair, ag cur 1,532 foireann ar bun ar an iomlán. Thaispeáin aiseolas ó rannpháirtithe gur tháinig

méadú ar an méid a shiúil 50% d'fhreagróirí agus iad ag dul go dtí an obair nó coláiste le linn Shiúlóid Dheireadh Fómhair agus dúirt 48% dóibh go raibh sé ar intinn acu leanúint ar aghaidh leis an méid siúil a bhí á dhéanamh acu agus iad ag dul go dtí an obair nó an coláiste i ndiaidh Shiúlóid Dheireadh Fómhair. Ba iad na buaiteoirí ar an iomlán foirne ó Analog Devices, Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge agus Ollscoil Luimnigh.

Seachtain Náisiúnta na Rothar

Bhí Seachtain Náisiúnta na Rothar ar siúl ón Satharn 13 Bealtaine go dtí an Domhnach 21 Bealtaine 2023 agus comhordaíodh imeachtaí tríd na hÚdarás Áitiúla agus Comhpháirtithe Spórt Áitiúla. Chabhraigh na Scoileanna Glasa le roinnt Údarás Áitiúil le himeachtaí chomh maith lena n-imeachtaí scoile féin a reáchtáil le linn Sheachtain na Rothar. Rinneadh ionadaíocht do gach 31 údarás áitiúil le linn Sheachtain na Rothar. Uaslódáladh os cionn 970 imeacht ar shuíomh gréasáin Sheachtain na Rothar, lena n-áirítear Babhtaí Rothaíochta don Teaghlach, Babhtaí Rothaíochta do Ghrúpaí, Féilte Rothar, Paráidí Troitheán, Oiliúint ar Shábháilteacht ar Rothair, imeachtaí Rothar Cothromaíochta, Clinic Rothar, Babhtaí Rothaíochta na Cathrach ag Am Lóin, Babhtaí Rothaíochta Oidhreacht, imeachtaí Rothaíochta Scoile agus Ióga na Rothar.

Bealaí Sábháilte chun na Scoile

I mí Márta 2021, seoladh an clár Bealaí Sábháilte chun na Scoile ag an Roinn Iompair agus an ÚNI. Tá sé mar aidhm ag an gclár Bealaí Sábháilte chun na Scoile bealaí siúil agus rothaíochta níos sábháilte a chruthú laistigh de phobail, brú tráchta a laghdú ag geataí na scoile, agus líon na scoláirí a bhíonn ag siúl nó ag rothaíocht chun na scoile a ardú trí shaoráidí siúil agus rothaíochta a chur ar fáil. D'fhéadfadh ó chosán uasghrádaithe nó lána rothar nua go hiontráil na scoile a athchóiriú ina iomlán a bheith mar fheabhsúcháin nua ar an turas chun na scoile. Ag an dáta deiridh le haghaidh iarratas, d'iarr os cionn 900 Scoil ó gach contae in Éirinn ar pháirt a ghlacadh sa chlár nua. I ndiaidh measúnaithe, roghnaíodh 170 scoil chun páirt a ghlacadh i mBabhta 1 den chlár i mí Meithimh 2021. Faoi dheireadh na bliana 2023, cuireadh 47 Athchóiriú ar Thosaigh na Scoile de Bhabhta 1 i gcrích, agus 65 eile ag an gcéim deartha mionsonraithe nó ag céim na tógála. Seoladh Babhta 2, a raibh páirt ag 108 scoil ar fud na tíre ann, i mí na Nollag 2022, agus cuireadh suirbhéanna agus pleananna soláthair ar fáil le linn na bliana 2023.

Faoi dheireadh na bliana 2023, cuireadh páirceáil rothar ar fáil do 616 scoil mar chuid den chlár Bealaí Sábháilte chun na Scoile, agus 6,378 spás sa bhreis curtha ar fáil do rothair agus scútair in 2023.



6.

Custaiméir Chu



AN CUSTAIMÉIR AR DTÚS

1.2m

Cártaí Léime ceannaithe, rud a fhágann gurb í 2023 an bhliain is gnóthaí



4.5m

Cuairteanna ar leathanaigh ghréasáin TFI Beo agus Pleanáil



96%

Mhothaigh custaiméirí sábháilte ar bord seirbhísí iompair phoiblí



90%

Ráta sásaimh i measc custaiméirí Luas



820,000

Íoslódáil na haipe nua TFI



18,000

Ceisteanna custaiméirí arna láimhseáil ag an



78%

Méadú ar líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí Nasc Áitiúil TFI



Chuir an ÚNI clár suntasach tionscnamh ar fáil chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú in 2023, agus cuireadh tacaíocht ar fáil do gach ceann acu trí fheachtais chumarsáide a dearadh chun paisinéirí iompair phoiblí a chur ar an eolas agus a mhealladh. Tugann an ÚNI faoi shuirbhé bliantúil sástachta custaiméirí a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin an ÚNI. Taispeánann torthaí 2023 go raibh meon dearfach ag 83% d'fhreagróirí maidir le seirbhísí TFI agus 96% d'fhreagróirí ag mothú sábháilte ar bhord seirbhísí iompair phoiblí.

Maidir le gníomhaíochtaí a dhíríonn ar chustaiméirí, féach thíos buaicphointí na bpríomh-chláir agus tionscnaimh a rinneadh dul chun cinn orthu in 2023.


TFI Live

I mí Feabhra, sheol TFI aip nua darbh ainm “TFI Live”, a ligeann do phaisinéirí rochtain a fháil ar eolas fíor-ama maidir le himeachtaí ar fud líonra TFI agus eolas pleanála turais ar fud gach seirbhíse iompair phoiblí. Áirítear le príomh-ghnéithe na haipe; rochtain ar eolas imeachta fíor-ama le haghaidh seirbhísí Bus Éireann, Bus Átha Cliath, Go Ahead Ireland, Luas agus Iarnród Éireann, an cumas do stad tosaigh agus ceann scríbe a roghnú chun an bealach is fearr do do thuras a aimsiú, feidhmiúlacht d’amchláir agus léarscáileanna a chuardach agus rogha do thurais, imeachtaí agus amchláir is fearr a shábháil. Tacaíodh seoladh na haipe ag feachtas margaíochta a bhí ar siúl ar an raidió, fuaim dhigiteach, na meáin shóisialta, taispeántas digiteach, scáthláin bus agus ar spásanna oibritheora chun daoine a chur ar an eolas faoi agus chun íoslódálacha na haipe nua a spreagadh.

Cárta Leap TFI

In 2023, tháinig méadú 23% ar Dhíolacháin Chártaí Leap i gcomparáid le 2022, suas ó 951,522 go 1,170,505 - an figiúr is airde riamh - agus os cionn 28% níos airde ná 2019 (is é sin, roimh aimsir Covid). Faoi dheireadh na bliana 2023, eisíodh os cionn 7.4 milliún Cárta Leap ó seoladh scéim an Chárta Leap.

Fíor 4 - Staidreamh an Chárta Leap



⁶ Eisíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí pasanna saorthaistil.



Cárta/Suaitheantas Tabhair Suíochán Dom, Le Do Thoil

Cuireadh chun cinn an tionscnamh cárta agus suaitheantais ‘Tabhair Suíochán Dom, Le Do Thoil’ ag ÚNI i mí Iúil. Díríodh ar theachtaireacht an fheachtais ‘Ní Gá É a Mhíniú’ chun deis a thabhairt do phaisinéirí faoi mhíchumas dofheicthe nó tinneas ceilte orthu a riachtanach ar shuíochán a chur in iúl go discréideach le húsáid a bhaint as suaitheantas nó cárta TFI ‘Tabhair Suíochán Dom, Le Do Thoil’. Is féidir an suaitheantas/cárta Tabhair Suíochán Dom, Le Do Thoil a bhailiú saor in



aisce ag príomh-mhoil iompair phoiblí. Áiríodh leis an bhfeachtas fógraí físe ar raon asraonta meán ar líne, taispeáint dhigiteach, na meáin shóisialta, spás oibreora agus scáthlín bus.

Feachtas Tosaíochta do Spásanna Chathaoireacha Rothaí

Bhí TFI ina pháirtí ag Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA) agus Madraí Treorach do na Daill in Éirinn (IGDB) chun daoine a chur ar an eolas don Fheachtas “Spás Tosaíochta do Chathaoireacha Rothaí”. Ba é cuspóir an fheachtais ná daoine a chur ar an eolas go bhfuil tús áite ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí ar bhusanna, traenacha agus tramanna. Reáchtáil an feachtas ar YouTube, físeán cláir ar éileamh, na meáin shóisialta, scáthlín bus agus spás oibrítheora.





Mé a Ullmhú Mar Atáim don Iompar Poiblí

D'oibrigh an ÚNI le As I Am chun réimse físeán, pictiúr agus cásanna faidhbe a chur ar fáil chun daoine a bhfuil Uathachas orthu a thacú agus iad ag taisteal ar bhus, traein nó tram.

Meas ar Bhail Foirne

I mí na Samhna, reáchtáil an ÚNI a fheachtas 'Meas ar Bhail Foirne', ag spreagadh paisinéirí meas a bheith acu ar thiománaithe agus bail foirne iompair phoiblí. I measc na meáin don fheachtas seo, bhí fuaim dhigiteach, na meáin shóisialta, taispeántas cláir, spás oibritheora agus scáthláin bus.



Nasc áitiúil TFI

In 2023, d'iompaigh seirbhísí bus rialta Nasc Áitiúil TFI 3.2 milliún paisinéir, méadú 78% ar na turais 1.8 milliún paisinéir in 2022. Chabhraigh roinnt feachtas agus seoltaí leis an bhfás seo a chur chun cinn. Tá roinnt acu curtha in iúl thíos:

- » **An Feachtas 'Cúram Thar Dualgas'**
- » **Éire a Nascadh**
- » **Feachtas ó Dhoras go Doras**
- » **Feachtas Seirbhísí Iarnóna agus Deireadh Seachtaine.**

Suíomhanna Gréasáin an ÚNI

Ar fud 4 shuíomh gréasáin an ÚNI, chonacthas in 2023 méadú 71% ar chuaipteanna leathanaigh i gcomparáid le 2022.



Méadú 71% ar an mbliain roimhe sin

⁷ www.transportforireland.ie, www.leapcard.ie, www.nationaltransport.ie, www.busconnects.ie

Teagmháil Custaiméara

In 2023, lean leis an bhfoireann Teagmhála Custaiméara paisinéirí a threorú agus a thacú le húsáid a bhaint as meascán d'fhreagraí cur chun cinn féin-fhreastail, a spreag úsáid Journey Planner, TFI Live App, naisc Amchlár agus leathanaigh Téigh i dTeagmháil linn ar ár n-ardáin ar líne agus tacaíocht dhíreach á cur ar fáil chomh maith de réir mar is gá. Bhain gnáth-réimsí fiosrúcháin agus/nó gearán in 2023 le:

- » Sceidealú: Saincheisteanna le bealaí nua, moltaí do sheirbhísí nua/aiseolas ar bhealaí agus amchláir reatha
- » Saincheisteanna a bhaineann leis an tSeirbhís: Eolas Fíor-ama do Phaisinéirí, poncúlacht agus iontaofacht
- » Saincheisteanna a bhaineann leis an Oibritheoir: Fadhbanna tiomána agus caidreamh tiománaí/paisinéara.

Ionad Teagmhála Comhdhlúite

Is í aidhm thionscadal an Ionaid Teagmhála Comhdhlúite mol teagmhála láraithe a bhunú, a ligfidh do chustaiméirí a gceisteanna maidir le réimse seirbhísí iompair phoiblí a chur trí fhoinse aonair.

I measc príomh-éachtaí 2023, bhí faomhadh an Cháis Ghnó Deiridh don tionscadal ag Bord an ÚNI agus bronnadh agus slógadh an phríomh-chonartha.

Bánna / Stadanna Bus atá Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí

Le linn na bliana 2023, cuireadh tógáil i gcrích ar 10 stad bus inrochtana, lena n-áirítear áiteanna in Uíbh Fháilí, an Mhí agus Corcaigh. Rinne an ÚNI iniúchtaí ar bhailte le daonra os cionn 1,000 duine chun clár oibreacha do chéad chéim eile an chláir a aithint.

Tógadh bánna bus inrochtana do chathaoireacha rothaí agus uasghrádú ar cheantar máguaird na stáisiún bus lasmuigh i stáisiún bus Chill Chainnigh agus an Mhuillinn Chearr agus cuireadh tús le tógáil ag Corcaigh agus Inis.

Stáisiún Bus

D'fhaomh Bord an ÚNI Tuarascáil Measúnaithe Straitéiseach an chláir Stáisiún Bus in 2023. Faomhadh an Cás Gnó Cláir chomh maith, faoi réir athruithe a bhfuil Bus Éireann ag dul i ngleic leo i gcás gnó athbhreithnithe le cur faoi bhráid an ÚNI in 2024.

Stáisiún Iarnróid

Osclaíodh ardaitheoirí agus droichid inrochtana do chathaoireacha rothaí don phobal ag stáisiún Bhaile Mhic Gormáin, Co. na Mí agus Deilginis, Co. Bhaile Átha Cliath go luath in 2023. Cuireadh tógáil ardaitheoirí agus droichid inrochtana i gcrích ag stáisiún an Oileáin Bhig agus cuireadh tús le tógáil ag Bántír i gCo. Chorcaí.

Fuair Iarnród Éireann toilithe pleanála le haghaidh oibreacha inrochtaineachta ag Ráth Droma, Baile Átha Í, Mainistir na Búille, Clár Chlainne Mhuiris agus an Ráth Mhór in 2023. Tá cás gnó á ullmhú ag Iarnród Éireann faoi láthair chun gach stáisiún ina chlár reatha a thabhairt chuig caighdeán inrochtaineachta reatha.

Treoionad Vision Ireland

Tá ionad oiliúna iompair á fhorbairt ag Vision Ireland (NCBI roimhe seo ar Bhóthar Gharraithe na Lus i mBaile Átha Cliath. Tá an ÚNI ag maoiniú an tionscadail seo i bpáirt agus cuireadh i gcrích é den chuid is mó in 2023 agus tá sé le hoscailt don phobal in 2024.

Ionad Teagmhála Comhdhlúite

Is í aidhm thionscadal an Ionaid Teagmhála Comhdhlúite mol teagmhála láraithe a bhunú, a ligfidh do chustaiméirí a gceisteanna maidir le réimse seirbhísí iompair phoiblí a chur trí fhoinse aonair.

I measc príomh-éachtaí 2023, bhí faomhadh an Cháis Ghnó Deiridh don tionscadal ag Bord an ÚNI agus bronnadh agus slógadh an phríomh-chonartha.

7.

Geallsealbhóir Idirchaidream



RANNPHÁIRTÍOCHT PÁIRTÍ LEASMHAR

4,029

Aighneachtaí déanta chuig comhairliúcháin phoiblí ÚNI



103

Preaseisiúintí agus Míreanna Nuachta
*faisnéis arna seoladh chuig na meáin agus arna postáil ar ár suíomh Gréasáin



3,037

Ceisteanna agus fiosruithe ó Ionadaithe Poiblí, Ranna agus Údaráis Áitiúla



2,257

Freagra Oifigiúil chuig Ionadaithe Poiblí



152

Tuarascálacha, straitéisí agus tograí foilsithe



7

bhfeidhm ÚNI os comhair Coistí Oireachtais



Téann an ÚNI i dteagmháil le roinnt páirtithe leasmhara agus bliain ghnóthach a bhí sa bhliain 2023 maidir leis sin. Sa chuid seo, leagtar amach sonraí maidir le méid Rannpháirtíocht an Pháirtí Leasmhar ag an Údarás.

Rannpháirtíocht Páirtí Leasmhar in Uimhreacha

An Grúpa Comhairleach le haghaidh Úsáideoir Iompair (GCÚI)

Grúpa Comhairleach le haghaidh Úsáideoir Iompair (GCÚI) de chuid an ÚNI a bunaíodh i mí Feabhra 2022. Tháinig GCÚI le chéile faoi cheathair in 2023, uair amháin ag Oifigí an ÚNI. Tháinig an Grúpa GCÚI le chéile chun breathnú ar na busanna leictreacha a ceannaíodh le déanaí agus samhail d'Fhlít DART+ agus aiseolas a chur ar fáil ina leith.

Is é ról an ghrúpa tráchtairacht agus aiseolas a chur ar fáil ar tionscadail, cláir, ceannacháin agus dearáí a mholann an ÚNI.

I measc GCÚI, tá ionadaithe ó roinnt úsáideoirí an chórais iompair phoiblí agus an bhonneagair taistil ghníomhaigh go náisiúnta. Cuireann an rannpháirtíocht seo réimse leathan tuairimí ar fáil don ÚNI ó úsáideoirí seirbhísí agus páirtithe leasmhara.

Saoráil Faisnéise (SF), Rochtain ar Fhaisnéis faoin Timpeallacht (RFT), agus Athúsáid Faisnéise na hEarnála Poiblí (AFEP)

Bhí 189 iarratas SF agus RFC an iomlán in 2023, figiúr a bhí 12% níos airde ná 2022. As na 189 iarratas, bhí 173 acu faoin Acht SF, 16 iarratas faoi na rialacháin RFC.

In 2023, iarraidh ar 7 n-iarratas inmheánach ar an iomlán (4 SF, 3 RFC). Athraíodh ceithre chinneadh, dearbhaíodh dhá chinneadh agus bhí cinneadh amháin faoi Alt 38 an phróiseas comhairliúcháin agus dá bhrí sin, níorbh fhéidir an t-athbhreithniú inmheánach a phróiseáil.

Rinne iarrthóirí achomharc ar 1 chinneadh SF chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus rinneadh achomharc ar 2 chinneadh RFT chuig Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Foilsímid ár logaí um Shaoráil Faisnéise/RFC Nochta ar ár suíomh Gréasáin a sholáthraíonn tuilleadh sonraí, lena n-áirítear cinntí ar iarratais SF/RFC arna n-eisiúint ag ÚNI.

Comhairliúcháin

Bhí 6 chomhairliúchán poiblí in 2023:

Comhairliúchán	Dáta Oscailte	Dáta Dúnaidh
BusConnects Luimnigh	22 Feabhra 2023	7 Aibreán 2023
Conairí Iompair Inbhuanaithe BusConnects Chorcaí - Babhta 2 de Chomhairliúchán Poiblí maidir le Roghanna Bealaigh Tosaíochta	30 Márta 2023	26 Bealtaine 2023
Dréacht-Líonra Bus Nua BusConnects na Gaillimhe	24 Aibreán 2023	2 Meitheamh 2023
Conarthaí Dámhachtana Díri 2024	9 Deireadh Fómhair 2023	27 Deireadh Fómhair 2023
Moladh um Leasú Bhealach 243	30 Deireadh Fómhair 2023	27 Samhain 2023
Conairí Iompair Inbhuanaithe BusConnects Chorcaí - Babhta 3 de Chomhairliúchán Poiblí maidir le Roghanna Bealaigh Tosaíochta	6 Samhain 2023	18 Nollaig 2023

Cruinnithe leis na Pobail Áitiúla

Reáchtáil agus d'fhreastail an ÚNI ar roinnt imeachtaí sa phobal áitiúil maidir lena phleananna don iompar poiblí. Cuireadh iad sin ar fáil trí mheascán d'imeachtaí eolais phoiblí, seimineáir ghréasáin agus cruinnithe fóraim pobail a bhaineann leis na tionscadail seo a leanas:

- » Babhtaí 2 agus 3 de na comhairliúcháin phoiblí maidir le Conairí Iompair Inbhuanaithe (Cilanna) BusConnects Chorcaí
- » Athdhearadh Líonra na Gaillimhe BusConnects
- » Athdhearadh Líonra Luimnigh BusConnects

15 mhír nua foilsithe
Tugadh faoi 42
imeacht meán cumarsáide
88 preaseisiúint eisithe



Preasoifig/ Na Meáin

D'fhoilsigh an ÚNI 15 earra nua, d'eisigh sé 88 préasráiteas agus rinne sé 42 ócáid na meán in 2023.

Foilseacháin

D'fhoilsigh an ÚNI 152 ar a shuíomh gréasáin agus



cáipéis ar an iomlán in 2023 tairseach Comhairliúchán Poiblí.


Aonad Idirchaidrimh an Oireachtais

Tá feidhm Idirchaidrimh an Oireachtais freagrach as gach ceist a fhaightear ó ionadaithe tofa, ón Roinn Iompair agus ó Údaráis Áitiúla a bhainistiú, a chomhordú agus a fhreagairt. Chonacthas fás suntasach de 31% in 2023 i gcomparáid le 2022 maidir le líon na gcásanna a próiseáladh.

Fuair Aonad Idirchaidrimh an Oireachtais 3,037 ceist in 2023, lena n-áirítear 925 Ceist Parlaiminte;

Iomlán na gCásanna Idirchaidrimh Oireachtais 2017 - 2023

Fíor 5 - Cásanna Idirchaidrimh Oireachtais 2017 - 2023



Coistí an Oireachtais

Ionadaí/Ionadaithe ÚNI	Dáta	Teagmhas
POF	31/01/2023	An Comhchoiste um Dhlí agus Cirt
POF; Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Phoiblí; Bainisteoir Nasc Áitiúil	10/05/2023	An Comhchoiste um Choimirce Shóisialta, Pobal agus Forbairt Tuaithe agus na hOileáin
POF; Leas-POF	26/09/2023	An Comhchoiste um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht
POF; Leas-POF	27/09/2023	An Comhchoiste um Chúrsaí Míchumais
POF; Leas-POF	24/10/2023	An Comhchoiste um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht
POF; Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Phoiblí	28/11/2023	An Comhchoiste um Iompar agus Cumarsáid
Cathaoirleach	06/12/2023	An Comhchoiste um Iompar agus Cumarsáid

8.

Bonneagar iompair



TRANSPORT INFRASTRUCTURE

845
Scáthlán bus ar fud na tíre arna gcumhachtú ag painéil ghréine faoi dheireadh 2023



91
ciliméadar de bhonneagar nua Taisteal Gníomhach do chathair Chorcaí faoi chomhairliúchán poiblí



1,173
Suiteáladh cuailí stadanna bus TFI-brandáilte nua ar fud na tíre le faisnéis fheabhsaithe do chustaiméirí



185
carráiste DART+ á dtógáil

€341m

Leithdháilte ar údaráis áitiúla ar fud na tíre do thionscadail Taistil Gníomhach



502
tionscadal Taisteal Gníomhach maoinithe



Lean leis an ÚNI ag infheistiú i dtionscadail bonneagair iompair ar fud an stáit. Tugtar breac-chuntas ar chuid de na príomhchláir agus de na tionscadail sa chuid seo.

Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile

Tabharfar isteach oibriúchán gan airgead tirim ar gach bus, chun na moilleanna mar gheall ar íocaíochtaí airgid thirim a bhaint agus chun eispéireas an phaisinéara a fheabhsú. Tabharfaidh BusConnects na forbairtí is déanaí isteach maidir le teicneolaíocht ticéadaithe bunaithe ar chuntas, lena n-áirítear cártaí creidmheasa / dochair nó fóin phóca a úsáid le híoc.

Le linn na bliana 2023, dhírigh an tionscadal ar ullmhúchán agus ullmhacht chur i bhfeidhm amach anseo agus céimeanna oibríochtúla, chuir sé an soláthar leanúnach chun cinn agus d'ullmhaigh sé cás gnó deiridh chun an gradam conartha amach anseo a thacú. Táthar ag súil go gcuirtear an chéim tairisceana i gcrích go luath in 2024.

BusConnects Bhaile Átha Cliath - Conairí Bus Lárnacha

Cuimsítear i dtionscadal na gConairí Bus Lárnacha Bhaile Átha Cliath soláthar thart ar 230km de láná bus ainmnithe agus 200km de raonta rothar, atá á bhforbairt mar 12 scéim ar leith. Le linn 2023, rinne clár BusConnects Bhaile Átha Cliath dul chun cinn suntasach. Áirítear le príomh-éachtaí bealaí bus nua agus busanna go hiomlán leictreach a thabhairt isteach, chomh maith le planáil chuimsitheach le haghaidh córas ticéadaithe nua, agus dearbhú toilithe planála do na chéad 12 chonair bus nua. Cuirtear in iúl thíos buaicphointí ó thionscadail ábhartha BusConnects Bhaile Átha Cliath.

Ag cur le dul chun cinn a rinneadh in 2022, in 2023, cuireadh isteach na 6 (as 12) iarratas reachtúla a bhí fágtha faoi bhráid an Bhoird Pleanála le faomhadh, le tógáil faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre. I mí na Nollag 2023, chuir An Bord Pleanála faomhadh planála ar fáil do Scéim Ghleann na Life go Lár na Cathrach.

Chomh maith leis sin, mar chuid d'oibreacha bonneagair, i mí Feabhra 2023, osclaíodh Plás Bus Ghleann na Life, ag cur saoráidí ar ardchaighdeán ar fáil chun seirbhísí a thacú a théann ó Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life agus a fhreastalaíonn ar na ceantair máguaird agus Lár na Cathrach.

BusConnects Chorcaí - Conairí Iompair Inbhuanaithe

Cuirfidh Conair Iompair Inbhuanaithe Chorcaí thart ar 91km de láná bus nua agus tosaíocht bus ar fáil chomh maith le 98km de shaoráidí rothaíochta agus beidh taisteal ar bhusanna agus taisteal gníomhach ina rogha taistil níos tarraingtí mar thoradh air sin agus déanfar astaíochtaí carbóin agus plódú tráchta a laghdú ag an am céanna.

Cuireadh i gcrích in 2023 an dara agus an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí maidir le roghanna bealaí tosaíochta le haghaidh aon chonair iompair inbhuanaithe déag. Déanfar forbairt bhreise ar na dearáí don scéim agus ullmhófar iarratais ar thoiliú reachtúil don Bhord Pleanála, lena n-áirítear measúnacht iompair agus measúnacht tionchair timpeallachta.

Clár DART+

Is clár claochlaitheach tionscadal é an Clár DART+ agus tá sé mar aidhm aige seirbhísí iarnróid atá ann cheana a nuachóiriú agus a fheabhsú i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath (MLBÁC). Cuirfidh seirbhís iarnróid inbhuanaithe, iontaofa agus níos rialta ar fáil a chuireann feabhas ar thoilleadh agus a leictríonn na conairí iarnróid a fhreastalaíonn ar Bhaile Átha Cliath. Rinneadh dul chun cinn breise ar phleanáil agus dearadh gach gné den Chlár DART+ in 2023. Áirítear leis an gClár DART+:

- » Tá an tionscadal DART+ Thoir a chuimsíonn saoráid iosta nua chun freastal ar an bhFlít nua DART, faoi bhráid an Bhoird Pleanála le cinneadh a dhéanamh air.
- » Cuireadh an t-iarratas ar Ordú Iarnróid DART+ Thiar Theas faoi bhráid An Bord Pleanála i mí Márta 2023.
- » Tionscadal DART+ Thuaidh Cois Cósta Cuireadh Cás Gnó Tosaigh DART+ isteach le faomhadh i mí na Nollag 2023 chun ligean do chur isteach an Ordaithe Iarnróid.
- » Flít DART+. Cuireadh tús leis an déantúsaíocht i mí Dheireadh Fómhair 2023. Cuireadh tús le hoibreacha in 2023 chun bonneagar luchtaithe ceallra a shuiteáil i nDroichead Átha.

Clár Iarnróid Comaitéireachta Limistéir Chorcaí

Is clár claochlaitheach feabhsúcháin iarnróid é clár Iarnród Comaitéireachta Limistéir Chorcaí do Líonra Iarnróid Chorcaí. Cuirfidh sé toilleadh agus minicíocht traenach méadaithe ar fáil, ag soláthar do phobail níos ceangailte agus líonra iompair atá níos inbhuanaithe. Léiríonn an clár an infheistíocht is mó riamh i Líonra Iarnróid Chorcaí.

Cuimsítear sa chlár forbairtí agus feabhsúcháin ar an líonra iarnróid ó Mhala go trí Chorcaigh go dtí an Cóbh agus Mainistir na Corann agus áireofar leis soláthar bonneagair iarnróid nua, leictriúchán, agus athchomharthaíocht thar na 3 phríomh-líne - Mala, an Cóbh agus an Gleanntán go Mainistir na Corann.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar Chlár Iarnróid Comaitéireachta Limistéir Chorcaí trí roinnt tionscadal ar leith, ach atá gaolmhar. Chonacthas in 2023 conarthaí tógála bronnta le haghaidh tré-ardán nua ag Stáisiún an Cheanntaigh agus le haghaidh athchomharthaíocht a dhéanamh ar an líonra. Chomh maith leis sin, cheadaigh An Bord Pleanála Ordú Iarnróid le haghaidh déráillrianú na líne ón nGleanntán go Mainistir na Corann agus eisíodh conradh le haghaidh Creat Seirbhísí Sainchomhairleoireachta Ildisciplíneach chun tacú le gnéithe an chlár seo atá fágtha chuig an margadh.

Stáisiún Iarnróid

Is príomh-nód iompair é Acomhal Stáisiún Cholbaird i Réigiún an Iarthair Láir de chuid na hÉireann. Is éard atá i gceist leis an tionscadal seo saoráid acomhail nua agus feabhsaithe a fhorbairt ag an stáisiún. Cuireadh tús le hoibreacha in 2022 agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar na hoibreacha in 2023 agus an t-acomhal nua le hoscailt don phobal go luath in 2024.



Tionscadal Uasgrádaithe Stáisiún an Cheanntaigh

Is príomh-thairseach iompair é Stáisiún an Cheanntaigh chuig Cathair na Gaillimhe agus réigiún níos leithne iarthar na hÉireann. Léireoidh an tionscadal seo infheistíocht mhór sa stáisiún. Déanfar díon an halla traenach reatha a athchóiriú chun na hardáin a athrú ina spásanna geala agus fáilteacha, chomh maith le tógáil ardán nua, iontráil nua ó dheas agus saoráidí nua-aimseartha do chustaiméirí.

In 2023, faomhadh Cás Gnó Deiridh an tionscadail agus síníodh an príomhchonradh oibreacha.



Stáisiún Shruthán na Coille

Is príomh-mhol nascachta iompair é Stáisiún Shruthán na Coille i mBaile Átha Cliath a thacóidh le forbairt inbhuanaithe cheantar Shruthán na Coille-Sheangánaí, atá gar don líne DART atá ann cheana. Is éard atá i gceist leis an tionscadal ná stáisiún iarnróid throm a thógáil ar Líne Iarnróid an Chósta Thoir idir Seanchill agus Bré, a bhfreastalóidh seirbhísí DART air. Faomhadh an Cás Gnó Deiridh in 2023, agus síniú an phríomh-chonartha oibreacha ina dhiaidh sin. Cuireadh tús le hoibreacha ar an láthair in 2023 agus leanfaidh siad ar aghaidh le linn na bliana 2024.



MetroLink

Is éard atá i gceist leis an gClár MetroLink ná conair iarnróid éadroim scartha le hacmhainn ard agus ardmhínicíocht ó Charlemont go Sord, trí Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Comhtháthaíonn an Clár MetroLink leis an iarnród, bus agus an Luas chun córas iompair phoiblí go hiomlán comhtháite a chur ar fáil i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Tá an conair i dtollán den chuid is mó agus áirítear leis 16 stáisiún nua, 11 díobh atá faoi thalamh agus saoráid páirceála agus taistil.

Cuireadh isteach cáipéisíocht an Ordaithe Iarnróid don Chlár faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Mheán Fómhair 2022 agus cuireadh comhairliúchán poiblí i gcrích go luath in 2023;

Pleanáil agus dearadh an Chláir MetroLink a forbraíodh le linn na bliana 2023. Bunaíodh caidreamh le Comhpháirtí Cliant chun cabhrú le forbairt bhreise na riachtanas cláir chun ullmhú don chéim conartha.



Luas Fhionnghlaise

Is síneadh 3.9km é Luas Fhionnghlaise ar an Líne Ghlas Luas ó Dhroichead Broome go Baile Shéarlais trí Fhionnghlas, le saoráid Páirceála agus Taistil 350 spás suite díreach ar thaobh an M50 ag Bóthar San Maighréad. Tá an t-ailíniú easbhóthair go príomha agus tá sé scartha ó thrácht, ag cur seirbhís iompair phoiblí den chéad scoth ar fáil. I mbliain na hoscailte, soláthróidh Luas Fhionnghlaise do thram i ngach treo gach 7.5 nóiméad le linn buaic-amanna le haga turais thart ar 30

nóiméad ó Bhaile Shéarlais go Coláiste na Tríonóide.

Le linn na bliana 2023, rinneadh dul chun cinn ar an tionscadal trí dhearadh tosaigh, lena n-áirítear meastachán costais tosaigh a chur i gcrích. Tugadh an Cás Gnó Tosaigh chun críche agus eisíodh é chuig an Roinn Iompair i mí Lúnasa 2023. Chomh maith leis sin, agus mar ullmhúchán don iarratas ar Ordú Iarnróid atá le teacht, rinneadh dul chun cinn ar an dearadh tosaigh chuig dearadh tagartha agus cuireadh tús le caibidlí Tuarascála ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (TMTT) a ullmhú.

Luas Chorcaí

Leanadh le hobair in 2023 maidir le roghanna a fhorbairt maidir leis an mBealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn do Luas Chorcaí agus tá comhairliúchán poiblí neamhrechtúil beartaithe do 2024.

Scáthláin Bus agus Stadanna Bus

Lean leis an ÚNI ag obair go dlúth le hÚdaráis Áitiúla chun cead a fháil agus scáthláin bus agus stadanna bus a chur isteach le linn 2023.

Scáthláin Bus

Le linn na bliana 2023, shuiteáil an ÚNI 134 gnáth-scáthlán bus nua ar fud na tíre. Chomh maith leis sin, chuir an ÚNI le tionscadal reatha chun réitigh soilsihe grianchumhachtaithe taobh amuigh a chur ar fáil ag scáthláin bus, áiteanna nach raibh soilsiú ar fáil mar gheall ar fhadhbanna soláthair cumhachta. Faoi dheireadh na bliana 2023, bhí paineíl ghréine in thart ar 845 as 896 áiteanna scáthláin a aithníodh chun soilsiú taobh amuigh a shoilsiú.


Stadanna Bus

Tá os cionn 17,000 stad bus ar fud na tíre agus tá clár ar siúl anois chun bonneagar feabhsaithe agus eolas taistil a chur ar fáil ag gach ceann acu. Leanadh le huasghráduithe ar bhonneagar stadanna bus agus eolas taistil ar fud na tíre le linn na bliana 2023 agus áirítear leis na príomh-bhuaicphointí seo a leanas:

- » Suiteáladh cuailí le lógó TFI orthu ag os cionn 1,173 stad bus ar fud na tíre, agus go leor acu ag baint leas as limistéir feithimh paisinéara agus colbha nua.
- » Cuireadh obair tógála i gcrích chun tacú le tabhairt isteach na gCuarbhealaí Thiar (W4 agus W6) agus na gCuarbhealaí Theas le haghaidh Athdhearadh Líonra Bhus Átha Cliath; tá an dá bhealach ag oibriú anois.
- » Rinneadh dul chun cinn ar oibreacha tógála le haghaidh tabhairt isteach na Cnámhe Droma F faoi chlár BusConnects Bhaile Átha Cliath go luath in 2025. Chuimsigh an tionscnamh feabhsúchán 15 stad bus, le limistéir feithimh uasghrádaithe do phaisinéirí agus colbha feabhsaithe.
- » Cuireadh tairiscint isteach in 2023 ar 590 uasghrádú eile ar stadanna bus, lena n-áirítear suiteálacha cuailí agus ballaí cruasheasta agus cuirfear tús leis an tógáil go luath in 2024. Clúdóidh siad sin áiteanna ar nós Baile Átha Cliath

agus MLBÁC (Cnámh Droma E, Cnámh Droma F agus Bealach O de chuid BusConnects Bhaile Átha Cliath), Lú, an Mhí, an Cabhán, agus Longfort.

- » Suiteáladh bonneagar stad bus nua le seoladh seirbhísí bus Pháirc an Fhionnuisce, Conair Comaitéireachta Thoir, Cluain Meala agus baile Cheatharlach.
- » Eolas taistil feabhsaithe curtha ar taispeáint ag os cionn 3,300 stad ar fud na tíre.
- » Deisiúcháin éigeandála a cuireadh i gcrích ag 632 stad bus.
- » Rinneadh os cionn 2,000 stad bus a ghlanadh agus cothabháil déanta orthu go míosúil trí Chomhaontuithe Leibhéil Seirbhísí (SLA) le Bus Éireann agus Bus Átha Cliath.
- » Rinneadh roinnt measúnuithe ar shuíomhanna stadanna ar an láthair le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí chun dul chun cinn a dhéanamh ar chéimeanna Athdheartha Líonra BusConnects amach anseo.



Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an ÚNI maidir le feabhsúcháin ar bhonneagar a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ag stadanna bus ar fud na tíre. Leis na feabhsúcháin ar stadanna bus, tá eolas níos fearr á chur ar fáil d'úsáideoirí iompair, suíomhanna soiléire maidir leis an áit ina mbeidh an bus ag stopadh agus inrochtaineacht níos fearr a chur ar fáil.

Taisteal Gníomach



Is é an ÚNI an tÚdarás Faofa le haghaidh tionscadail taistil atá á chur i bhfeidhm ag Údarás Áitiúla tríd an Stát go léir, le maoiniú dírithe go príomh ar thionscadail Taistil Ghníomhaigh a chuireann feabhas ar shaoráidí dóibh siúd a bhíonn ag siúl, ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ag rothaíocht. Feictear an Taisteal Gníomach mar chomhpháirt chriticiúil Phlean Gníomhaithe na hÉireann ar son na hAeráide, le méadú 50% ar thurais taistil ghníomhaigh laethúla atá ag teastáil faoi 2030. Chun é sin a éascú, tháinig méadú ar mhaoiniú an ÚNI ó €34 milliún in aghaidh na bliana ar an meán, idir 2015 agus 2019, go €341 milliún in 2023, le beagnach €1 billiún infheistithe i mbonneagar inbhuanaithe idir 2020 agus 2023. Táthar ag súil go leanfar leis an méadú seo ar an maoiniú isteach in 2024 le hos cionn €290 milliún leithdháilte do thionscadail taistil ghníomhaigh atá maoinithe ag an ÚNI, agus an leibhéal maoinithe seo tiomanta go dtí an bhliain 2025.

Cloch mhíle suntasach in 2023 a bhí i críochnú an uasghrádaithe ar an Lámhleabhar Deartha Rothaíochta (LDR) a foilsíodh i mí Mheán Fómhair. Baineann an LDR leas as an eispéireas bonneagar rothaíochta a chur ar fáil ar fud na hÉireann le deich mbliana anuas, chomh maith le bheith ag foghlaim ón ndea-chleachtas, agus tá sé treoraithe ag an riachtanas saoráidí rothaíochta sábháilte a chur ar fáil do sheandaoine agus daoine óga ar gach leibhéal cumais. Cabhróidh an treoir nua le bonneagar taistil ghníomhaigh den chéad scoth a chur ar fáil sna blianta atá amach romhainn.

Clár Deontais an Taistil Ghníomhaigh

Spreagann an Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus beartais eile an Rialtais aistriú córa iompair, nuair is féidir, ó úsáid gluaisteáin phríobháidigh agus i dtreo modhanna iompair níos inbhuanaithe ar nó an siúl agus an rothaíocht. Maoiníonn an Clár Deontas



Taistil Ghníomhaigh tionscadail a thacaíonn le bealaí straitéiseacha coisithe agus rothaithe, rochtain ar scoileanna, naisc tréscailteachta, glasbhealaí uirbeacha agus roinnt mion-tionscadal feabhsúcháin ar an iompar poiblí.

Chlúdaigh maoiniú 2023 os cionn 1,000 tionscadal Taistil Ghníomhaigh, a chuirfidh leis an sprioc a bhaint amach 1,000km bonneagar siúil agus rothaíochta nua agus feabhsaithe ar fud na tíre faoi dheireadh na bliana 2025.

Caiteachas Taistil Ghníomhaigh

B'ionann an caiteachas ar thionscadail Taistil Ghníomhaigh ag Údaráis Áitiúla, agus eagraíochtaí maoinithe eile, in 2023 agus €341 milliún.

9.

Rialacháin Iompair



TRANSPORT REGULATION



19,784

SPSV ceadúnaithe ag deireadh 2023



1,999

ceadúnas tiomána SPSV
eisihte in 2023



7,298

Tástáil Iontrála
Tiomána SPSV glactha



1,782

Fiosrúcháin ó chustaiméirí
láimhseálte

€40,000

Le córas nua um cheadúnú
tiománaithe SPSV ar líne a



€15m

Chun an flít SPSV a
uasghrádú go feithiclí



Timpeallacht Rialála agus Comhlíonta

Laistigh den timpeallacht rialála agus comhlíonta, tá a tÚdarás freagrach as:

- » an creat rialála agus an réimeas comhlíonta a fhorbairt do na Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (SPSV) agus earnálacha bus tráchtála chun cáilíocht, sábháilteacht agus inrochtaineacht na seirbhísí a fheabhsú;
- » ag cinntiú comhlíonadh oibrítheoirí le rialacháin reachtúla sna hearnálacha SPSV, bus tráchtála agus clampála feithiclí;
- » ag cinntiú go bhfuil na córais ceadúnaithe rialála agus achomharc atá i bhfeidhm sna hearnálacha seo éifeachtach agus cothrom d'oibrítheoirí agus achomharcóirí; agus
- » cur i bhfeidhm reachtaíocht Chearta Paisinéirí an AE maidir le taisteal muirí, iarnróid agus bus/cóiste mar an gComhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe d'Éirinn

Earnáil na mBeagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (SPSV)

Soláthar Feithiclí 2023


Ag tús 2023, bhí dúshlán throma fós ann d'oibrítheoirí SPSV nua agus reatha maidir le gnáthfheithiclí nua leictreacha agus inrochtana do chathaoireacha rothaí, chomh maith le margadh feithicle athlámhe lag, le haghaidh ceadúnaithe SPSV. Bhí an fhéidearthacht leis sin bac a chur ar uimhreacha ceadúnais SPSV roimh Covid, chomh maith le tionchar a imirt ar cháilíocht agus inbhuanaitheacht an fhlí. Tháinig na dúshlán seo ó mheascán den Bhreathimeacht, oidhreacht na paidéime Covid agus an géarchéim infhaighteachta maidir le fuinneamh domhanda, lóistíocht agus codanna feithiclí a bhaineann le corraíl gheopholaitíochta agus triomaigh na hEorpa. Ar bhealach dearfach, tháinig laghdú ar an imní sin laistigh de chéad chuid den bhliain agus tháinig an t-éileamh ar sheirbhísí SPSV ar ais, ag cur feabhas ar chumas tuillimh d'oibrítheoirí. Léirítear é sin i bhfigiúirí ceadúnaithe feithiclí foriomlána don bhliain, chomh maith le figiúirí dearfacha na Scéime Deontais eSPSV23 agus WAV23, le 896 SPSV breise ceadúnaithe go náisiún.

⁸ Tá Earnáil na mBeagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (SPSV) comhdhéanta d'fheithiclí tacsaithe, hacnaithe agus limisíní, le chéile le tiománaithe féinfhostaithe, úinéirí agus seirbhísí SPSV coimhdeacha, ar nós seirbhísí áirithinte agus oibrítheoirí seolta. Foilsíonn an tÚdarás eolas staidrimh mionsonraithe don earnáil SPSV ar a shuíomh gréasáin i bhFeasachán Bliantúil SPSV.

Ceadúnú Feithicle

Mar gheall ar Covid-19 agus na srianta gaolmhara taistil agus cruinnithe, tháinig laghdú 9.6% ar líon na dtacsaithe, hacnaithe agus limisíní ceadúnaithe ar fud na tíre in 2020 agus tháinig laghdú 2% eile air in 2021. In 2022, áfach, thosaigh an flít ag téarnamh le fás 2%, ag cur caillteanas 2021 ar mhalairt treo. Leanadh leis an bhfás seo le linn na bliana 2023 le 19,784 feithicil ceadúnaithe faoi dheireadh na bliana 2023.

Is fillleadh os cionn 93% ar fhlít roimh an bpaindéim é sin. Chomh maith leis sin, bhí 1,515 ceadúnas feithicle i stádas “neamhghníomhach”, agus is féidir leo seirbhísí a



thosú arís suas go dhá bhliain i ndiaidh an dáta éaga.

Iniúchtaí Inbhuanaitheachta Feithiclí

Ní mór do gach ceadúnas tacsaithe, hacnaí agus limisín a athnuachan go bliantúil ar a laghad ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag feidhmiú. Teastaíonn athnuachan gach sé mhí ar na cinn sin atá os cionn 10 mbliana d’aois.

Suitear ródacmhainneacht gach feithicle ar dtús tríd an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán a sholáthraíonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus déantar iniúchadh ar leith ina dhiaidh sin chun a hoiriúnacht úsáide mar SPSV a chinneadh, a sholáthraíonn an tÚdarás i dtéarmaí baile agus aoise nuair a dhéantar í a mheas in aghaidh caighdeáin rialála agus cháilíochta. Rinneadh 26,893 iniúchadh oiriúnachta feithicle aonair ar an iomlán in 2023, méadú 6.7% ar an mbliain 2022.

Feithiclí Inbhuanaithe

Riar an tÚdarás an Deontas eSPSV, maoinithe ag €15m ag oifig Fheithiclí Astaíochtaí Nialasacha na hÉireann de chuid na Roinne Iompair chun cabhrú le haistriú an fhlít SPSV go feithiclí le breosla inbhuanaithe. Bhí deontais suas go €25,000 ar fáil do shealbhóirí ceadúnais SPSV reatha a scrapáil a dtacsaithe, hacnaithe nó limisíní níos sine agus/nó díosail/peitрил le míleáiste ard agus bhí 83% de na leithdháiltí deontais comhdhéanta de sin. Bhí deontais ann chomh maith suas go €12,500 ar fáil le haistriú go glas ar fheithicil ceadúnaithe reatha a raibh lasmuigh de chritéir traipisithe. Ní féidir ach ceadúnais náisiúnta SPSV nua a cheadú do limisíní (inrochtana do chathaoireacha rothaí nó gnáth-limisín) nó tacsaithe agus hacnaithe atá inrochtana do chathaoireacha rothaí.

Seirbhísí Hacnaí an Cheantair Áitiúil

Chun soláthairtí iompair thuaithe a fheabhsú tuilleadh mar iarracht aonrú tuaithe laghdú trí cheadúnas hacnaí ceantair áitiúil, sheol an ÚNI clár píolótach bliana le haghaidh seirbhís theoranta Hacnaithe Áitiúla ar fud 21 ceantar tuaithe a roghnaíodh ar fud na hÉireann in 2023. Ba chlár píolótach deontaschúnta é sin ina bhféadfadh an t-iarratasóir €6,000 a éileamh, iníoctha i dtráthchodanna cothroma míosúla, chun costais oibriúcháin a chúiteamh amhail árachas sa chás gur léirigh an soláthraí seirbhíse go raibh na seirbhísí curtha ar fáil don phobal, anuas ar na táillí a fuarthas do gach turas. Ar an drochuair, níor sholáthair ach 2 cheantar as na 21 ceann a d'fhógair seirbhísí mar chuid den chlár píolótach hacnaithe tuaithe sin. Nuair a fiosraíodh iad, luaigh go leor daoine a léirigh suim ar dtús sa Chlár Píolótach costais árachais ró-arda agus gur mheas siad go raibh easpa éilimh mar na príomhchainteoirí a bhain leis.

Ag deireadh 2023, bhí 26 seirbhís hacnaithe ceantair áitiúil ceadúnaithe ar fud an Stáit, gan ach trí cinn bunaithe trí scéimeanna deontaschúnta.

Ceadúnú Tiomána

In 2023, b'ionann an meán míosúil do cheadúnais tiomána nua a eisíodh ag An Garda Síochána agus 166. Bhí sé sin i gcomparáid le meán míosúil 99 in aghaidh na míosa in 2022 agus 45 in aghaidh na míosa in 2021. Bhí sé sin de thoradh Fheachtas Earcaíochta Tiománaithe SPSV an-dearfach an ÚNI chun cuidiú le tacaíocht a thabhairt do théarnamh laistigh den tionscal agus do sholáthar seirbhísí SPSV don phobal. Cuireadh an feachtas i bhfeidhm ar bhonn céimneach ar an raidió náisiúnta agus áitiúil, clúdach sna meáin agus sna meáin shóisialta i mí Iúil 2022 chun iarrthóirí nua a mhealladh isteach sa tionscal.

Ar an iomlán, cuireadh 1,999 Ceadúnas Tiománaithe SPSV nua leis an earnáil in 2023, méadú 19% ar an mbliain b'airde roimhe sin 2019 (roimh Covid). Faoi dheireadh na bliana, sháraigh líon na gceadúnas tiomána i mBaile Átha Cliath na leibhéil roimh Covid agus b'ionann iad ar fud na tíre agus 97% de na leibhéil roimh Covid, in ainneoin an líon ní b'airde riamh de ghéilleadh agus d'éag ceadúnas le linn na 3 bliana roimhe sin.

Tá dearcadh fadtéarmach d'uimhreacha ceadúnais tiomána an-spreagúil. Is í an chéad chéim le bheith mar thiománaí ná éirí sa Scrúdú Iontrála Tiománaí SPSV agus chonacthas in 2023 an bhliain is gnóthaí riamh don scrúdú seo le 7,298 curtha i gcrích. Is ionann é sin agus méadú 43% ar 2019 (roimh Covid), arís an uimhir is airde roimhe sin. Aithníodh treochtaí dearfacha maidir le próifíl aoise an Tiománaí SPSV atá ag athrú.

In 2023, rinneadh 4,341 ceadúnas a athnuachan as 5,179 ceann féideartha nó 84%.

Córas Ceadúnaithe Tiomána SPSV

Bronnadh €40,000 ar an ÚNI faoi Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí chun córas Ceadúnaithe Tiománaí Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (SPSV) nua a fhorbairt lena gcuirfear ar ár gcumas an próiseas iarratais a uathoibriú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus soláthar na seirbhíse a fheabhsú. Ligfidh an córas nua d'iarrthóirí iarratas a chur isteach ar líne agus íocaíochtaí a dhéanamh mar chuid den phróiseas iarratais. Nuair a bheidh an córas nua i bhfeidhm, leanfaidh an Garda Síochána le feidhm an ghrinnscrúdaithe agus an mheasúnaithe oiriúnachta maidir le hiarratais ar cheadúnais tiomána, athnuachan, agus i rith ré cheadúnais, ach tá sé beartaithe an riarachán a bhaineann le ceadúnais tiomána a eisiúint agus bainistiú an chórais um cheadúnú tiománaithe a aistriú go hiomlán chuig an Údarás. Is é an ÚNI a thugann faoi ghnéithe teoranta na bpróiseas riaracháin um cheadúnú tiománaithe faoi láthair, amhail riar na Tástála Iontrála Tiománaithe SPSV agus eisiúint Ceadúnas Tiománaí SPSV. Leis an tionscadal beartaithe sin, aistrefar na próisis riaracháin eile ón nGarda Síochána chuig an Údarás Náisiúnta Iompair.

Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe

Rinneadh os cionn 179,582 seiceáil ó chian ar fheithiclí agus ceadúnais tiomána le linn 2023 maidir le 18,325 feithicil aonair. Ciallaíonn sé sin go ndearnadh 93% de thacsaithe, hacnaithe agus limisíní a sheiceáil agus iad ag feidhmiú le linn na bliana.

Rinne Oifigigh um Chomhlíonadh 16,998 iniúchadh aghaidh ar aghaidh ar thiománaithe agus ar fheithiclí cois bóthair, méadú 34% i gcomparáid le 2022 agus fillleadh ar an líon roimh Covid-19.

Mar gheall ar na gníomhaíochtaí comhlíonta sin, eisíodh 707 fógra um íocaíocht socraithe (fíneáil ar an láthair) in 2023 le haghaidh cionta a luaitear i Sceideal 8 de na Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí) (arna leasú) 2015 i gcomhréir le cosaint agus sábháilteacht custaiméirí. Is méadú 11% é sin ar 2022.

Íocadh 79% d'Fhógraí um Íocaíocht Socraithe in am in 2023, agus atreoraíodh an chuid eile chuig ionchúiseamh cúirte sna Cúirteanna Dúiche ar fud na tíre. Bhí sé sin de thoradh an mhéadaithe shuntasáigh ar phionóis Cionta Íocaíochta Socraithe ó mhí Eanáir 2023 agus Cionta Íocaíochta Socraithe nua curtha leis i ndáil le diúltú madraí treorach go sonrach (ó chatagóir diúltaithe mhírreasúnta níos cineálaí) agus nár soláthraíodh rogha íocaíochta gan airgead tirim do phaisinéirí.

Ionchúisimh

Chuir an ÚNI tús le 222 ionchúiseamh coiriúil in 2023, agus bhain os cionn leath (61%) de na hionchúisimh sin le feidhmiú seirbhíse gan cheadúnas. Bhí rath ar an Údarás le 86% de na hionchúisimh a tugadh, le boige níos airde léirithe ag na Cúirteanna mar gheall ar thimpeallacht eacnamaíoch na bliana 2023.

Gearáin

Fuair an ÚNI 1,782 gearán in 2023 maidir leis an earnáil SPSV, méadú 9.6% ar 2022. Níorbh fhéidir níos mó ná leath de na gearáin go léir (53%) a chur ar aghaidh mar gheall ar easpa fianaise ón ngearánach, gan aon fhianaise go raibh earráid déanta ag an oibreoir ina sholáthar/soláthar seirbhíse, nó nár mhian leis an ngearánaí leanúint leis an ngearán nuair a rinneadh teagmháil leis nó léi. Rinneadh 4% eile de na gearáin a fuarthas a atreorú lena gcur faoi bhráid gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus Ioncaim.

Teanntáil Feithiclí

Áirítear le sainchúram an ÚNI maidir le clampáil feithiclí rialachán gníomhaíochtaí clampála, bainistíocht agus riarachán phróiseas achomharc agus iniúchadh ar ghearáin.

Tá leibhéil na gníomhaíochtaí clampála feithiclí mar a bhí siad roimh an bpaindéim. Sháraigh líon na n-achomharc a fuarthas in 2023 na leibhéil a chonacthas roimh an bpaindéim. Tá rialtóirí páirceála, na daoine atá freagrach as comhlíonadh an dlí nó rialacha páirceála ag suíomh ar leith a thaifeadadh, faoi réir rialachán maidir le clampáil feithiclí a fhorfheidhmíonn an tÚdarás, lena n-áirítear ceart tiománaithe chun achomharc a dhéanamh.


Achomhairc ar Oifigeach Acomharc Clampála

Tá tiománaí a ndearnadh a fheithicil nó a feithicil a chlampáil agus/nó a athlonnú i dteideal an ghníomhaíocht sin a achomharc, ar an gcéad dul síos, chun an rialtóra páirceála ábhartha. I ndiaidh don ghluaisteánaí toradh diúltach a fháil, féadfaidh an t-achomharcóir a achomharc nó a hachomharc a chur ar aghaidh go dtí an dara céim den phróiseas achomhairc dhlíthiúil i gcás ina n-éascaíonn an tÚdarás athbhreithniú neamhspleách ar an ábhar agus cinneadh dara céime ag Oifigeach Achomhairc Teanntála.

In 2023, ba iad príomhchúiseanna na n-achomharc a thug tiománaithe go dtí an dara céim tríd an Údarás saincheisteanna maidir le páirceáil íoctha, taispeáint ticéad páirceála, úsáid ceadanna agus comharthaíocht neamhleor.


Nuair a ligeann Oifigeach Achomharc Clampála achomharc, tá ar an rialtóir páirceála an tiománaí a aisíoc leis an táille/na táillí cuí. In 2023, bhí ceithre rialtóir páirceála i measc 92% de na hachomhairc a rinneadh tríd an ÚNI.

Fíor 6 – Achomhairc Chlampála a cuireadh faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Iompair



2,765 Achomharc clampála curtha i gcrích 2023

Fíor 7 – Toradh na nAchomharc Clampála a Cuireadh i gCrích 2023



Ceartha Paisinéirí an AE

Mar an gComhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe d’Éirinn maidir le Ceartha Paisinéirí an AE, thug an tÚdarás freagra ar 37 fiosrúchán ón bpobal maidir lena gcearta faoi na Rialacháin agus bhain an chuid is mó dóibh le hiompar muirí.

Bhain na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh le heaspa eolais, cealuithe, atreorú agus aisíocaíocht.

Ráitis Airgeadais an Údaráis Náisiúnta Iompair

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Clár Ábhar

Eolas faoin Údarás	70
Ráiteas maidir le Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	71
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	79
Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim a Coimeádadh	92
Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach	93
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	94
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid	95
Nótaí chuig na Ráitis Airgeadais	96

Eolas faoin Údarás

Comhaltaí an Bhoird	
An tUasal Peter Strachan (Cathaoirleach)	(Arna cheapadh ar an 11 Aibreán 2023)
Iníon Anne Graham (Príomhoifigeach Feidhmeannach)	
An tUasal Hugh Creegan	
An tUasal Owen Keegan	(Tháinig an ceapachán chun críche ar an 9 Meán Fómhair 2023)
An tUasal Richard Shakespeare	(Arna cheapadh ar bhonn idirthréimhseach, an 31 Deireadh Fómhair 2023, ar bhonn buan ón 11 Eanáir 2024)
Iníon Ann Fitzgerald	
An tUasal Pat Mangan	
An tUasal Frank O'Connor	
An tUasal Brian McCormick	
An tUasal David Gray	
An tUasal Iain Docherty	
Iníon Eleanor O'Neill	
Iníon Joyce Loughnan	

Dlíodóirí	Baincéirí
McCann Fitzgerald Cois Abhann a hAon 37-42 Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2 D02 X576	Allied Irish Banks plc 1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2 D02 X342
Iníúcháirí	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Duga an Stáitchiste 70 Cé an Phoirt Thuaidh D01 A9T8
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01 PF72	

Ráiteas maidir le Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Rialachas

Is comhlacht reachtúil neamhthráchtála stáit é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”), a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne Iompair (“DoT”).

Ceapadh an tÚdarás, a bunaíodh de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, ar dtús mar údarás iompair le haghaidh Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Mar sin féin, athainmníodh é ina dhiaidh sin mar an tÚdarás Náisiúnta Iompair san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, a leathnaigh feidhmeanna an Údaráis chun bronnadh agus monatóireacht Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, agus ceadúnú busanna agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí go náisiúnta a áireamh.

Leis an Acht um Rialáil Tacsaithe 2013, lena ndearnadh reachtaíocht phríomha maidir le ceadúnú feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus tiománaithe a chomhdhlúthú agus a nuashonrú, leathnaíodh raon feidhme geografach roinnt feidhmeanna an Údaráis go náisiúnta.

Leis an Acht um Chlampáil Feithiclí, 2015, tugtar an fhreagracht do rialachán na ngníomhaíochtaí clampála ar bhonn náisiúnta.

Leathnaigh an tAcht Iompair Phoiblí 2016 freagrachtaí an Údaráis tuilleadh a chur ar a chumas fodhlíthe a dhéanamh a rialaíonn úsáid seirbhísí bus poiblí fóirdheonaithe áirithe ag paisinéirí.

Coinníonn an tÚdarás roinnt feidhmeanna sonracha maidir le bonneagar agus imeascadh iompair agus úsáide talún i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn riachtanais áirithe iompair poiblí agus bainistithe tráchta an réigiúin.

Tá feidhmeanna Bhord an Údaráis leagtha amach in Alt 14 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá an Bord freagrach don Aire Iompair agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist gnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh an Údaráis. Ní mór don POF agus don fhoireann bhainistíochta shinsearach an treoir leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord a leanúint agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon riosca suntasach a d’fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht an Údaráis.

Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i gcáipéisí an Údaráis maidir le Rialachas Corparáideach dar teideal ‘Treoirphrionsabail don ÚNI’, ‘Struchtúr Corparáideach agus Ábhair in áirithe don Bhord’ agus ‘Cód maidir le hiompar gnó le haghaidh comhaltaí an Údaráis’. Tá ábhair arna gcoimeád go sonrach do chinneadh an Bhoird le fáil sa dara ceann de na cáipéisí sin. Airítear an méid seo a leanas i measc na mbuan-mhíreanna arna meas ag an mBord:

- » Dearbhú leasanna;
- » Tuarascálacha ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca;
- » Tuarascálacha airgeadais / cuntais bainistithe airgeadais;
- » Bainistiú riosca;
- » Tuarascálacha feidhmíochta; agus
- » Ábhair fhorchoimeáda.

Le hAlt 32 d’Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis, i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair le toiliú an Aire Airgeadais, na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád ar an airgead go léir a gheobhaidh sé agus a chaithfidh sé, lena n-áirítear ‘Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim a Coimeádadh’ agus ‘Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais’.

Agus é ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- » Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- » Breithiúnais agus meastacháin cuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta agus críonna;
- » Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú; agus
- » Luaigh cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon tráth, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhorbairt. Faomhadh i mí na Nollag 2023 meastóireacht ar fheidhmíocht an Údaráis faoi threoir an phlean bhliantúil agus an bhuiséid. Déanann an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht an Údaráis trí thagairt a dhéanamh don phlean bliantúil agus don buiséad ag eatrainmh rialta i rith na bliana.

Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2023.

Struchtúr an Bhoird

Tá an tÚdarás á rialú ag Bord ar a bhfuil dhá chomhalta dhéag arna gceapadh ag an Aire Iompair. Is poist ex officio iad trí cinn de na poist ar an mBord atá forchoimeáda don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, do bhainisteoir sinsearach eile de chuid an Údaráis, agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Féadfar comhaltaí Boird a cheapadh ar feadh tréimhse suas le cúig bliana agus féadfar iad a athcheapadh. Féadfaidh comhaltaí Boird fónamh ar feadh deich mbliana ar a mhéad, áfach. Níl feidhm ag an srian sin maidir leis na comhaltaí ex officio a bheidh ceaptha chomh fada agus a bheidh an post ábhartha acu. Chruinnigh an Bord 11 uair agus foilsítear miontuairiscí chruinnithe an bhoird ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 4 (33.3%) chomhalta mná agus 8 (66.7%) gcomhalta fir ar an mBord.

Léirítear sa tábla thíos tréimhse ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

Comhalta de chuid an Bhoird	Ról	An Dáta a Ceapadh
An tUasal Peter Strachan	Cathaoirleach	11 Aibreán 2023
Iníon Anne Graham (Príomhoifigeach Feidhmeannach)	Gnáthchomhalta (ex officio)	7 Eanáir 2015
An tUasal Hugh Creegan (Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin)	Gnáthchomhalta (ex officio)	29 Samhain 2010
An tUasal Richard Shakespeare (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)	Gnáthchomhalta (ex officio)	31 Deireadh Fómhair 2023
Iníon Ann Fitzgerald	Gnáth-Chomhalta	24 Meán Fómhair 2015 Arna hathcheapadh an 23 Meán Fómhair 2020
An tUasal Pat Mangan	Gnáth-Chomhalta	24 Meán Fómhair 2015 Arna hathcheapadh an 23 Meán Fómhair 2020
An tUasal Frank O'Connor	Gnáth-Chomhalta	24 Meán Fómhair 2015 Arna hathcheapadh an 23 Meán Fómhair 2020
An tUasal Brian McCormick	Gnáth-Chomhalta	1 Lúnasa 2019 Arna athcheapadh an 31 Iúil 2022
An tUasal David Gray	Gnáth-Chomhalta	1 Lúnasa 2019 Arna athcheapadh an 31 Iúil 2022
An tUasal Iain Docherty	Gnáth-Chomhalta	23 Nollaig 2021
Iníon Eleanor O'Neill	Gnáth-Chomhalta	23 Nollaig 2021
Iníon Joyce Loughnan	Gnáth-Chomhalta	23 Nollaig 2021

Chuir an Bord athbhreithniú éifeachtachta an Bhoird i gcríoch i mí na Nollag 2023.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (“CIR”) bunaithe ag an mBord déanta de thriúr comhaltaí de chuid an Bhoird agus beirt comhaltaí seachtracha. Is é ról an CIR ná tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú lena mbaineann. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord tar éis gach cruinnithe Coiste agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad comhaltaí an CIR an tUasal David Gray (Cathaoirleach) arna athcheapadh ar an 13 Meán Fómhair 2022, an tUasal Brian McCormick arna cheapadh an 21 Aibreán 2022, Iníon Joyce Loughnan arna ceapadh ar an 18 Samhain 2022, an Dr. Cyril Sullivan arna cheapadh ar an 15 Iúil 2022 agus an tUasal Bernard McLoughlin arna cheapadh ar an 15 Iúil 2022. Chruinnigh an CIR le chéile 6 huair in 2023.

Bhunaigh an Bord Coiste an Chláir Caipitil (“CPC”) i mí na Samhna 2022 ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus ionadaithe ó Chlár Caipitil an ÚNI. Féadfaidh an Bord comhaltaí breise a cheapadh má chinneann sé amhlaidh, lena n-áirítear comhaltaí neamhspleácha breise ó lasmuigh den Bhord. Is é ról an CPC tacú leis an mBord maidir le dul i mbun a gcuid feidhmeanna a mhéid a bhaineann le Clár Caipitil an ÚNI. I bhfianaise scála na hinfheistíochta caipitil a bhfuil an ÚNI freagrach as, foráiltear le bunú an CPC agus tarmligean fheidhmeanna an Bhoird chuig an CPC socrú maoirseachta níos éifeachtaí i ndáil le gníomhaíocht sa réimse seo. Go háirithe, cuireann an CPC maoirseacht níos spriocdhírithé ar fáil le haghaidh na dtionscadal agus clár mór éagsúil a chruthaíonn Clár Caipitil an ÚNI ina iomláine.

Tuairiscíonn an CPC don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe de chuid an Choiste. Is iad comhaltaí an CPC ná Iain Docherty (Cathaoirleach) arna cheapadh ar an 18 Samhain 2022, Eleanor O’Neill arna ceapadh ar an 18 Samhain 2022 agus Peter Strachan arna cheapadh an 20 Aibreán 2023. Ceapadh Ann Fitzgerald ar an CPC freisin ar an 20 Eanáir 2023 agus tar éis cheapadh Peter Strachan mar Chathaoirleach ar bhord an ÚNI (agus mar bhall den CPC dá bharr), tháinig deireadh lena téarma oifigiúil ar an 20 Aibreán 2023. Chruinnigh an CPC le chéile 11 uair in 2023.

Sceideal tinrimh, táillí agus speansas

Leagtar amach sceideal maidir le tinreamh ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2023 thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais i gcás gach comhalta:

	An Bord	ARC	CPC	Táillí 2023 €	Speansais 2023 €	Táillí 2022 €	Speansais 2022 €
Líon na gcruinnithe	11	6	11				
	Cruinnithe i incháilithe le freastal orthu (Cruinnithe a d'fhreastail siad orthu)						
An tUasal Peter Strachan	8(8)	-	8(6)	14,888	1,220	-	-
An tUasal Fred Barry	-	-	-	-	-	18,483	-
Iníon Anne Graham	11(11)	-	-	-	-	-	-
An tUasal Hugh Creegan	11(11)	-	-	-	-	-	-
An tUasal Richard Shakespeare	2(1)	-	-	-	-	-	-
Iníon Ann Fitzgerald	11(10)	-	4(3)	11,970	-	11,970	-
An tUasal Owen Keegan	7(7)	-	-	-	-	-	-
An tUasal Pat Mangan	11(11)	-	-	-	51	-	-
An tUasal Frank O'Connor	11(10)	-	-	11,970	-	11,970	-
An tUasal Brian McCormick	11(11)	6(6)	-	11,970	-	11,970	-
An tUasal David Gray	11(10)	6(6)	-	11,970	1,227	11,970	1,211
An tUasal Iain Docherty	11(11)	-	11(11)	11,970	4,107	11,970	1,891
Iníon Eleanor O'Neill	11(9)	-	11(9)	11,970	-	11,970	-
Iníon Joyce Loughnan	11(10)	6(6)	-	11,970	51	10,966	-
Speansais Eile*				-	4,166	-	1,023
				98,678	10,822	101,269	4,125

* Baineann Costais Eile le costas lóistín do chruinniú Boird amháin a tionóladh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath in 2023 (2022: na costais a bhaineann le líon amháin Boird a reáchtáil).

Tá an Dr. Cyril Sullivan, ar comhalta seachtrach é den ARC, tar éis freastal ar chúig chruinniú de chuid an CIR i gcaitheamh na bliana. B'ionann a tháille don bhliain agus €1,539 (2022: €769).

D'fhreastail an tUasal Bernard McLoughlin, ar comhalta seachtrach é den ARC, ar sé chruinniú de chuid an CIR i gcaitheamh na bliana. B'ionann a tháille don bhliain agus €1,539 (2022: €769).

D'fhreastail an tUasal Brian Hayes, a bhí ina chomhalta seachtrach den CIR in 2022, ar dhá chruinniú de chuid an CIR i gcaitheamh 2022. B'ionann a tháille don bhliain, is iníochta leis an gcleachtas cuntasáochta Moore, agus €Náid (CBL san áireamh) (2022: €5,904 (CBL san áireamh)).

D'fhreastail an tUasal John Smyth, a bhíodh ina chomhalta seachtrach den CIR in 2022, ar cheithre chruinniú de chuid an CIR i gcaitheamh 2022. B'ionann a tháille don bhliain, is iníoctha le Chartered Direction Limited, agus €Náid (2022: €17,712 (CBL san áireamh), le táillí le haghaidh dhá chruinniú inmheánacha bhreise san áireamh).

Níor iarr an tUasal Pat Mangan na táillí ó Bhord an Údaráis is iníoctha leis.

Bhí ceathrar stiúrthóirí ann – Iníon Anne Graham agus an tUasal. Hugh Creegan – nach bhfuair aon táille ón mBord faoin bprionsabal “Duine Amháin Tuarastal Amháin”. Tabhaítear speansais Iníon Anne Graham agus an tUasal Hugh Creegan mar chuid dá gconradh fostaíochta agus ní mar thoradh ar a bhfreastal ar chruinnithe boird, mar sin níl a speansais san áireamh sa nóta seo. Ní fhaigheann Owen Keegan ná Richard Shakespeare táille Boird faoin bprionsabal “Duine Amháin Tuarastal Amháin” mar go raibh post acu mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tráth a gceapachán ar an mBord.

Príomh-athruithe pearsanra

Rinneadh na hathruithe seo a leanas don Bhord le linn na bliana:

- » Ceapadh Peter Strachan mar chathaoirleach an bhoird ar an 11 Aibreán 2023;
- » Tháinig ceapachán Owen Keegan chun críche ar an 9 Meán Fómhair 2023; agus
- » Ceapadh Richard Shakespeare ar bhonn idirthréimhseach an 31 Deireadh Fómhair 2023. Ina dhiaidh sin, ceapadh é ina chomhalta buan ar an 11 Eanáir 2024.

Nochtuithe arna gceangal ag an gCód Cleachtas le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás ceanglais an Chóid Chleachtas le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas leis an gCód:

Costais comhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo na feidhmeanna seachfhoinsithe “gnó mar is gnách”.

	2023 €'000	2022 €'000
Seirbhísí comhairleacha iompair	2,504	2,342
Dlí	3,263	2,775
Comhairleoireacht cánach agus airgeadais	239	627
Cosaint sonraí agus ullmhúchán don RGCS	13	14
Pinsin agus acmhainní daonna	5	5
	6,024	5,763

	2023 €'000	2022 €'000
Costais shainchomhairleoireachta a ghearradh ar an Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim a Coimeádadh	5,756	5,514
Costais shainchomhairleoireachta a caipitlíodh	268	249
	6,024	5,763

Costais agus socruithe dlí

Sa tábla thíos, bristear síos na luachanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí, socruithe agus imeachtaí comhréitithe agus eadrána a mhéid a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle ghinearálta a fuair an tÚdarás, ar caiteachas é sin atá nochtá sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

	2023 €'000	2022 €'000
Imeachtaí dlí	256	232
Íocaíochtaí idir-réitithe agus eadrána	-	-
Socraíochtaí	-	-
	256	232

Caiteachas taistil agus caolmhaireachtála

Déantar an caiteachas taistil agus caolmhaireachtála a chatagóiriú mar a leanas:

	2023 €'000	2022 €'000
Taisteal agus caolmhaireachtáil intíre		
An Bord	4	3
Fostaithe	93	62
Taisteal agus caolmhaireachtáil idirnáisiúnta		
An Bord	2	1
Fostaithe	60	42
	159	108

Costais fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas leis an Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim a Coimeádadh:

	2023 €'000	2022 €'000
Fáilteachas na foirne	20	9
Fáilteachas na gcliant	-	-
	20	9

Ráiteas maidir le comhlíontacht

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíontacht leis an gCód an áirithiú. Chomhlíon an tÚdarás an Cód ina iomláine le haghaidh 2023.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



An tUasal Peter Strachan
Cathaoirleach



Iníon Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

28 Meitheamh 2024

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Scóip na freagrachta

Thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”), aithním freagracht an Bhoird maidir lena chinntiú go ndéantar córas éifeachtach de rialú inmheánach a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit (“an Cód”).

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal is féidir a ghlacadh seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas riosca a bhainistiú

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (“CIR”) ag an Údarás déanta de thriúr comhaltaí de chuid an Bhoird, arb é an Cathaoirleach duine díobh, agus beirt comhaltaí seachtracha. Tá saineolas cuí ag baill aonair den CIR sna réimsí airgeadais, iniúchta agus riosca. Chruinnigh an CIR sé huaire in 2023.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Údarás freisin ag baint úsáide as gnólacht iniúchóireachta tríú páirtí a bhfuil dóthain acmhainní aige agus a sheolann clár oibre arna chomhaontú leis an ARC.

Tá creat bainistithe riosca forbartha ag an Údarás, chomh maith le beartais agus nósanna imeachta gaolmhara sainithe, agus tá a mhian riosca leagtha amach freisin. Cuimsíonn na nósanna imeachta bainistíochta riosca sonraí ar ról agus freagrachtaí na foirne maidir le bainistíocht riosca. Eisíodh na gnéithe cuí de na beartais agus nósanna imeachta um bainistíocht riosca chuig gach pearsanra san Údarás. Déantar é seo chun gach duine, agus an lucht bainistíochta go háirithe, a chur ar an eolas maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe, ag cur béime ar an gceanglas atá orthu úinéireacht a ghlacadh laistigh dá réimsí oibre féin. Tá Príomhoifigeach Riosca ag an Údarás le freagracht oibriúcháin as an gcreat bainistíochta riosca a riar.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha chun feidhme ag an Údarás a shainaithníonn agus a thuiriscíonn príomhrioscaí agus gníomhartha bainistíochta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus a mhéid is féidir agus is cuí, a mhaolú.

Tá na príomhrioscaí atá roimh an Údarás aitheanta ag próisis bainistithe riosca agus tá cláir rioscaí i bhfeidhm a dhéanann taifead ar na rioscaí seo. Rinneadh na rioscaí a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhacht. Déanann an Bord agus an CIR na cláir a athbhreithniú agus a nuashonrú ag gach ceann dá gcruinnithe. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú, chomh fada agus is indéanta, go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- » Tuairiscíodh nósanna imeachta i gcás gach príomh phróiseas gnó;
- » Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann;
- » Tá córas oiriúnach buiséadaithe i bhfeidhm le buiséad bliantúil a choimeádtar faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach agus ag an mBord;
- » Tá córais ann lena ndírítear ar shlándáil na faisnéise agus cumarsáid na gcóras teicneolaíochta a áirithiú;
- » Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint; agus
- » Nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha chun rialú imleor ar cheadú deontas a chinntiú agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dheonaithe lena chinntiú gur cuireadh maoiniú deontais i bhfeidhm don chuspóir a bhí beartaithe.

Monatóireacht leantach agus athbhreithniú

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe, lena n-áirítear aon easnamh rialaithe a shainaithnítear a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh. Tuairiscítear easnaimh freisin don bhainistíocht shinsearach agus don Bhord. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- » Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuirisciú;
- » Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- » Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, rud a léiríonn feidhmíocht i gcoinne na mbuiséad/réamhaisnéise.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun comhlíonadh

na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus chun a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás na nósanna imeachta sin i rith 2023.

Maoiniú Infheistíochta Caipitil - rialuithe

B'ionann an maoiniú Infheistíochta Caipitil in 2023 agus €893m (2022: €807m). Áirítear an méid seo a leanas leis na rialuithe ar an maoiniú seo:

- » A chinntiú go bhfuil tionscadail aonair ailínithe leis na ceithre chlár infheistíochta caipitil in iompar poiblí (i.e. Sábháilteacht agus Forbairt Iarnróid Trom, Bonneagar Iompair Phoiblí, Inrochtaineacht Iarfheistithe agus Infheistíocht i dTaisteal Gníomhach) agus le pleananna straitéiseacha;
- » Idirchaidreamh rialta le cuspóirí, spriocanna, buiséid agus infhaighteacht maoinithe leis an Roinn Iompair (DoT), iad sin a shocrú agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn;
- » Pleananna cur chun feidhme na dtionscadal a ullmhú agus a fhaomhadh chomh maith le dlúthchaidreamh i dtionscadail phleanála agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí Stáit, oibreoirí iompair agus údaráis áitiúla a ghníomhaíonn thar ceann an Údaráis maidir le tionscadail éagsúla a chur i bhfeidhm;
- » Doiciméid de bheartas agus de nósanna imeachta tionscadail ábhartha an ÚNI a choinneáil agus a nuashonrú i gcomhréir le haon nuashonrú ar bheartas agus nósanna imeachta an rialtais amhail na Treoirlínte Bonneagair (an Cód Caiteachais Phoiblí roimhe seo), nó treoir earnála ábhartha eile amhail an Creat Breithmheasa Iompair;
- » A chinntiú go mbunaíonn an bhainistíocht shinsearach buiséid tionscadail aonair agus go ndéantar monatóireacht orthu (lena n-áirítear gníomhaíochtaí réamhaisnéise rialta) agus diallais á sainiú agus á n-imscrúdú go tráthúil. I gcás tionscadal mór, tuairisciú míosúil ar chaiteachas iarbhair in aghaidh an bhuiséid a chinntiú don Bhord;
- » A chinntiú go rialaítear tionscadail agus cláir i gcomhréir le ceanglais Threoirlínte an Údaráis um Fhormheas na dTionscadal, rud a chuireann creat ar fáil le haghaidh forbairt, bainistiú agus seachadadh tionscadal soghluaiseachta inbhuanaithe de gach cineál, agus cur chuige céimnithe a chur ar fáil maidir leis an méid sin, agus maidir le gach luach caipitil agus le haghaidh tionscadail Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC), arna maoiniú ag an Údarás;
- » A chinntiú go ndéantar tionscadail agus cláir a mheasúnú, a rialú, agus a sheachadadh i gcomhréir le ceanglais na dTreoirlínte Bonneagair, an Chreata Measúnaithe Iompair agus treoir ábhartha eile;
- » Idirchaidreamh a dhéanamh le Bord an Údaráis agus le Boird/coistí ábhartha eile amhail Grúpa Maoirseachta um Rialachas Mhórthionscadail na Roinne Iompair chun treoir a lorg, chomh maith le formheas ábhartha agus seachadadh tuarascálacha ar an dul chun cinn;
- » Maoirseacht inmheánach agus sheachtrach chuí agus leordhóthanach a chinntiú; agus
- » A chinntiú go bhfaightear dearbhuithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchta inmheánaigh.

Maoiniú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) - rialuithe

B'ionann maoiniú OSP in 2023 agus €575m (2022: €590m). Áirítear an méid seo a leanas leis na rialuithe ar an maoiniú seo:

- » Conarthaí seirbhíse láidre le hoibreoirí iompair poiblí, cuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit agus cuideachtaí príobháideacha araon, chun seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar atá riachtanach go sóisialta ach nach bhfuil inmharthana ó thaobh tráchtála de ghnáth;
- » Rialuithe láidre a chinntiú maidir le bailiú ioncam ó na táillí thar ceann an Údaráis;
- » A chinntiú, maidir le conarthaí níos mó, go gcuirfidh oibreoirí Pleananna Cosanta Ioncaim faoi bhráid an Údaráis ina sonraítear an chaoi a gcosnaítear ioncaim;
- » I gcás gach conartha níos mó, déanann an tÚdarás Suirbhéanna Imghabháil Táille chun leibhéil imghabhála táillí a iniúchadh;
- » A chinntiú nuair a sháraíonn leibhéil imghabhála táillí tairseach sainithe, gur féidir leis an Údarás íocaíochtaí a asbhaint ó oibreoirí mar chúiteamh ar ioncam cailte;
- » Tuairisciú agus monatóireacht rialta ar phríomhtháscairí feidhmíochta, lena n-áirítear iontaofacht agus poncúlacht seirbhíse;
- » Faomhadh an Údaráis ar gach athrú ar chonarthaí na seirbhísí iompair poiblí;
- » Conarthaí na seirbhíse iompair poiblí a athbhreithniú chun fás in úsáid iompair phoiblí a spreagadh agus chun freagairt d'éileamh athraitheach;
- » Cruinnithe rialta le hoibreoirí iompair poiblí chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí ag freastal ar riachtanais na bpaisinéirí agus go bhfuil luach ar airgead á ngnóthú acu;
- » Tuairisciú agus idirchaidreamh rialta le Bord an Údaráis agus leis an DoT; agus
- » A chinntiú go bhfaightear dearbhuithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchta inmheánaigh.

I mbuiséad 2022, d'fhógair an Rialtas plean chun scéim Chárta d'Aosaigh Óga (YAC) a thabhairt isteach ar gach iompar poiblí, rud a thabharfadh lascaine 50% do shealbhóirí YAC i gcomparáid leis an ngnáth-tháille d'aoisigh. Baineann an scéim le haosaigh óga san aoisghrúpa 19 go 23 go huile (sínte ó 19 go 25 go huile i mbuiséad 2023) agus leo siúd atá in oideachas tríú leibhéal lánaimseartha. Tugadh an scéim isteach ar sheirbhísí OSP ar dtús. Tháinig an YAC do na hOibreoirí Bus Tráchtála "CBO" i bhfeidhm ar an 5 Meán Fómhair 2022. Soláthraíodh maoiniú ábhartha don CBO chun drochthionchar airgeadais na laghduithe ar tháillí a chúiteamh. Soláthraíodh maoiniú de €2m sa tréimhse ó thosach feidhme na scéime ar an 5 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022 agus €12.1 de mhaoiniú á soláthar do bhliain iomlán 2023.

Cuireadh rialuithe cosúil leis na cinn a leagtar amach thuas maidir le maoiniú OSP i bhfeidhm ar an maoiniú a cuireadh ar fáil d'earnáil an bhus tráchtála.

Scéim ticéadaithe chomhtháite chárta Leap - rialuithe

B'ionann an t-ioncam ó tháillí iompair phoiblí a próiseáladh trí scéim an Chárta Leap in 2023 agus €275m (2022: €237m). Áirítear leis seo a leanas na rialuithe ar an scéim seo:

- » Feidhmíocht sraith chuimsitheach de bhailíochtú idirbhearta córais ar gach uile idirbheart táillí a phróiseáiltear sna córais Leap;
- » Cothabháil leanúnach ar chreat cuimsitheach rialuithe/réitigh airgeadais. I measc cuspóirí eile, deartar na rialuithe seo chun aon aimhrialtachaí idir na córais Leap nó sna gluaiseachtaí airgeadais a shainnithint ar fud na scéime Leap;
- » Sraith chuimsitheach de bhearta slándála a tabhairt isteach chun rochtain a rialú, chun leochaileachtaí a bhrath agus chun iompraíochtaí aimhrialta agus neamhghnácha a bhrath ar an líonra. Áirítear leis seo freisin roinnt athbhreithnithe slándála agus iniúchtaí ar an gcóras, lena n-áirítear tástálacha treá slándála;
- » Cothabháil leanúnach ar fhoireann chuimsitheach de phríomhtháscairí feidhmíochta (airgeadais, oibriúcháin, TFC etc.) chun aird a tharraingt ar aon treocht neamhghnách gnó;
- » Athbhreithniú feidhmíochta leanúnach ar sholáthraithe seirbhíse ag lucht bainistíochta na scéime agus foireann shinsearach bainistíochta an Údaráis, in éineacht le dlúthchaidreamh le hoibreoírí iompair rannpháirteacha;
- » Roinnt bearta leanúnachais gnó agus athshlánaithe ó thubaiste a áireamh chun athléimneacht agus dearbhú leanúnachais gnó a sholáthar;
- » Feidhmíocht, ag iniúchóirí neamhspleácha, ar athbhreithniú bliantúil ar Chaighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhaithe Lontaofachta ('ISAE') 3402, rud a chlúdaíonn gnéithe den scéim arna rialú agus arna bhainistiú ag an Údarás. Comhlánaítear é sin le hathbhreithnithe a rinne iniúchóirí neamhspleácha de chuid na n-oibreoírí iompair rannpháirteacha is mó, rud a chlúdaíonn gnéithe den scéim atá á rialú agus á mbainistiú ag na hoibreoírí iompair; agus
- » Cuireadh measúnú seachtrach i gcrích ar Chaighdeán Slándála Sonraí an Tionscail um Chárta Íocaíochta d'íarratas Breisithe Chumarsáid Neasréimse (NFC) Chárta Leap an Údaráis in 2023. Bhí an deimhniú seachtrach seo ag teastáil mar gheall ar líon na n-idirbheart a shroich an tairseach ábhartha. Bhí ceanglas féindeimhniúcháin i bhfeidhm sna blianta roimhe seo.

Sócmhainní na bhFeithiclí Bóthair do Phaisinéirí - rialuithe

B'ionann glanluach leabhair na bhFeithiclí Bóthair do Phaisinéirí in 2023 agus €437m (2022: €404m). Áirítear an méid seo a leanas leis na rialuithe ar na sócmhainní:

- » A chinntiú go bhfeidhmíonn gach soláthar le rialacháin soláthair poiblí uile an Aontais Eorpaigh, agus go gcloíonn siad leo maidir leis na Feithiclí Paisinéirí Bóthair atá á gceannach aige;
- » Tá foirne soláthair rannpháirteach go gníomhach i ngach gné de sholáthar na

bhFeithiclí Bóthair do Phaisinéirí agus cuimsítear iad sna gnéithe sin chomh maith;

- » Faomhann an Bord dámhachtainí conartha os cionn thairseacha faofa an Bhoird chun go gceannóidh an tÚdarás Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí;
- » A chinntiú go bhfuil socruithe aistrithe d’Fheithiclí Bóthair do Phaisinéirí, chuig na hOibreoirí Iompair agus uathu, san áireamh mar chroí-sholáthar laistigh de gach Conradh. A chinntiú go bhfuil freagrachtaí an Oibreora maidir le bainistiú sócmhainní leagtha amach go soiléir sna conarthaí seo;
- » Tá comhaontuithe i bhfeidhm, ar mhaithe le conarthaí dámhachtana díreacha a chinntiú, maidir le Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí a aistriú chuig an Oibreoir faoi shocruithe léasaithe. Sonraíonn na comhaontuithe atá i bhfeidhm na ceanglais cothabhála agus cúraim don fhlít bus;
- » Cigireachtaí mionsonraithe ar Fheithiclí Bóthair do Phaisinéirí ag iostaí curtha i gcrích ag conraitheoir saineolach;
- » Soláthraíonn na hoibreoirí tuarascálacha ráithiúla ar Fheithiclí Bóthair do Phaisinéirí, lena n-áirítear aon saincheist a thagann chun cinn maidir le hoibriú, cothabháil nó deisiú sócmhainní, agus fianaise go bhfuil saincheisteanna a bhaineann le sócmhainní curtha i láthair ar leithligh sna tuarascálacha;
- » A chinntiú go bhfuil rialuithe láidre i bhfeidhm maidir le sócmhainní a shainaithint, a thaifeadadh agus a aicmiú, lena n-áirítear clár mionsonraithe de shócmhainní dochta a chothabháil, rud a ndéantar a nuashonrú, a réiteach agus a thuairisciú go míosúil; agus
- » Cosaint sócmhainní a chinntiú trí idirphlé leanúnach leis na hoibreoirí iompair maidir le húsáid an fhlít lena n-áirítear athbhreithnithe fíoraithe fisiceacha bliantúla agus deimhnithe na n-oibreoirí iompair ar riocht agus ar stádas an fhlít, lena n-áirítear aon tháscaire maidir le lagú.

Cibearshlándáil - rialuithe

Tá roinnt rialuithe cibearshlándála curtha i bhfeidhm ag an Údarás chun cibear-riosca a mhaolú agus chun bagairtí cibearshlándála a réamh-mheas. Tá an méid seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an Údarás chun sraith rialuithe slándála cibear-athléimneach a bhaint amach:

- » A chinntiú go gcuirtear próisis rialachais, riosca agus comhlíonta cibearshlándála i bhfeidhm go héifeachtach ar fud an Údaráis, agus tuairisciú éifeachtach á dhéanamh chuig an bPríomhoifigeach Faisnéise (CIO), chuig an mBainistíocht Shinsearach, chuig an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus chuig an mBord mar is cuí agus le minicíocht shainithe. Tá rialuithe slándála curtha i bhfeidhm ag an Údarás i gcomhréir le creat Chibearshlándála na hInstitiúide Náisiúnta um Chaighdeán agus Teicneolaíochta (NIST), rud atá struchtúrtha thart ar chúig fheidhm slándála (Sainithin, Cosain, Braith, Freagair agus Aisghabh). Ina theannta sin, tacaíonn foireann slándála an Údaráis le comhlíonadh PCI DSS (Caighdeán Slándála Sonraí Thionscal na gCártaí Íocaíochta), leis an RGCS (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), an Treoir NIS (Slándáil Gréasáin agus Faisnéise) agus Caighdeán Bunlíne do Chibearshlándáil in Earnáil Phoiblí na hÉireann;

- » Próisis bainistíochta leochaileachta a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun a chinntiú go ndéantar gach leochaileacht slándála a shainaithint agus a rianú, riosca a mheas/glacadh leis agus go ndéantar iad a réiteach de réir an bheartais leochaileachta agus bainistíochta paiste comhaontaithe;
- » Athbhreithnithe slándála agus tástálacha treá a dhéanamh ar chórais lena chinntiú go bhfuil na córais slán nuair a sheoltar iad agus go bhfanann siad slán ar bhonn leanúnach;
- » A chinntiú go ndéantar gach teagmhas slándála agus gach sárú sonraí a bhainistiú go héifeachtach tríd an bpróiseas bainistithe teagmhais;
- » Seasamh slán maidir le néal san áitreabh a sholáthar trínár ngréasáin, ár mbonneagar agus ár bhfeidhmchláir a dhaingniú, agus trí chleachtais slándála tionscail arna sainiú ag ár soláthraithe néil a chur i bhfeidhm;
- » Cumais monatóireachta ar shlándáil agus ar fhaisnéis faoi bhagairtí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an tÚdarás in ann bagairtí slándála a shainaithint go luath, agus go mbeidh siad in ann iad a réamh-mheas agus ár ngréasáin, ár mbonneagar agus ár bhfeidhmchláir á gcosaint;
- » Sraith chuimsitheach de bhearta slándála a tabhairt isteach chun a chinntiú go ndéantar leanúnachas gnó agus athshlánú ó thubaistí a bhainistiú trí phróisis shonracha agus arna chumasú ag réitigh teicneolaíochta chuí. Déantar ár bpleananna maidir le leanúnachas gnó, bainistíocht teagmhais, cibearfhreagairt agus athshlánú ó thubaistí a thástáil agus a athbhreithniú go bliantúil chun a chinntiú go bhfuil siad cothrom le dáta agus oiriúnach dá bhfeidhm;
- » A chinntiú go gcuirtear rochtain úsáideora ar fáil i gcomhréir lenár mbeartais inmheánacha agus go bhfuil an rochtain a shanntar d'úsáideoirí caighdeánacha agus d'úsáideoirí faoi phribhléid bailí agus i gcomhréir le prionsabail “ar bhonn riachtanais eolais” an ghnó;
- » Athbhreithnithe rialta ar bhainistíocht riosca tríú páirtí a dhéanamh ar ár soláthróirí agus ár gcomhpháirtithe straitéiseacha chun riosca a shainaithint ag tús tionscadail agus ar bhonn leanúnach. Ina theannta sin, déantar PTFanna conarthacha cuí (Príomhtháscairí Feidhmíochta) a shainiú agus a thomhas go míosúil. Tá iolsraitheanna cosanta curtha i bhfeidhm ag ár bhfoireann slándála, chun comhlíonadh conartha a mhaoirsiú ó thaobh na slándála de agus deighilt dualgas ionas gur féidir leis an bhfoireann slándála dul i gcomhairle go héifeachtach leis an bhfoireann TF agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le rialuithe slándála cuí a chur i bhfeidhm;
- » Tá ár dtionscnaimh tionscadail go léir ag cloí lenár modheolaíocht slán de réir deartha agus de réir réamhshocraithe agus tá rialuithe slándála ionsuite ag tús aon tionscadal nó aon ghníomhaíocht soláthair. Leagadh ár seirbhísí comhairleacha agus ailtireachta amach le go n-áireofar iad i ngach céim de threoirlíne Fhaomhadh Tionscadal an Údaráis agus tá ár bhfoireann d'oifigigh slándála agus ailtirí ag cuidiú le rialuithe agus le moltaí atá dírithe ar shlándáil;
- » A chinntiú go bhfaigheann gach fostaí de chuid an Údaráis oiliúint maidir le feasacht slándála ar ionduchtúchán dóibh agus go bliantúil. Ina theannta sin, seoltar ríomhphoist agus comhairleoirí feasachta go rialta bunaithe ar réimse

dhinimiciúil na mbagairtí cibearshlándála;

- » Dul i mbun feachtais fioscaireachta “insamhalta” mhíosúla d’fhostaithe an Údaráis chun an bhagairt fioscaireachta a thomhas i gcónaí, agus chun oiliúint bhreise a sholáthar más gá;
- » Rialuithe príobháideachais sonraí agus cosanta sonraí a chur i bhfeidhm go leanúnach inár n-oibríochtaí agus ár bpróisis slándála - amhail aicmiú sonraí, athbhreithnithe ar chosc ar chailteanas sonraí agus monatóireacht slándála chun a chinntiú go mbaintear comhlíonadh RGCS amach agus go dtugtar tacú leis le bearta leordhóthanacha teicniúla agus eagraíochtúla.

Covid-19

Bhí tionchar suntasach ag Covid-19 ar ghníomhaíochtaí an Údaráis sna trí bliana suas go dtí 2022 agus an bhliain sin san áireamh.

D’fhill líon na bpaisinéirí ar leibhéal a bhí ann roimh Covid in 2023 agus d’fheidhmigh an fhoireann ar an mbonn hibrideach nua faoi ‘Bheartas Oibrithe Cumaisc NTA 2022’.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an ARC, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Údarás atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2023 i mí Feabhra 2024.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i ndáil le 2023, nó ag dáta sínithe na ráiteas airgeadais, ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



An tUasal Peter Strachan

Cathaoirleach



Iníon Anne Graham

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

28 Meitheamh 2024



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

National Transport Authority

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the National Transport Authority for the year ended 31 December 2023 as required under the provisions of section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended). The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the National Transport Authority at 31 December 2023 and of its income and expenditure for 2023 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 – *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the National Transport Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The National Transport Authority has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

Cost overruns on the National Train Control Centre project

In July 2019, the National Transport Authority approved an Iarnród Éireann project to develop a National Train Control Centre (NTCC), with a project budget of €148 million. The NTCC will manage and regulate all train movements on the national rail network. The project includes the development of a new train management system, construction of a new train control centre at Heuston Station, and refurbishment of the existing central traffic control centre at Connolly Station.

Note 25 to the financial statements discloses that by 31 December 2023, €116.5 million had been spent on the project.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (Ich 1/2)

Report of the Comptroller and Auditor General (continued)

In 2023 and 2024, the NTCC project experienced delays in relation to the development of the train management system. Completion of that element of the project was delayed by an estimated nine months, and is now estimated to be completed by May 2026. Iarnród Éireann has determined that a significantly increased level of resourcing will be required within its team to support the completion of this project, and has estimated the most-likely overall cost outturn for the project at around €188 million. This would represent a €40 million, or 27% project cost overrun.

In April 2024, the National Transport Authority noted that additional funding will be required to support the completion of the project.



Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

28 June 2024

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (Ich 1/2)

Appendix to the report

Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report, the Board members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended)
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended) to audit the financial statements of the National Transport Authority and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the National Transport Authority's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the National Transport Authority to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim a Coimeádadh

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam			
Deontais an Oireachtais			
Maoiniú na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí	2.1	575,479	589,617
Costais Tacaíochta d'Oibreoirí Bus Tráchtála	2.2	-	13,743
Maoiniú Infheistíochta Caipitil	2.3	892,547	806,914
Maoiniú Iompair Eile	2.4	33,593	31,874
Maoiniú riaracháin	2	36,589	34,664
Ioncam ó Tháillí	3	471,017	252,115
Ioncam ceadúnaithe	4	6,549	3,371
Glanmaoiniú iarchurtha do shocair scoir	15.3	4,818	4,760
Ioncam eile	5	7,742	6,279
Ioncam iomlán		2,028,334	1,743,337
Caiteachas			
Caiteachas na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí	6	982,086	809,907
Caiteachas Scéime Tacaíochta CBO	6.1	-	14,972
Caiteachas Ticéadaithe agus Teicneolaíochta Iompair	6.2	35,453	27,107
Caiteachas Infheistíochta caipitiúla	7	870,822	735,601
Ollchaiteachas eile	8	34,308	33,523
Caiteachas Cláir eile	9	3,231	2,540
Caiteachas ceadúnaithe	10	6,100	5,920
Fostaithe, Daoine ar Iasacht agus Seirbhísí socrúcháin seachfhoinsithe	11	29,590	24,285
Costais lóistín oifige	12	5,161	3,464
Costais riaracháin eile	13	9,308	8,276
Costais sochair scoir	14	3,828	4,406
Caiteachas Iomlán		1,979,887	1,670,001
Barrachas na bliana roimh Leithreasuithe		48,447	73,336
Aistriú chuig cuntas caipitil	21	(27,601)	(64,061)
Barrachas na bliana tar éis Leithreasuithe		20,846	9,275
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 1 Eanáir		20,343	11,068
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 31 Nollaig		41,189	20,343

Tá Nótaí 1 go 31 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.
Sínithe thar ceann Bhord an Údarás Náisiúnta Iompair



An tUasal Peter Strachan

Cathaoirleach



Iníon Anne Graham

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Barrachas na bliana		20,846	9,275
Ioncam cuimsitheach eile			
Aththomhas ar ghlan-oibleagáid sochair shainithe	15.2	(3,516)	19,096
Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha	15.2	3,516	(19,096)
Barrachas aitheanta iomlán na bliana		20,846	9,275

Tá Nótaí 1 go 31 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



An tUasal Peter Strachan
Cathaoirleach



Iníon Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

28 Meitheamh 2024

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Sócmhainní Dochta			
Sócmhainní doláimhsithe	16	17,461	22,049
Maoin, gléasra agus trealamh	17	454,920	420,299
		472,381	442,348
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	18	21,269	11,914
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		100,148	77,191
		121,417	89,105
Suimeanna iníoctha: dlite laistigh de 1 bhliain	19	(85,638)	(72,939)
Glansócmhainní reatha		35,779	16,166
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		508,160	458,514
Oibleagáidí sochair scoir	15.2	(55,847)	(47,513)
Sócmhainn maoinithe maidir le sochair scoir iarchurtha	15.2	55,847	47,513
Suimeanna iníoctha: dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain	20	(3,363)	(2,164)
Iomlán na nglansócmhainní		504,797	456,350
Arna mhaoiniú ag			
Cuntas caipitil	21	463,608	436,007
Cúlchistí ioncaim coinnithe		41,189	20,343
		504,797	456,350

Tá Nótaí 1 go 31 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



An tUasal Peter Strachan
Cathaoirleach



Iníon Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

28 Meitheamh 2024

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas ioncaim thar chaiteachas		20,846	9,275
Aistrithe cuntais chaipitil – sócmhainní dochta	21	27,601	64,061
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	16	7,200	6,929
Dímheas maoin, gléasra agus trealaimh	17	47,017	40,225
Aistrítear sócmhainní atá á dtógáil (“AUC”) chuig costais	16/17	-	456
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	13	956	15
Ús glan bainc (infhaighte)/iníochta		(205)	142
Méadú in infháiltais	18	(9,355)	(893)
Méadú i suimeanna iníochta	19/20	13,898	13,265
Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		107,958	133,475
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní doláimhsithe a fháil	16	(2,612)	(4,403)
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil	17	(82,594)	(110,198)
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(85,206)	(114,601)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Ús glan bainc faighte/(íochta)		205	(142)
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		205	(142)
Méadú glan in airgead tirim agus coibhéis airgid thirim i mbliana		22,957	18,732
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir		77,191	58,459
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig		100,148	77,191

Tá Nótaí 1 go 31 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair



An tUasal Peter Strachan
Cathaoirleach



Iníon Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

28 Meitheamh 2024

Nótaí chuig na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

1. Beartais cuntasáíochta

Leagtar amach na boinn cuntasáíochta agus na polasaithe suntasacha cuntasáíochta arna nglacadh ag an Údarás thíos.

a) Ginearálta

Tá ceannoifig an Údaráis ag Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Is é príomhchuspóir an Údaráis a chinntiú go soláthrófar córas iompair éifeachtach, inrochtana agus comhtháite i gceantair thuaithe agus uirbeacha na hÉireann. Tá an tÚdarás freagrach freisin as rialú seirbhísí amhail seirbhísí iompair do bhusanna poiblí tráchtála agus Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (“SPSV”).

Is eintiteas leasa phoiblí é an tÚdarás.

Is é an Euro airgeadra tuairiscithe agus feidhmiúil na ráiteas airgeadais seo. Slánaíodh gach suim sna ráitis airgeadais go dtí an €1,000 is gaire.

b) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 i gcomhréir leis an reachtaíocht infheidhmithe, agus le Glacadh Céaduaire (FRS) 102 na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Iompair le comhthoilíocht an Aire Airgeadais faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

c) Airgeadra eachtrach

Idirbhearta agus iarmhéideanna

Agus ráitis airgeadais an Údaráis á n-ullmhú, aithnítear idirbhearta in airgeadraí seachas airgeadra fheidhmiúil an Údaráis ag an spotráta ar dhátaí na n-idirbheart nó ag meánráta nuair is ionann an ráta seo agus an ráta iarbhír ar dháta an idirbhirt. Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar míreanna airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a athaistriú ag na rátaí a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta sin. Ní dhéantar míreanna neamhairgeadaíochta a thomhaistear i dtéarmaí costais stairiúil in airgeadra eachtrach a athaistriú.

Aithnítear difríochtaí malairte sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa tréimhse ina n-eascaíonn siad, cé is moite de dhifríochtaí malairte ar cheannach sócmhainní seasta a scaoiltear chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar shaolré na sócmhainní ábhartha.

d) Ioncam

Deontais an Oireachtais

Aithnítear ioncam sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ar bhonn na bhfáltas airgid. Uaireanta nuair a bhíonn coinníoll ar leith a bhaineann le feidhmíocht amach anseo ag gabháil le gné éigin den mhaoiniú, aithnítear an t-ioncam nuair a chomhlíontar an coinníoll.

Úsáidtear deontais de réir coinníollacha um leithdháileadh an deontais. Tá sonraí faoi na foinsí agus na cineálacha deontais i gcomhair 2023 leagtha amach thíos:

An Roinn	Cineál Deontais
DoT* - Vóta	Deontais reatha - fo-cheannteideal B6
DoT* - Vóta	Oibleagáid Seirbhíse Poiblí - fo-cheannteideal B4
DoT* - Vóta	Éire a Nascadh - fo-cheannteideal B4.4
DoT* - Vóta	Seirbhísí Baile Nua - fo-cheannteideal B4.4
DoT* - Vóta	Sábháilteacht agus forbairt iarnróid throm - fo-cheannteideal B5.1
DoT* - Vóta	Infheistíocht i mbonneagar iompair phoiblí - fo-cheannteideal B5.2
DoT* - Vóta	Clár iarfheistithe inrochtaineachta - fo-cheannteideal B5.3
DoT* - Vóta	Taisteal Gníomhach - fo-cheannteideal A3.1
DoT* - Vóta	Deontas don taisteal níos cliste - fo-cheannteideal A3.2
DoT* - Vóta	Rothaíocht agus siúl - fo-cheannteideal A3.3
DoT* - Vóta	Deontas na scoileanna glasa - fo-cheannteideal A3.4
DoT* - Vóta	Deontais d'Iompar Tuaithe - fo-cheannteideal B4.2
DoT* - Vóta	Laghdú Carbóin (Deontais SPSVanna Leictreacha) - fo-cheannteideal B3
DoT* - Vóta	Caiteachas riaracháin - fo-cheannteideal B6.2
RCS** - Vóta	Maoiniú saorthaistil - fo-cheannteideal A40

* An Roinn Iompair (“DoT”)

** An Roinn Coimirce Sóisialaí (“RCS”)

Léirítear leis an gcuntas caipitil an cion neamh-amúchta den ioncam a chuirtear i bhfeidhm chun críocha caipitil. Maoinítear sócmhainní seasta ó ioncam deontais a aistrítear chuig an gcuntas caipitil agus a amúchtar de réir amúchadh na sócmhainní doláimhsithe agus le dímheas maoiné, gléasra agus trealaimh. Cosnaítear maoiniú trí infheistíocht stáit agus ní úsáidfear é mar urrús d'aon ghníomhaíocht eile gan dul i gcomhairle roimh ré leis an Roinn Iompair agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an PFN agus Athchóirithe.

Ceadúnú

Baineann sé sin le hioncam a eascraíonn as ceadúnú feithicle/tiománaí, gníomhaíochtaí measúnaithe agus forfheidhmithe maidir le rialáil SPSVanna agus ceadúnú seirbhísí iompair phoiblí tráchtála. Aithnítear ioncam ar bhonn na bhfáltas airgid.

Fógraíocht ar scáthláin bhus

Baineann sé seo le hioncam a eascraíonn as spás fógraíochta ar scáthláin bus a dhíol. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhráithe.

Ioncam ó pháirceáil cóistí

Baineann sé seo le hioncam a eascraíonn as úsáid na saoráide cóistí ag oibreoirí cóistí ag na rátaí infheidhme. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

Scéim rothar réigiúnach

Eascraíonn ioncam as rothair a ligean ar cíos agus as spás fógraíochta a dhíol. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

e) Ioncam ó tháillí

Faigheann an tÚdarás ioncam ó tháillí trína shocruithe conartha ollchostais le Bus Átha Cliath, le Bus Éireann agus le hIarnród Éireann. Ina theannta sin, tá roinnt conarthaí ag an Údarás chun seirbhísí poiblí do phaisinéirí a sholáthar a cuireadh amach trí thairiscint ar bhonn iomaíoch; na seirbhísí sin a bhíodh á n-oibriú ag Bus Átha Cliath nó ag Bus Éireann san áireamh. Faoi na conarthaí sin, coinníonn an tÚdarás ioncam ó tháillí. Is é an tÚdarás agus ní an t-oibreoir a shocraíonn cúrsaí amhail táillí, minicíocht agus sceidealú. Úsáideann an tÚdarás an t-ioncam sin chomh maith le maoiniú ó dheontais an Oireachtais chun gníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a mhaoiniú.

Aithníonn an tÚdarás ioncam trína shruthanna éagsúla ioncaim mar a leanas:

Airgead tirim ar an mBus:

Aithnítear ioncam airgid ar an mbus ag an díolphointe, is é sin an lá a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

Ioncam ó r-thiachóga scéim ticéadaithe chomhtháite Chárta Leap TFI:

Aithnítear ioncam ó r-thiachóga scéim ticéadaithe chomhtháite an Chárta Leap TFI ar an mbus an lá a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

TaxSaver:

Aithnítear ticéid bhliantúla TaxSaver go cothrom thar na tréimhsí sa bhliain lena mbaineann na táirgí.

Ioncam ó Tháirge TFI:

Aithnítear ioncam ó Tháirge TFI an lá a dhíoltar an ticéad.

Ioncam ó Shaorthaisteal:

Faightear ioncam ó Shaorthaisteal faoin scéim bhaile ar bhonn míosúil, ón Roinn Coimirce Sóisialaí, agus aithnítear é an mhí lena mbaineann sé. Faightear na fáiltais ioncaim i riaráiste. Faightear an t-ioncam Trasteorann ar bhonn tréimhsiúil agus aithnítear é nuair a fhaightear an t-airgead.

f) Ús infhaighte/ús iníochta

Aithnítear ioncam nó caiteachas úis ar bhonn fabhraithe.

g) Caiteachas deontais

Aithnítear caiteachas sa bhliain ar bhonn méideanna a eisíoctar le deontaithe agus costais a thabhaítear i gcomhair tionscadal a chuireann an tÚdarás chun feidhme

go díreach.

h) Sócmhainní doláimhsithe

Sonraítear sócmhainní doláimhsithe ag a gcostas stairiúil nó ag a luacháil, lúide amúchadh carntha. Gearrtar amúchadh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir méid chothroim ag na rátaí atá leagtha amach thíos, arna ríomh chun na sócmhainní arna gcoigeartú do luach iarmharach a dhíscríobh thar a saolréanna fóinteacha ionchais. Gearrtar amúchadh le haghaidh bliain iomlán nuair a chuirtear na sócmhainní seasta doláimhsithe go léir sa bhliain éadála leis agus ní ghearrtar amúchadh ar bith i mbliain na diúscartha.

Bogearraí córas iompair	10% - 20% de réir méid chothroim
Bogearraí bonneagair iompair	10% - 20% de réir méid chothroim
Bogearraí trealamh oifige	20% de réir méid chothroim

Déantar athbhreithniú bliantúil ar luachanna iarmharacha, saolréanna fóinteacha agus modh amúchta na sócmhainní doláimhsithe agus déantar iad a choigeartú go hionchasach, más cuí.

Le hathruithe ar shaolré fhóinteach ionchais nó ar phatrún tomhaltais ionchais na sochar eacnamaíoch amach anseo atá corpraithe sa tsócmhainn, meastar go modhnaítear an tréimhse nó an modh amúchta, de réir mar is cuí, agus láimhseáiltear iad mar athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta.

Aithnítear costais forbartha bogearraí mar shócmhainn doláimhsithe nuair a léirítear gach ceann de na critéir seo a leanas:

- » An fhéidearthacht theicniúil go gcuirfead forbairt na mbogearraí i gcrích ionas go mbeidh siad ar fáil lena n-úsáid nó lena ndíol;
- » An rún na bogearraí a chríochnú agus iad a úsáid nó a dhíol;
- » An cumas na bogearraí a úsáid nó a dhíol;
- » Acmhainní leordhóthanacha teicniúla, airgeadais agus eile a bheith ar fáil chun forbairt na mbogearraí a chríochnú agus iad a úsáid nó a dhíol; agus
- » An cumas an caiteachas atá inchurtha i leith na mbogearraí a thomhas go hiontaofa le linn a bhforbartha.

i) Maoin, gléasra agus trealamh

Sonraítear maoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas stairiúil nó ag a luacháil, lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir méid chothroim ag na rátaí atá leagtha amach thíos, arna ríomh chun na sócmhainní arna gcoigeartú do luach iarmharach a dhíscríobh thar a saolréanna fóinteacha ionchais. Gearrtar dímheas le haghaidh bliain iomlán nuair a chuirtear an mhaoín, an gléasra agus an trealamh go léir sa bhliain éadála leis agus ní ghearrtar dímheas ar bith i mbliain na diúscartha.

Feabhsúcháin ar réadmhaoín léasach	5% de réir méid chothroim nó ar aon dul le saolré an léasa más giorra é
Feithiclí iompair paisinéirí	8.33% - 10% de réir méid chothroim

Crua-earraí córas iompair	10% - 25% de réir méid chothroim
Trealamh oifige	10% de thoscán & feistis & 25% de threalamh ríomhaire de réir méid chothroim
Bonneagar iompair	5% - 25% de réir méid chothroim

Déantar athbhreithniú bliantúil ar luachanna iarmharacha, saolréanna fóinteacha agus modh dímheasa na maoinne, an ghléasra agus an trealamh agus déantar iad a choigeartú go hionchasach, más cuí.

Le hathruithe ar shaolré fhóinteach ionchais nó ar phatrún tomhaltais ionchais na sochar eacnamaíoch amach anseo atá corpraithe sa tsócmhainn, meastar go modhnaítear an tréimhse nó an modh dímheasa, de réir mar is cuí, agus láimhseáiltear iad mar athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta.

Cuimsítear i mbonneagar iompair den chuid is mó sócmhainní a úsáidtear don scéim rothar réigiúnach, faisnéis do phaisinéirí i bhfíor-am agus scáthláin bhus.

j) Feithiclí Iompair Paisinéirí

Ó 2017 i leith, faigheann an tÚdarás busanna chun flít busanna láraithe agus caighdeánaithe a choinneáil ar bun d'iompar poiblí. Cuirtear na busanna sin ar fáil dá réir sin d'oibreoirí iompair poiblí trí shocruithe ceadúnais (gan aon táille ríchiosa) nó socruithe léasa (cíos bliantúil ainmniúil €1 in aghaidh an bhus) chun seirbhísí iompair poiblí a oibriú thar ceann an Údaráis.

Tá sé cinnte ag an Údarás go gcomhlíonann na busanna sin an sainmhíniú ar shócmhainn agus go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh sochair eacnamaíoch amach anseo ó na busanna, agus mar sin is féidir na busanna a aithint mar shócmhainn faoi FRS 102. Cuid lárnach den chinneadh sin ná go meastar gur eintiteas leasa poiblí é an tÚdarás, mar atá leagtha amach sna beartais chuntasaíochta. Aithnítear na busanna ar dtús ag costas nó ag costas dímheasta ar éadail.

Tá sé socraithe ag an Údarás freisin nach léas iad na socruithe ceadúnais ná na socruithe léasa leis na hoibreoirí iompair poiblí de réir Alt 20 de FRS 102. Is cuid bhunúsach den chinneadh sin go gcoimeádann an tÚdarás sa dá chás an ceart chun a ordú an dóigh a n-úsáidfidh na hoibreoirí iompair poiblí na busanna le linn na tréimhse úsáide agus na gcríocha dá n-úsáidfidh siad iad.

k) Laige sócmhainní seasta

I gcás go dtugtar le fios le himeachtaí nó le hathruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála, déantar athbhreithniú ar shócmhainní seasta maidir le bearnú. Déantar méid in-aisghabhála aon sócmhainne lena mbaineann a mheas agus a chur i gcomparáid lena suim ghlanluacha. Má bhíonn an méid in-aisghabhála measta níos ísle, laghdaítear an tsuim ghlanluacha go dtí a méid in-aisghabhála measta agus aithnítear cailteanas bearnaithe láithreach sa Ráiteas Ioncaim agus Cailteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Coinnítear busanna dá n-acmhainneacht seirbhíse seachas chun toradh airgeadais a sholáthar. Úsáideann an tÚdarás samhail tomhais na gcostas athsholáthair dímheasta lena mheas an raibh aon chailteanas bearnaithe ann.

Má dhéantar cailteanas bearnaithe ina dhiaidh sin a chealú, méadófar suim

ghlanluacha na sócmhainne go dtí an meastachán athbhreithnithe ar a méid in-aisghabhála, ach ní níos mó ná an méid a bheadh socraithe mura n-aithníodh aon chaillteanas bearnaithe don tsócmhainn sna blianta roimhe sin. Aithnítear cealú caillteanais bearnaithe láithreach sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

1) Sochair fostaithe

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain. Áirítear sochair a fabhraíodh ag deireadh na bliana i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Sochair scoir

Léiríonn sna ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Údaráis agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair scoir a sholáthar sna tréimhsí cuntasaióchta ina dtuilleann fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéime scoir ar bhonn achtúireach ag baint úsáid as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime scoir sa Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Stát don scéim scoir le sochar sainithe neamhchistithe amháin.

Glacann fostaithe an Údaráis páirt sna scéimeanna pinsin seo a leanas:

- *Scéim le Sochar Sainithe – “Scéim ÚNI”*

Scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe ar thuarastal deiridh is ea *Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis Náisiúnta Iompair 2010* lena ngabhann sochair agus ranníocaíochtaí sainithe faoi threoir na rialachán ‘samhail’ scéim na hearnála poiblí. Is scéim neamhchistithe í sin do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí na mball leis an Roinn Iompair. Tá na costais, na dliteanais agus na sócmhainní a bhaineann le feidhmiú na scéime sin san áireamh sna nochtaí i Nóta 14 agus 15 maidir leis na scéimeanna pinsin le sochar sainithe.

- *Scéim le Sochar Sainithe – “An Scéim Aonair”*

Scéim pinsin le sochar sainithe, bunaithe ar mheántuarastal is ea *Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí*. Is scéim neamhchistithe í sin do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí na mball leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an PFN agus Athchóirithe. Tá na costais, na dliteanais agus na sócmhainní a bhaineann le feidhmiú na scéime sin san áireamh sna nochtaí i Nóta 14 agus 15 maidir leis na scéimeanna pinsin le sochar sainithe.

- *Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe – “Scéim GFI”*

Aistríodh roinnt fostaithe go dtí an tÚdarás ó Bhonneagar Iompair Éireann (“BIÉ”), i ndiaidh dóibh a bheith fostaithe ag an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród (“GFI”) sular ionsúdh a gníomhaíochtaí i mBonneagar Iompair Éireann. Tá siad fós ina mbaill de *Phlean Pinsin agus Árachais Saoil na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród 2003* ar scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe í. Níl an scéim sin ar fáil d’iontrálaithe nua. Maoinítear sochair phinsin thar thréimhse seirbhíse

na bhfostaithe trí ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóra leis an scéim. Gearrtar ranníocaíochtaí fostóra ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a thagann siad chun bheith iníoctha. Ní iompraíonn an tÚdarás sócmhainn/dlíteanas pinsin don scéim sin toisc go bhfuil sé faoi dhlíteanas i leith na ranníocaíochtaí fostóra atá dlite i leith na bhfostaithe sin amháin.

m) Léasanna

Rangaítear léasanna mar léasanna airgeadais nuair a dhéantar na rioscaí agus na luaíochtaí go léir a bhaineann le húinéireacht na sócmhainní léasaithe a aistriú go substaintiúil chuig an Údarás leo. Rangaítear léasanna eile nach n-aistrítear go substaintiúil leo an riosca agus na luaíochtaí go léir a bhaineann le húinéireacht na sócmhainní léasaithe chuig an Údarás mar léasanna oibriúcháin. Áirítear sócmhainní a choinnítear faoi léas airgeadais i maoin, gléasra agus trealamh agus dímheastar agus athbhreithnítear iad maidir le bearnú ar an mbealach céanna le sócmhainní faoi úinéireacht iomlán.

Mar léasaí

Aithnítear íocaíochtaí a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin, glan ó dhreasachtaí arna bhfáil ón léasóir, sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe mar chaiteachas thar théarma an léasa de réir méid cothrom.

Mar léasóir

Aithnítear íocaíochtaí a fhaightear faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe mar ioncam thar théarma an léasa de réir méid chothroim.

n) Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla chuntasaíochta

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, éilítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i gcion ar na méideanna a tuairiscíodh maidir le sócmhainní agus dlíteanais ar dháta an Ráitis maidir leis an Staid Airgeadais agus na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansais i rith na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh na torthaí iarbhir a bheith difriúil leis na meastacháin sin. Meastar go bhfuil na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas tábhachtach chun staid airgeadais an Údaráis a léiriú:

• Dímheas agus luachanna iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta uile agus chinn sé go bhfuil saolréanna na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha cuí.

• Laige sócmhainní seasta

I gcás go dtugtar le fios le himeachtaí nó le hathruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála, déantar athbhreithniú ar shócmhainní maidir le bearnú.

• Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Tá sé cinnte ag an Údarás go gcomhlíonann na busanna sin an sainmhíniú ar

shócmhainn agus go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh sochair eacnamaíocha amach anseo ó na busanna, agus mar sin is féidir na busanna a aithint mar shócmhainn faoi FRS 102. Cuid lárnach den chinneadh sin ná go meastar gur eintiteas leasa phoiblí é an tÚdarás, mar atá leagtha amach sna beartais chuntasaíochta.

• Oibleagáid sochair scoir

Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar na boinn tuisceana is bun leis na luachálacha achtúireacha a gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar na leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí básmhaireachta) gach bliain.

• Soláthairtí

Déanann an tÚdarás soláthar d'oibleagáid láithreach (dlíthiúil nó inchiallaithe) mar thoradh ar imeacht san am atá thart, más dócha go gceanglófar ar an Údarás an dualgas is eol dó a bheith gan íoc ag dáta deiridh na tréimhse a shocrú.

o) Infháltais

Tomhaistear infháltais ghearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt, lena n-áirítear costais an idirbhirt, lúide aon bhearnú

p) Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Léirítear airgead tirim le hairgead ar láimh agus le taiscí gearrthéarmacha le hinstiúidí airgeadais. Is infheistíochtaí an-leachtach iad coibhéisí airgid thirim a aibíonn laistigh de thrí mhí ar a mhéad ó dháta na fála agus ar féidir iad a chomhshó go héasca go méideanna aitheanta airgid thirim agus ní ann ach riosca beag go n-athrófar an luach.

q) Suimeanna iníochta

Tomhaistear suimeanna iníochta gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt, lena n-áirítear costais an idirbhirt, lúide aon bhearnú

r) Ionstraimí airgeadais

Ní dhéanann an tÚdarás ach idirbhearta ionstraimí airgeadais bunúsacha a mbíonn mar thoradh orthu go n-aithnítear sócmhainní agus dliteanas airgeadais amhail trádáil agus infháltais agus suimeanna iníochta eile.

Déantar ionstraimí fiachais (seachas na cinn a bhíonn go hiomlán in-aisíochta nó infhaighte laistigh de bhliain amháin), lena n-áirítear iasachtaí agus cuntais eile infhaighte agus iníochta, a thomhas ar dtús ag luach reatha na sreafaí airgid amach anseo agus ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag úsáid modh an úis éifeachtaigh. Déantar ionstraimí fiachais atá iníochta nó infhaighte laistigh de bhliain amháin, go hiondúil nithe iníochta trádála nó infhaighte, a thomhas ar dtús agus ina dhiaidh sin, ag méid neamhscainithe an airgid thirim nó na comaoine eile a bhfuiltear ag súil le híoc nó le fáil. Más idirbheart maoinithe iad na socruithe ionstraime gearrthéarmacha, áfach, amhail íocaíocht fiachais trádála a iarchuireadh thar na gnáth-thearmaí gnó nó a maoiníodh ag ráta úis nach ráta margaidh é nó i gcás iasacht ghearrthéarmach glan amach nach bhfuil ag ráta an mhargaidh, déantar an tsócmhainn airgeadais nó an dliteanas airgeadais a thomhas ar dtús ag luach reatha an tsreafa airgid amach anseo arna lascainiú ag ráta úis an mhargaidh le

haghaidh ionstraim fiachais chomhchosúil agus ina dhiaidh sin ag costas amúchta. Déantar sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag costas agus costas amúchta a mheas ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe i gcomhair fianaise oibiachtúil ar bhearnú. Má aimsítear fianaise oibiachtúil ar bhearnú, aithnítear cealú cailteanais bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

s) Forálacha le haghaidh dliteanas

Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid láithreach (dlíthiúil nó inchiallaithe) ar an Údarás mar thoradh ar imeacht san am atá thart, gur dócha go mbeidh ar an Údarás an oibleagáid a chomhlíonadh agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh maidir le méid na hoibleagáide.

Is é an méid a aithnítear mar sholáthar an meastachán is fearr ar an gcomaoin is gá chun an oibleagáid láithreach a shocrú ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, agus na rioscaí agus na héiginnteachtaí a bhaineann leis an oibleagáid á gcur san áireamh.

I gcás ina bhfuil éifeacht luach ama an airgid ábhartha, aithnítear an méid a mheastar a bheidh ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh ag an luach reatha ag úsáid an ráta lascaine réamhchánach. Aithnítear an leachtú ar an lascaine mar chostas airgeadais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa tréimhse a eascraíonn sé.

t) Athrangú Fhigiúirí na Tréimhse Roimhe Seo

Déantar na comparáidí tréimhse roimhe seo a choigeartú nuair is cuí chun cuidiú le hinchomparáideacht.

2. Deontais an Oireachtais

Aithníodh na deontais seo a leanas mar ioncam de réir bheartas cuntasaióchta 1(d):

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
An Roinn Iompair			
Maoiniú na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí	2.1	575,479	589,617
Maoiniú Scéim Tacaíochta CBO	2.2		13,743
Maoiniú infheistíochta caipitil	2.3	892,547	806,914
Maoiniú scéimeanna iompair eile	2.4	32,093	30,374
Maoiniú riaracháin		36,589	34,664
		1,536,708	1,475,312
An Roinn Coimirce Sóisialaí			
Maoiniú Scéimeanna Iompair Eile	2.4	1,500	1,500
		1,538,208	1,476,812

Sonraítear an deontas Riaracháin de €36.6m (2022: €34.7m) glan ar ranníocaíochtaí sochair scoir fostaithe de €1.6m (2022: €1.3m), tá €0.9m curtha ar aghaidh chuig an Roinn Iompair (maidir le scéim sochar scoir foirne an Údaráis) (2022: €0.8m) agus tá €0.7m curtha ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí,

Sheachadadh an PFN agus Athchóirithe (maidir le scéim aonair sochar scoir seirbhíse) (2022: €0.5m).

2.1 Deontais an Oireachtais - maoiniú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Tarraingítear maoiniú OSP anuas ón Roinn Iompair faoi Fho-cheannteideal B4 maidir le hÍocaíochtaí Soláthair Seirbhíse Poiblí.

	An Roinn	Fo-cheannteideal	2023 €'000	2022 €'000
Iarnród Éireann	DoT	B4	187,165	225,602
Bus Átha Cliath:	DoT	B4	144,293	147,503
Bus Éireann	DoT	B4	82,089	114,989
Bealaí bus tairisceana	DoT	B4	70,881	38,233
Ticéadú agus Teicneolaíocht	DoT	B4	32,568	25,241
Luas	DoT	B4	28,498	24,460
Deontas na gCártaí d'Aosaigh Óga	DoT	B4	12,119	2,442
Éire a Nascadh	DoT	B4.4	8,553	3,880
Gníomhaíochtaí díreacha údaráis	DoT	B4	8,315	7,267
Seirbhísí Baile Nua	DoT	B4.4		998
			575,479	589,617

2.2 Maoiniú Scéim Tacaíochta Oibrítheora Bus Tráchtála

	2023 €'000	2022 €'000
Gradaim Dhíreacha	-	7,862
Deontais De Minimis	-	4,349
Costais riaracháin Oibrítheora Bus Tráchtála	-	1,532
	-	13,743

Mar gheall ar thionchar na paindéime, cuireadh tacaíocht airgeadais éigeandála sealadach ar fáil d'oibrítheoirí bus tráchtála, a maoiníodh tríd an deontas Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, lena chinntiú go leanfar le hoibriúchán seirbhísí bus ceadúnaithe riachtanach in Éirinn. Dúnadh an maoiniú Oibrítheoir Bus Tráchtála d'éilimh nua i mí Meithimh 2022.

2.3 Deontais an Oireachtais - Maoiniú Infheistíochta Caipitil

Tarraingítear maoiniú infheistíochta caipitil anuas ón Roinn Iompair faoi fho-cheannlínte an Chláir Infheistíochta Iompair Phoiblí.

	2023 €'000	2022 €'000
A3.1 Infheistíocht Taistil Gníomhaigh Cosaint agus Athnuachan Acmhainne	3,013	19,242
A3.3 Infheistíocht Taistil Gníomhaigh Rothaíocht agus Siúl	339,356	291,022
B5.1 Iarnród Trom	247,213	240,659
B5.2 Bonneagar Iompair Phoiblí	283,151	244,574
B5.3 Inrochtaineacht	19,814	11,417

	2023 €'000	2022 €'000
	892,547	806,914

2.4 Deontais an Oireachtais - Scéimeanna Iompair Eile

Reáchtálann an tÚdarás roinnt scéimeanna eile thar ceann na Roinne Iompair agus na Roinne Coimirce Sóisialaí Taispeántar an maoiniú deontais a fuarthas thíos:

	An Roinn	Fo-cheannteideal	2023 €'000	2022 €'000
Iompar Tuaithe	DoT	B4.2	17,262	16,016
Scéim Deontais SPSVanna Leictreacha	DoT	B3	12,663	12,435
Scoileanna Glasa	DoT	A3.4	1,351	1,445
Taisteal Níos Cliste	DoT	A3.2	817	478
			32,093	30,374
Iompar Tuaithe	RCS	A40	1,500	1,500
			33,593	31,874

3. Ioncam ó Tháillí

	2023 €'000	2022 €'000
Iarnród Éireann	181,357	-
Bus Átha Cliath:	145,895	136,409
Bus Éireann	66,336	58,965
Ioncam RCS - Taisteal Saor in Aisce	52,515	37,159
Bealaí Bus Tairisceana	20,030	16,648
Seirbhísí Rialta Tuaithe	3,895	2,290
Seirbhísí Tuaithe ag Freagairt don Éileamh	989	644
	471,017	252,115

In 2023, d'aistrigh conradh dámhachtana díri an Údaráis le hIarnród Éireann ó shocrú conartha glanchostais go conradh ollchostais. Le blianta beaga anuas, faoi théarmaí an chonartha glanchostais, coinníodh ioncam ó tháillí ag Iarnród Éireann. In 2023, de réir an chonartha ollchostais, coinníonn an tÚdarás ioncam ó tháillí ar fad. B'ionann ioncam ó tháillí in 2022 agus €171.8m.

4. Ioncam ceadúnaithe

	2023 €'000	2022 €'000
Táillí ceadúnaithe tiománaithe SPSV	1,589	1,407
Táillí ceadúnaithe feithicle SPSV	3,966	1,139
Ioncam eile ó SPSV	828	578
Ioncam ó cheadúnú bus	71	184
Ioncam comhlíonta SPSV	95	63
	6,549	3,371

5. Ioncam eile

	2023 €'000	2022 €'000
Fógraíocht ar scáthláin bhus	6,941	5,715
Ioncam eile	694	479
Scéim Rothar Réigiúnach - urraíocht, síntiúis agus cíos	82	73
Ioncam ó Pháirc an Chóiste	25	12
	7,742	6,279

6. Caiteachas na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí

	2023 €'000	2022 €'000
Iarnród Éireann	363,594	225,602
Bus Átha Cliath:	309,076	296,441
Bus Éireann	167,460	184,792
Seirbhísí bus tairisceana	84,132	63,717
Luas	28,498	24,460
Scéim na gCártaí d'Aosaigh Óga	12,389	2,447
Éire a Nascadh	8,553	3,880
Costais Tacaíochta OSP	3,958	5,688
Forchostais phearsanra agus ghaolmhara	2,752	1,882
Seirbhísí Baile Nua	998	
Dímheas	676	998
	982,086	809,907

Déanann an tÚdarás íocaíochtaí chun seirbhísí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí a chur ar fáil atá riachtanach go sóisialta, ach nach bhfuil inmharthana ó thaobh na tráchtála de. Tagann íocaíochtaí a rinne an tÚdarás ó airgead a cuireadh ar fáil ag an Oireachtas tríd an DoT agus ioncam ó tháillí a fuarthas ar na seirbhísí sin.

Seirbhísí bus tairisceana

Tá roinnt conarthaí ag an Údarás chun Oibleagáid Seirbhíse Poiblí a sholáthar a cuireadh amach ar tairiscint go hoscailte, lena n-áirítear na seirbhísí sin a bhíodh á n-oibriú ag Bus Átha Cliath nó ag Bus Éireann mar chuid dá gconarthaí. Is é an tÚdarás agus ní an t-oibreoir a shocraíonn cúrsaí amhail táillí, minicíocht agus sceidealú. Curtha san áireamh thuas, tá costais maidir le hoibriúchán agus soláthar sheirbhísí sceidealaithe Oibleagáid Seirbhíse Poiblí leanúnacha ar bhealaí tuaithe - Nasc Áitiúil a thugtar air.

6.1 Caiteachas Scéime Tacaíochta CBO

	2023 €'000	2022 €'000
Gradaim Dhíreacha Eile	-	8,770
Deontais De Minimis	-	4,593
Costais Tacaíochta Oibrítheora Bus Tráchtála	-	1,609
	-	14,972

Le blianta beaga anuas, mar gheall ar thionchar na paindéime, cuireadh tacaíocht airgeadais éigeandála sealadach ar fáil d'oibrítheoirí bus tráchtála, a maoiníodh tríd an deontas Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, lena chinntiú go leanfar le hoibriúchán seirbhísí bus ceadúnaithe riachtanach in Éirinn. Dúnadh an scéim i mí Meithimh 2022.

6.2 Caiteachas Ticéadaithe agus Teicneolaíochta

		2023 €'000	2022 €'000
Caiteachas oibriúcháin			
Caiteachas scéim an chárta Leap	Nóta 6.3	27,006	20,130
Caiteachas Chóras Faisnéise Taistil		5,925	3,974
TFI Go		97	398
		33,028	24,502
Dímheas		2,425	2,605
		35,453	27,107

6.3 Caiteachas Scéim an Chárta Leap

	2023 €'000	2022 €'000
Costais oibriúcháin dhíreacha	18,090	12,403
Forchostais phearsanra agus ghaolmhara	2,306	2,483
Coimisiúin	5,487	4,391
Costais riaracháin eile	1,123	853
	27,006	20,130

7. Caiteachas Infheistíochta caipitiúla

		2023 €'000	2022 €'000
Mórhionscadail Chaipitiúla			
Iarnród Éireann		248,008	242,457
Bonneagar Iompair Éireann		69,051	44,482
Bus Átha Cliath:		21,581	7,690
Bus Éireann		13,347	7,782
		351,987	302,411
Caiteachas eile a tabhaíodh go díreach ag an Údarás	Nóta 7.1	162,742	116,513
Maoiniú deontais iompair réigiúnaigh	Nóta 7.1	170,646	174,104
Maoiniú deontais iompair Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath	Nóta 7.1	165,666	131,313
Maoiniú scéime inrochtaineachta		19,781	11,260
		870,822	735,601

Áirítear leis na mórhionscadail chaipitiúla a maoiníodh agus a cuireadh san áireamh sa chaiteachas infheistíochta caipitiúla:

	2023 €'000	2022 €'000
Iarnród Éireann		
DART+	70,924	106,018
Clár nuashonraithe stáisiúin	39,632	34,221
Carranna Iarnróid Idirchathracha Nua	36,909	42,047
Cothabháil Iarnróid Throm	24,000	-
Ionad Náisiúnta um Rialú Traenach	23,539	23,435
Iarnród Comaitéireachta Limistéir Chorcaí	21,351	7,604
Feabhsúcháin ar Bhealaí agus Acomhail	13,091	15,681
Athléimneacht Aeráide	7,224	3,658
Taithí an chustaiméara agus feabhsúcháin ar an ticéadú	6,140	5,403
Clár Stáisiúin Nua	3,823	-
Tionscadail eile	887	2,238
Clár Carrchlóis	488	2,112
Athchomharthaíocht i Lár na Cathrach	-	40
	248,008	242,457

Bonneagar Iompair Éireann		
MetroLink	44,643	25,368
Athchóiriú an Tram	13,270	11,041
Luas Fhionnghlaise	3,780	2,792
Feabhsúchán líonra	2,449	940
Taisteal Gníomhach	2,399	-
Idirthuras Iarnród Éadrom Chorcaí	923	966
Luas Traschathrach	697	146
Feabhsú ar acmhainn líne ghlas Luas	444	494
Luas Leamhcáin	316	48
Tionscadail eile	117	2,647
Páirceáil agus Taisteal	13	40
	69,051	44,482

Bus Átha Cliath:		
Leictriúchán an Iosta	13,689	1,033
Flít Bus, lena n-áirítear athchóiriú	3,247	3,521
Athdhearadh Bus Connects	2,435	1,705
Tionscadail eile	2,210	1,431
	21,581	7,690

Bus Éireann		
Leictriúchán an Iosta	8,723	4,831
Tionscadail eile	4,624	2,620
Busanna píolótacha nua	-	331

	2023 €'000	2022 €'000
	13,347	7,782
	351,987	302,411

7.1 Maoiniú deontais iompair Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus tionscadail eile

	2023 €'000	2022 €'000
Caiteachas eile a tabhaíodh go díreach ag an Údarás		
Dímheas	50,116	42,649
BusConnects	47,006	32,323
Forchostais phearsanra agus ghaolmhara	20,462	14,509
Ticéadú agus Teicneolaíocht Faisnéise Iompair	12,736	4,532
Imeascadh agus tacaíocht	11,662	5,082
Tacaíocht taistil ghníomhaigh	9,348	8,214
Clár cothabhála cuaille agus scáthlán bus	6,030	6,111
Páirceáil agus taisteal	1,118	1,162
Forbairt córas eile	1,050	438
Éire a Nascadh	954	522
Inrochtaineacht	589	297
Scéimeanna rothar poiblí	534	2
Clár Bus	500	-
Tacaíocht Flít Bus	314	312
MetroLink	274	148
Samhlacha iompair	25	-
DART+	24	212
	162,742	116,513

Maoiniú deontais iompair Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath		
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	69,997	43,561
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	22,333	15,497
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	19,684	24,631
Comhairle Contae na Mí	18,256	15,640
Comhairle Contae Fhine Gall	15,750	13,608
Comhairle Contae Chill Dara	10,562	9,814
Comhairle Contae Chill Mhantáin	7,549	7,864
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	1,140	103
Ospidéal San Séamas	218	119
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	218	123
Ospidéal na hOllscoile, Tamhlacht	28	-
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	18	-
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	7	-
Córas Iompair Éireann	-	353
Ospidéal San Séamas		119
	165,666	131,313

Maoiniú deontais iompair réigiúnaigh		
---	--	--

	2023 €'000	2022 €'000
Comhairle Cathrach Chorcaí	35,295	29,888
Comhairle Contae Chorcaí	24,429	18,638
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	23,936	18,423
Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge	21,364	40,591
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	11,992	9,068
Comhairle Contae Thiobraid Árann	4,291	7,453
Comhairle Contae Dhún na nGall	4,188	4,595
Comhairle Contae Loch Garman	3,511	2,840
Comhairle Contae Laoise	3,416	3,168
Comhairle Contae Lú	3,355	4,482
Comhairle Contae an Chabháin	3,343	3,506
Comhairle Contae Uíbh Fhailí	3,315	1,831
Comhairle Contae Longfoirt	3,268	1,099
Comhairle Contae an Chláir	3,062	3,948
Comhairle Contae Chill Chainnigh	3,014	3,065
Comhairle Contae na hIarmhí	2,836	2,333
Comhairle Contae Cheatharlach	2,713	2,371
Comhairle Contae Mhuineacháin	2,471	2,588
Comhairle Contae na Gaillimhe	2,234	2,667
Comhairle Contae Shligigh	2,173	2,025
Comhairle Contae Liatroma	1,911	1,558
Comhairle Contae Chiarraí	1,529	1,914
Comhairle Contae Ros Comáin	1,483	1,558
Comhairle Contae Mhaigh Eo	1,152	4,445
Comhairle Contae Chill Mhantáin	365	-
Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh	-	50
	170,646	174,104

Sa tréimhse, úsáideadh deontais infheistíochta caipitiúla an Oireachtais chun síntí le réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe, feithiclí paisinéara bóthair go príomha a mhaoiniú, mar a leagtar amach i nótaí 16 agus 17.

8. Ollchaiteachas eile

	2023 €'000	2022 €'000
Caiteachas Cláir Iompair Tuaithe	20,171	17,620
Scéim deontais SPSVanna leictreacha	11,791	13,831
Caiteachas na Scoileanna Glasa	1,351	1,445
Caiteachas Taistil Níos Cliste	845	477
Dímheas Cláir Iompair Tuaithe	146	146
Dímheas Taistil Níos Cliste	4	4
	34,308	33,523

9. Caiteachas clár eile

	2023 €'000	2022 €'000
Caiteachas na scéime rothar réigiúnaigh	2,561	1,962
Caiteachas scáthlám bus	299	161
Dímheas ar phainéil dhigiteacha Scáthlám Bus	212	212
Caiteachas pháirc an chóiste	159	205
	3,231	2,540

10. Caiteachas ceadúnaithe

	2023 €'000	2022 €'000
Costais chomhlíonta SPSV	1,406	1,220
Costais ceadúnaithe tiománaithe SPSV	1,267	922
Costais riaracháin SPSV	1,248	1,212
Costais ceadúnaithe feithicle SPSV	799	494
Teanntáil Feithiclí	569	233
Ceadúnú SPSV - costais chumarsáide	453	587
Forchostais phearsanra agus ghaolmhara	351	331
Costais ceadúnaithe bus	7	16
Scéimeanna Tacaíochta Covid-19 SPSV	-	905
	6,100	5,920

11. Fostaithe, Daoine ar Iasacht agus Seirbhísí Socrúcháin Seachfhoinsithe

	2023 €'000	2022 €'000
Costais Phearsanra		
Pá, tuarastail agus costais foirne	20,978	17,455
Seirbhísí socrúcháin seachfhoinsithe	7,752	6,014
Earcaíocht agus oiliúint	453	406
Daoine ar iasacht agus sannaithe san earnáil phoiblí.	306	283
Táillí agus costais chomhaltaí an Bhoird agus an Choiste	101	127
	29,590	24,285

Tá leithdháileadh na seirbhísí socrúcháin seachfhoinsithe agus costais ghaolmhara chuig aonaid ghnó an Údaráis ar bhonn shocrúcháin seachfhoinsithe dhíreacha an aonaid ghnó. Áirítear leis na costais thuas na socrúcháin sheachfhoinsithe sin i ról riaracháin lárnacha, lena n-áirítear soláthar, airgeadas, AD agus TF. Leithdháiltear costais fostaithe agus daoine ar iasacht ar riarachán lárnach.

Baineann an tÚdarás leas as roinnt socrúcháin seachfhoinsithe le cur le gníomhaíochtaí gnó mar is gnách agus chun iad a dhéanamh, a mheastar go bhfuil siad mar obair is tábhachtaí an Údaráis. Úsáideann an tÚdarás socrúcháin sheachfhoinsithe chomh maith le haghaidh ról bunaithe ar thionscadail nach mbeadh ag teastáil go buan lena chinntiú go bhfuil an dóthain solúbthachta agus acmhainne ann chun tionscadail straitéiseacha a chur i gcrích. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 114 socrúcháin seachfhoinsithe ag an Údarás i bpoist a raibh gníomhaíochtaí gnó mar is gnách á ndéanamh acu (2022: 97) agus 140 i bpoist

bunaithe ar thionscadail (2022: 123).

Daoine ar iasacht san earnáil phoiblí

In 2023, gearradh €Náid (2022: €Náid) de chostais daoine ar iasacht go díreach ar thionscadail agus rinneadh €Náid (2022: €Náid) a chaipitliú. Le linn na bliana, níor aistrigh aon duine ar iasacht chuig an Údarás mar fhostaí (2022: €Náid).

Costais fostaithe chaipitlithe

B'ionann costais fostaithe chaipitlithe sa bhliain airgeadais agus €Náid (2022: €Náid).

11.1 Pá, tuarastail agus costais foirne

a) Sochair fostaithe chomhiomlána

	2023 €'000	2022 €'000
Sochair ghearrthéarmacha foirne	19,034	15,845
ÁSPC an Fhostóra	1,944	1,610
	20,978	17,455

Níl luach ar shochair scoir na Scéime ÚNI a tuilleadh sa tréimhse san áireamh thuas.

b) Sochair ghearrthéarmacha foirne

	2023 €'000	2022 €'000
Bunphá	18,962	15,780
Liúntais	72	65
	19,034	15,845

c) Ní raibh aon sochair foirceanta, sochair fhadtéarmacha eile nó idirbhearta íocaíochta bunaithe ar scaireanna le linn na bliana (2022: €Náid).

11.2 Fostaithe agus daoine ar íasacht san earnáil phoiblí

	2023	2022
Líon na ndaoine ag deireadh na bliana, ar bhonn coibhéise lánaimseartha:		
Fostaithe	264	254
Daoine ar íasacht san earnáil phoiblí	1	1
	265	255

11.3 Príomh-phearsanra bainistíochta

Tá príomh-phearsanra bainistíochta san Údarás comhdhéanta de chomhaltaí Boird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha, Stiúrthóir Pleanála Iompair agus Infheistíochta, an Príomhoifigeach Faisnéise, an Stiúrthóir um Rialachán Iompair Phoiblí, an Stiúrthóir um Theicneolaíocht Iompair Phoiblí agus an Stiúrthóir um Sheirbhísí Iompair Phoiblí. Leagtar amach thíos cúiteamh a íocadh le príomh-phearsanra bainistíochta an Údaráis don tréimhse óna ndáta ceapacháin:

	2023 €'000	2022 €'000
Bunphá	1,282	1,247
Liúntais	-	-
	1,282	1,247

Sochair fhoirceanta, sochair iar-fhostaíochta, sochair fhadtéarmacha eile agus idirbhearta íocaíochta bunaithe ar scaireanna le linn na bliana (2022: €Náid).

Níl luach ar shochair scoir a tuilleadh sa tréimhse san áireamh thuas.

11.4 Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

B'ionann pacáiste íocaíochta an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don tréimhse airgeadais agus an méid seo a leanas:

	2023 €'000	2022 €'000
Bunphá - Iníon A. Graham	215	202
Liúntais	-	-
	215	202

Níl luach ar shochair scoir a tuilleadh sa tréimhse san áireamh thuas. Is comhalta den Scéime ÚNI é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

11.5 Briseadh síos sochair ghearrthéarmacha fostaithe agus daoine ar iasacht san earnáil phoiblí

Rangaítear sochair ghearrthéarmacha os cionn €60,000 sna bandaí seo a leanas:

Raon		Líon an phearsanra	
Ó	Go	2023	2022
€60,000	€69,999	39	44
€70,000	€79,999	67	42
€80,000	€89,999	38	23
€90,000	€99,999	14	20
€100,000	€109,999	15	6
€110,000	€119,999	7	7
€120,000	€129,999	2	-
€130,000	€139,999	1	-
€140,000	€149,999	-	-
€150,000	€159,999	-	2
€160,000	€169,999	2	2
€170,000	€179,999	3	2
€180,000	€189,999	-	-
€190,000	€199,999	-	-
€200,000	€209,999	-	1
€210,000	€219,999	1	-

Nóta: Chun críche an nochta seo, áirítear le sochair fostaithe gearrthéarmacha maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na tréimhse tuairiscithe, tuarastal, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaithe, ach níl ÁSPC an fhostóra san áireamh.

12. Costais Lóistín Oifige

	2023 €'000	2022 €'000
Lóistín	4,739	2,992
Soilsiú agus teas	175	133
Glanadh	149	139
Deisithe agus cothabháil	98	200
	5,161	3,464

13. Costais Riaracháin eile

	2023 €'000	2022 €'000
Caiteachas TFC	5,258	4,734
Cailteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta (Nóta 17)	956	15
Dímheas	637	540
Táillí seirbhíse gairmiúla	539	516
Dlí agus dlíthíocht	318	794
Táillí iniúchóireachta inmheánacha	274	309
Fógraíocht agus cur chun cinn	263	396
Guthán agus idirlíon	250	160
Árachas	223	233
Taisteal, maireachtáil agus fáilteachas	179	117
Priontáil, postas agus páipéarachas	121	81
Táillí iniúchóireachta seachtracha	84	70
Táillí bainc agus ús	70	208
Leabharlann agus síntiúis	58	29
Costais ghinearálta	42	62
Costais cruinnithe	36	12
	9,308	8,276

14. Costais sochair scoir

Cuirtear anailís ar chostais iomlána sochair scoir a ghearradh ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim a Coimeádadh ar fáil thíos:

	2023 €'000	2022 €'000
<i>Scéim pinsin sochair shainithe - Scéim ÚNI agus Scéim Aonair</i>		
Costais seirbhíse reatha	3,645	4,875
Ús ar dhliteanais scéime pinsin	1,692	769
Ranníocaíochtaí rannpháirtithe plean	(1,563)	(1,297)
	3,774	4,347
<i>Scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe - Scéim GFI</i>		
Ranníocaíochtaí fostóra	54	59
	3,828	4,406

15. Cur síos ginearálta ar na scéimeanna sochair sainithe

Scéim an ÚNI

Is seirbhís phoiblí é seo, sochar sainithe, scéim pinsin tuarastail deiridh le gnáth-theidlíochtaí. De réir rialacháin na scéime earnála poiblí, cuireann an scéim pinsean ar fáil a ríomhtar ag an ráta aon ochtódú den tuarastal deiridh do gach bliain seirbhíse inphinsin ag an dáta scoir. Tá bónas nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse inphinsin) agus pinsin céile agus páiste infheidhme chomh maith.

Scéim Aonair

Feidhmíonn an tÚdarás an Scéim Aonair, atá mar scéim meán-tuarastail sochair shainithe d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an PFN agus Athchóirithe (DPENDR).

15.1 Barúlacha achtúireacha

Tá an luacháil do nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinneadh i mí Eanáir 2024, rud a rinne achtúire cáilithe neamhspleách agus cuirtear san áireamh leis riachtanais FRS 102 chun liúntais na scéime a mheas amhail an 31 Nollaig 2023. Is iad seo a leanas na príomh-bharúlacha achtúireacha amhail an 31 Nollaig:

	2023 ¹	2023
Ráta lascaine	3.15% in aghaidh na bliana	3.60% in aghaidh na bliana
Méaduithe tuarastail inphinsine a bhfuiltear ag súil leo amach anseo	3.35% in aghaidh na bliana	3.60% in aghaidh na bliana
Méaduithe pinsin atáthar ag súil leo amach anseo	2.85% p.a.	3.10% in aghaidh na bliana
Méaduithe pinsin stáit atáthar ag súil leo	2.35% p.a.	2.60% in aghaidh na bliana
Méadú ar Innéacs Praghas Tomhaltóra	2.35% p.a.	2.60% in aghaidh na bliana

¹ Úsáidtear na rátaí don bhliain 2023 mar bhonn chun Oibleagáid Sochair larchurtha amhail an 31 Nollaig 2023 a ríomh chomh maith le costais seirbhíse reatha agus ús ar dhliteanais scéime pinsin don bhliain 2024.

² Úsáidtear na rátaí don bhliain 2022 mar bhonn chun Oibleagáid Sochair larchurtha amhail an 31 Nollaig 2022 a ríomh chomh maith le costais seirbhíse reatha agus ús ar dhliteanais scéime pinsin don bhliain 2023.

Ligeann an ráta báis d'fheabhsúcháin ar an ionchas saoil thar am, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ag an am scoir ar an mbliain a bhaintear an aois scoir amach. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil atá fágtha do chomhaltaí a bhaineann 65 bliain d'aois amach sna blianta 2023 agus 2043:

Bliain a bhaintear 65 bliain d'aois amach	2023	2022
Ionchas saoil - fireann	22.1	24.3
Ionchas saoil - baineann	24.4	26.4

15.2 Gluaiseacht i nglan-oibleagáid sochair scoir le linn na bliana airgeadais

	2023 €'000	2022 €'000
Glan-oibleagáid sochair scoir amhail an 1 Eanáir	(47,513)	(61,849)
Costais seirbhíse reatha	(3,645)	(4,875)
Costais úis	(1,692)	(769)
Pinsin a íoctar sa bhliain	519	884
Aththomhas ar ghlan-oibleagáid sochair shainithe - (caillteanas)/ gnóthachán achtúireach	(3,516)	19,096
Glan-oibleagáid sochair scoir amhail an 31 Nollaig	(55,847)	(47,513)

In 2023, tabhaíodh an tÚdarás caillteanas achtúireach de €3.5m (2022: gnóthachán €19.1m) go príomha mar gheall ar athruithe i mbarúlacha achtúireacha - caillteanas €2.4m (2022: €27.3m) agus ballraíocht na scéime - caillteanas €1.1m (2022: (€8.2m)).

15.3 Glanmhaoiniú iarchurtha do shocair scoir

Aithníonn an Bord méideanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe sochair sainithe le haghaidh pinsin ar bhonn sraith barúlacha ag nóta 15.1 thuas agus roinnt imeachtaí san am atá thart. Áirítear leis na himeachtaí seo an bonn reachtúil maidir le bunú na scéime pinsin agus an beartas agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl fianaise ar bith ag an mBord nach leanfaidh an beartas maoinithe ar aghaidh chun na méideanna sin de réir an chleachtais reatha a bhaint amach.

Is ionann an méid seo a leanas agus an glanmhaoiniú iarchurtha do shocair scoir a aithnítear sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim a Coimeádadh

	2023 €'000	2022 €'000
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais sochair na bliana scoir reatha	5,337	5,644
Deontas stáit i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc	(519)	(884)
	4,818	4,760

15.4 Stair na n-oibleagáidí sochair sainithe

	2023 €'000	2022 €'000	2021 €'000	2020 €'000	2019 €'000
Oibleagáidí sochair sainithe	55,847	47,513	61,849	54,122	43,491
(Caillteanas)/gnóthachan aachtúireach ar oibleagáidí sochair sainithe	(3,516)	19,096	(3,920)	(7,892)	(9,392)
Mar chéatadán de liúntais na scéime	6.3%	40.2%	6.3%	14.6%	21.6%

16. Sócmhainní doláimhsithe

	Sócmhainní doláimhsithe á dtógáil (AUC) €'000	Bogearraí bonneagair iompair €'000	Bogearraí córas iompair €'000	Bogearraí trealaimh oifige €'000	Iomlán €'000
Costas					
Amhail an 1 Eanáir 2023	2,891	707	107,489	1,291	112,378
Athrangú	-	-	-	-	-
Breisthe sa bhliain	1,741	-	871	-	2,612
AUC aistrithe chuig sócmhainní	(3,224)	-	3,224	-	-
AUC aistrithe chuig costais	-	-	-	-	-
Diúscairtí	-	(89)	(517)	-	(606)
Amhail an 31 Nollaig 2023	1,408	618	111,067	1,291	114,384
Amúchadh					
Amhail an 1 Eanáir 2023	-	271	89,115	943	90,329
Athrangú	-	-	-	-	-
Muirear don bhliain	-	62	6,966	172	7,200
Diúscairtí	-	(89)	(517)	-	(606)
Amhail an 31 Nollaig 2023	-	244	95,564	1,115	96,923
Glanluachanna de réir na leabhar					
Amhail an 31 Nollaig 2023	1,408	374	15,503	176	17,461
Amhail an 1 Eanáir 2023	2,891	436	18,374	348	22,049

Tagraíonn Sócmhainní á dtógáil (AUC) aistrithe chuig sócmhainní do shócmhainní atá críochnaithe agus aistrithe d'úsáid laistigh den tréimhse Déantar na sócmhainní sin a rangú go cuí mar dholáimhsithe nó inláimhsithe ar a aistriú d'úsáid iad. Rinneadh bogearraí a raibh luach €606k orthu a dhiúscairt ón gClár in 2023 mar go ndearnadh críon iad agus bogearraí nua a bheith tagtha ina n-áit - nialas an glanluach a bhí air sin.

16.1 Sócmhainní doláimhsithe

	Sócmhainní doláimhsithe á dtógáil (AUC) €'000	Bogearraí bonneagair iompair €'000	Bogearraí córas iompair €'000	Bogearraí trealaimh oifige €'000	Iomlán €'000
Costas					
Amhail an 1 Eanáir 2022	1,914	669	104,733	1,122	108,438
Athrangú	-	-	13	(13)	-
Breisthe sa bhliain	3,318	38	939	108	4,403
AUC aistrithe chuig sócmhainní	(1,885)	-	1,804	81	-
AUC aistrithe chuig costais	(456)	-	-	-	(456)
Diúscairtí	-	-	-	(7)	(7)
Amhail an 31 Nollaig 2022	2,891	707	107,489	1,291	112,378
Amúchadh					
Amhail an 1 Eanáir 2022	-	173	82,489	745	83,407
Athrangú	-	-	13	(13)	-
Muirear don bhliain	-	98	6,613	218	6,929
Diúscairtí	-	-	-	(7)	(7)
Amhail an 31 Nollaig 2022	-	271	89,115	943	90,329
Glanluachanna de réir na leabhar					
Amhail an 31 Nollaig 2022	2,891	436	18,374	348	22,049
Amhail an 1 Eanáir 2022	1,914	496	22,244	377	25,031

Tagraíonn Sócmhainní á dtógáil (AUC) aistrithe chuig sócmhainní do shócmhainní atá críochnaithe agus aistrithe d'úsáid laistigh den tréimhse roimhe sin. Déantar na sócmhainní sin a rangú go cuí mar dholáimhsithe nó inláimhsithe ar a aistriú d'úsáid iad. In 2022, aistríodh €456k de AUC a caitheadh ar mhíreanna aonair ar ais do chostais sa tréimhse mar nár chomhlíon siad ar deireadh na critéir aitheantais FRS102 do shócmhainní seasta nó mar go bhfuil siad faoi bhun tairseach caipitlithe an Údaráis.

17. Maoin, gléasra agus trealamh

	Sócmhainní inlámhsithe á dtógáil (AUC) €'000	Feithiclí paisinéirí bóthair €'000	Feabhsúcháin ar réadmhaoin léasach €'000	Trealamh oifige €'000	Bonneagar iompair €'000	Crua-earraí córais iompair €'000	Iomlán €'000
Costas							
Amhail an 1 Eanáir 2023	7,705	525,073	2,337	2,342	25,465	9,354	572,276
Breisthe sa bhliain	2,482	78,808	-	726	375	203	82,594
AUC aistrithe chuig sócmhainní	(6,888)	-	-	-	6,876	12	-
Diúscairtí	-	(1,147)	-	-	-	(163)	(1,310)
Amhail an 31 Nollaig 2023	3,299	602,734	2,337	3,068	32,716	9,406	653,560
Dímheas							
Amhail an 1 Eanáir 2023	-	121,354	2,214	2,219	18,958	7,232	151,977
Muirear don bhliain	-	44,321	123	303	1,674	596	47,017
Diúscairtí	-	(191)	-	-	-	(163)	(354)
Amhail an 31 Nollaig 2023	-	165,484	2,337	2,522	20,632	7,665	198,640
Glanluachanna de réir na leabhar							
Amhail an 31 Nollaig 2023	3,299	437,250	-	546	12,084	1,741	454,920
Amhail an 1 Eanáir 2023	7,705	403,719	123	123	6,507	2,122	420,299

Tagraíonn aistrithe AUC chuig sócmhainní do shócmhainní atá críochnaithe agus aistrithe d'úsáid laistigh den tréimhse Déantar na sócmhainní sin a rangú go cuí mar dholámhsithe nó inlámhsithe ar a aistriú d'úsáid iad.

Rinneadh damáiste de bharr tine do dhá bhus hibrideacha dhá stór de chuid Bus Átha Cliath i mí na Samhna 2023 agus níorbh fhéidir iad a dheisiú. Baineadh na sócmhainní sin, dá réir sin, ón gclár trí dhiúscairt €1.0m trínar tugadh aitheantas do ghlánluach leabhar na bhfeithiclí iompair paisinéirí bearnaithe (féach Nóta 13).

17.1. Maoin, gléasra agus trealamh

	Sócmhainní inláimhsithe á dtógáil (AUC) €'000	Feithiclí paisinéirí bóthair €'000	Feabhsúcháin ar réadmhaoin léasach €'000	Trealamh oifige €'000	Bonneagar iompair €'000	Crua-earraí córtais iompair €'000	Iomlán €'000
Costas							
Amhail an 1 Eanáir 2022	1,968	422,633	2,337	2,692	23,765	9,684	463,079
Breisiú sa bhliain	7,309	102,440	-	-	449	-	110,198
AUC aistrithe chuig sócmhainní	(1,572)	-	-	-	1,319	253	-
Diúscairtí	-	-	-	(350)	(68)	(583)	(1,001)
Amhail an 31 Nollaig 2022	7,705	525,073	2,337	2,342	25,465	9,354	572,276
Dímheas							
Amhail an 1 Eanáir 2022	-	83,319	2,091	2,319	17,817	7,192	112,738
Muirear don bhliain	-	38,035	123	235	1,209	623	40,225
Diúscairtí	-	-	-	(335)	(68)	(583)	(986)
Amhail an 31 Nollaig 2022	-	121,354	2,214	2,219	18,958	7,232	151,977
Glanluachanna de réir na leabhar							
Amhail an 31 Nollaig 2022	7,705	403,719	123	123	6,507	2,122	420,299
Amhail an 1 Eanáir 2022	1,968	339,314	246	373	5,948	2,492	350,341

Rinne an tÚdarás athbhreithniú mionsonraithe in 2022 ar na luachanna iarmharacha, saoil úsáideacha agus an modh díluachála maidir le réadmhaoin, gléasra agus trealamh chun meastachán a dhéanamh ar athruithe ar shaol úsáideach ionchais nó ar phatrún tomhaltais ionchais na dtairbhí eacnamaíocha, ag teacht leis an bpolasaí seo. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin:

Rinne an tÚdarás leasú ar shaol úsáideach Cóistí ó 12 bhliain go 10 mbliana de réir an méid a bhí fágtha de phatrún tomhaltais ionchais na dtairbhí eacnamaíocha. Déantar cuntasáocht do na hathruithe ar shaol úsáideach ionchais mar athrú sa mheastachán cuntasáochta, agus déantar é a choigeartú ó mhí na Samhna 2022 ar aghaidh. An toradh ar an athrú meastacháin sin gur méadaíodh an díluacháil do shócmhainní seasta inláimhsithe faoi €328k do 2022 agus go ndearnadh coigeartú comhfhreagrach don chuntas caipitil dá réir. Níl aon éifeacht ar an mbarrachas don bhliain. Beidh díluacháil do shócmhainní inláimhsithe €328k níos lú sna blianta atá le teacht i gcás na sócmhainní sin.

18. Infháltais

	2022 €'000	2022 €'000
Réamhíocaíochtaí	20,135	10,757
Féichiúnaithe trádála	980	957
Féichiúnaithe eile	154	200
	21,269	11,914

19. Méideanna iníochta: méideanna atá le híoc tar éis níos mó ná bliain amháin

	2023 €'000	2022 €'000
Dlíteanais scéim an chárta Leap	49,830	42,112
Fabhruithe agus ioncam iarchurtha	17,094	8,580
CBL	7,422	12,469
Coinneáil íocaíochta bus	5,746	2,946
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla (PSWT) iníochta	3,094	2,041
Creidiúnaithe trádála	1,408	3,521
IMAT/ÁSPC	609	796
Pinsin fostaithe - íocaíochtaí agus asbhaintí	350	350
Caiteachas cíosa iarchurtha	44	-
Dlíteanas Léasa dochraideach	41	124
	85,638	72,939

Dlíteanais scéim an chárta Leap

Is ionann dlíteanais scéim an chárta Leap agus éarlaisí cárta agus creidmheas taistil nár úsáideadh ar chuntais shealbhóirí cárta.

20. Méideanna iníochta: méideanna atá le híoc tar éis níos mó ná bliain amháin

	2023 €'000	2022 €'000
Coinneáil íocaíochta bus	1,968	2,123
Caiteachas cíosa iarchurtha	1,395	-
Dlíteanas Léasa dochraideach	-	41
	3,363	2,164

21. Cuntas caipitil

	2023 €'000	2022 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	436,007	371,946
Aistriú chuig/(ó) Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:		
Ioncam a leithdháileadh chun críocha caipitil	80,646	110,011
Coigeartú amúchta do shócmhainní seasta nár maoiníodh trí dheontais iad	212	212
Amúchadh de réir díluacháil sócmhainní inláimhsithe	(46,664)	(39,240)
Amúchadh de réir amúchadh sócmhainní doláimhsithe	(6,593)	(6,922)
Gluaiseacht sa bhliain	27,601	64,061
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	463,608	436,007

Tá difear uainithe idir 'ioncam a leithdháileadh chun críocha caipitil' agus aithint na mbreisithe sócmhainne i nótaí 16 agus 17. Tagann an difear uainithe i gceist i ngeall ar mhéideanna arna gcoinneáil ag an Údarás ar cheannach busanna áirithe dó. Déantar costas iomlán na mbusanna, méideanna arna gcoinneáil san áireamh, a chaipitliú ar iad a cheannach. Déantar na méideanna arna gcoinneáil a bhilleáil don Údarás faoi réir théarmaí agus coinníollacha áirithe a bheith curtha i gcrích i dtréimhsí ina dhiaidh sin. Déantar ioncam a leithdháileadh chun críocha caipitil de réir mar a bhilleáiltear na méideanna.

22. Cánachas

Déantar gach cáin ábhartha a íoc de réir an dáta a bhfuil siad le híoc. Comhlíonann an tÚdarás le haon treoir arna fáil ó Ranna Rialtais.

23. Léasanna oibriúcháin

Feidhmíonn an tÚdarás mar léasaí agus mar léasóir de réir mar a chuirtear síos air thíos.

Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí cóiríocht oifige ar fáil don Údarás in Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Níl aon léas foirmeálta ann. D'íoc an tÚdarás €1m in 2023 i ndáil leis an gcóiríocht oifige sin (2022: €1m).

23.1 Léasanna oibriúcháin - oibleagáidí cíosa

Rinne an tÚdarás comhaontú ar an 1 Meán Fómhair 2023 chun cóiríocht oifige a fháil ar léas ag Margadh an Fhéir, Cearnóg Mhargadh na Feirme, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Téann tréimhse an léasa in éag mí Mheán Fómhair 2043 agus is ionann na muirir léasa bliantúla agus €4,708,375 in aghaidh na bliana. Déanann an léas foráil do thréimhse 12 mhí saor ó chíos ó dháta tosaithe an léasa. De réir FRS 102, tá an gnóthachan intuigthe a éiríonn as an tréimhse saor ó cháin seo dáilte ar bhonn líne díri thar théarma an léasa. Tá an foirgneamh á ullmhú i láthair na huaire agus tá sé beartaithe ag an Údarás bogadh isteach i dtreo dheireadh na bliana 2024.

Tá cóiríocht oifige ar léas ag an Údarás ag 72 Sráid Charlemont, Baile Átha Cliath 2. Téann tréimhse an léasa in éag mí Iúil 2025 agus is ionann na muirir léasa bliantúla agus €87,950 in aghaidh na bliana.

Tá cóiríocht oifige ar léas ag an Údarás chomh maith ar Urlár 1, Uimh. 5, Ionad Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Téann tréimhse an léasa in éag mí Iúil 2024 agus is ionann na muirir léasa bliantúla agus €397,050 in aghaidh na bliana.

Tá cóiríocht oifige ar léas ag an Údarás chomh maith ar Urlár 4, Uimh. 5, Ionad Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Téann tréimhse an léasa in éag mí Eanáir 2029 agus is ionann na muirir léasa bliantúla agus €259,419 in aghaidh na bliana. Tá an ceart ag an Údarás an léas sin a fhoirceannadh ar an 26 Iúil 2024 (dáta scoir) ar an gcoinníoll gur comhlíonadh coinníollacha ar leith. Chomhlíon an tÚdarás na coinníollacha sin agus thug sé fógra in 2023. Agus muid ag aistriú go Margadh na Feirme, beidh na foirgnimh sin á bhfágáil againn ar an dáta scoir.

Tá comhaontú ag an Údarás freisin cóiríocht oifige a fháil ar cíos ag Malartán Charlemont ar cíos bliantúil reatha de €708,480 agus téarma tiomantais chomh fada leis an 31 Márta 2024 ann.

Cuireann Iarnród Éireann cóiríocht oifige ar fáil don Údarás ag 1 Cé Uí Argáin, Cearnóg Éadan le hUisce, Corcaigh. Cuimsíonn an comhaontú an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 1 Samhain 2024. D'íoc an tÚdarás €243,486 in 2023 i ndáil leis an gcóiríocht oifige sin (2022: €91,271).

Tá comhaontú ag an Údarás suíomh a thógáil ar léas ag Bóthar Bhaile Shéamais, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11. Bainfear úsáid as an suíomh mar iosta bus sealadach. Téann tréimhse an léasa in éag mí na Samhna 2028 agus is ionann na muirir léasa bhliantúla agus €350,000 in aghaidh na bliana. Thángthas ar chomhaontú maidir le tréimhse 5 mhí saor ó chíos i gcéad bhliain an léasa. D'íoc an tÚdarás €319,230 i ndáil leis an suíomh seo in 2023.

Chuaigh an tÚdarás i mbun comhaontaithe in 2021 d'fhorbairt agus do léas suíomhanna ag Gleann na Life, Baile Átha Cliath 22. Rinne an comhaontú éascaíocht don Údarás maoiniú a dhéanamh ar thógáil Plás Bus, Bothán Tiománaí agus leath-taobhanna Bus ar na tailte sin. Ar chríochnú na hoibre sin i mí Feabhra 2023, tháinig éifeacht le cúig léas do na tailte gaolmhara ar cíos ainmniúil de €1 an ceann in aghaidh na bliana. Téarma 999 bliain atá i gceist leis na léasanna sin agus baineann clásal scoir leo tar éis 15 bliana ar féidir ceachtar den dá pháirtí é a fheidhmiú, agus ina dhiaidh sin an dá pháirtí ag eatraimh chomhaontaithe.

Tá tiomantais ag an Údarás i ndáil le léas a ndeachaigh an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe (“CTR”) isteach ann ar chóiríocht oifige ag 35 Cearnóg Mhic Liam. Shannaigh tríú páirtí léas ar an CTR in 2004. Rachaidh téarma 35 bliain an léasa in éag ar an 25 Aibreán 2024. Níl aon rogha ann an léas a ghéilleadh. Aistríodh foireann an CTR chuig príomhoifig an Údaráis féachaint le socruithe cóiríochta oifige an Údaráis a optamú, agus rinneadh áitreabh an CTR a fholigeán ag cíos bliantúil de €80,000. Tugadh isteach soláthar léasa dochraidigh de €749,700 i ráitis airgeadais an Údaráis 2015 i ndáil leis an difreáil cíosa go dtí deireadh an téarma léasa in 2024. Tá an soláthar á leachtú thar thréimhse an mhéid de théarma an léasa atá fágtha. Amhail an 31 Nollaig 2023, nochtar an soláthar atá fágtha de €40,628 i nóta 19. Is ionann an cíos bliantúil reatha agus €204,000 agus tá €64,230 le híoc go dtí deireadh an léasa.

23.2 Léas oibriúcháin mar léasaí

Réadmhaoin tráchtála

Téarma léasa 20 bliain atá ag an réadmhaoin tráchtála (Cearnóg Mhargadh na Feirme) go dtí Meán Fómhair 2043 agus tá foráil déanta d'athbhreithniú tréimhsiúil den mhuirear cíosa de réir na ndálaí reatha margaidh. Tá roghanna ann chun an léas a fhoirceannadh go luath i mbliain 12 agus 15 den chomhaontú cíosa ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

Téarma léasa naoi mbliana atá ag an réadmhaoin tráchtála (72 Sráid Charlemont) go dtí mí Iúil 2025 agus tá foráil déanta d'athbhreithniú tréimhsiúil den mhuirear cíosa de réir na ndálaí reatha margaidh. Níl aon rogha ann an léas a fhoirceannadh go luath.

Téarma léasa sé bliana atá ag an réadmhaoin tráchtála (Urlár 1, Uimh. 5, Ionad Fhearchair) go dtí mí Iúil 2024 agus tá foráil déanta d'athbhreithniú tréimhsiúil den mhuirear cíosa de réir na ndálaí reatha margaidh. Níl aon rogha ann an léas a fhoirceannadh go luath.

Téarma léasa deich mbliana atá ag an réadmhaoin tráchtála (Urlár 4, Uimh. 5, Ionad Fhearchair) go dtí mí Eanáir 2029 agus tá foráil déanta d'athbhreithniú tréimhsiúil den mhuirear cíosa de réir na ndálaí reatha margaidh. Tá rogha ann an léas a fhoirceannadh go luath i mí Iúil 2024 ar an gcoinníoll go gcomhlíontar coinníollacha faoi leith.

Tá téarma tiomantais ann maidir leis an gcomhaontú maoiné tráchtála (Malartán Charlemont) go dtí an 31 Márta 2024.

Tá téarma tiomantais ann go dtí an 1 Samhain 2024 maidir leis an gcomhaontú () maoiné.

Tá téarma tiomantais ann ag an suíomh (suíomh ar Bhóthar Bhaile Shéamais, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11) go dtí an 1 Samhain 2028.

Téarma 999 bliain atá i gceist leis na léas don réadmhaoin tráchtála (Gleann na Life, Baile Átha Cliath 22) agus baineann clásal scoir tar éis 15 bliain leis ar féidir ceachtar den dá pháirtí é a fheidhmiú, agus ina dhiaidh sin an dá pháirtí ag eatraimh chomhaontaithe.

Téarma léasa fiche bliain atá ag an réadmhaoin tráchtála (35 Cearnóg Mhic Liam) go dtí mí Aibreáin 2024 agus tá foráil déanta d'athbhreithniú tréimhsiúil den mhuirear cíosa de réir na ndálaí reatha margaidh. Aontaíodh athbhreithniú cíosa do 2020 i mí Bealtaine 2021. Níl aon rogha ann an léas a fhoirceannadh go luath.

Seo a leanas na híosmhéideanna cíosa atá iníoctha sa todhchaí faoi léasanna oibriúcháin nach bhféadfaí iad a chur ar ceal amhail an 31 Nollaig 2023:

	2023 €'000	2022 €'000
Laistigh de bhliain amháin	6,363	2,205
Tar éis bliain amháin ach gan níos mó ná cúig bliana	14,746	2,366
Níos mó ná cúig bliana	73,997	293
	95,106	4,864

23.3 Léas oibriúcháin mar léasóir

Tá deireadh le teacht leis an léas ar an réadmhaoin tráchtála (35 Cearnóg Mhic Liam) amhail Aibreán 2024. Seo a leanas na híosmhéideanna cíosa atá iníoctha sa todhchaí faoi léasanna oibriúcháin nach bhféadfaí iad a chur ar ceal amhail an 31 Nollaig 2023:

	2023 €'000	2022 €'000
Laistigh de bhliain amháin	26	80
Tar éis bliain amháin ach gan níos mó ná cúig bliana	-	26
Níos mó ná cúig bliana	-	-
	26	106

24. Tiomantais caipitil

Bhí tiomantais caipitil ag an Údarás d'fheithiclí iompair bóthair arb ionann iad agus €161.5m amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €76.9m).

25. Tiomantais eile

Deontas caipitil - ceanglais conarthacha

Tá ceanglais ag an Údarás le hÚdaráis Áitiúla agus le gníomhaireachtaí seachadta chun maoiniú a chur ar fáil dóibh le haghaidh tionscadal éagsúil. Amhail an 31 Nollaig 2023, tá méid arb ionann é agus €678.4m (2022: €716.7m) le tarraingt anuas fós do thionscadail fhaofa mar seo a leanas:

	2023 €'000	2022 €'000
Iarnród Éireann	444,967	428,653
Bainistíocht iompair inbhuanaithe agus an Clár Taistil Ghníomhaigh	194,201	223,629
Bus Átha Cliath:	5,577	19,091
Bonneagar BusConnects Bhaile Átha Cliath	16,752	15,539
Caipitil Teicneolaíochta Iompair	2,245	13,137
Bonneagar Iompair Éireann	7,056	7,526
Inrochtaineacht	4,043	6,054
Bus Éireann	3,580	3,101
	678,421	716,730

Tionscadal	Caiteachas carnach go dtí an 31/12/2022 (blianta roimhe seo) €'000	Caiteachas in 2023 (an bhliain reatha) €'000	Geallta: blianta ina dhiaidh sin* €'000
An tÚdarás Náisiúnta Iompair			
Bonneagar BusConnects Bhaile Átha Cliath ^a	104,529	19,815	16,752
Iarnród Éireann			
Lárionad Rialaithe Traenach Náisiúnta agus Lárionaid Rialaithe Tríú Páirtí ^b	92,909	23,539	21,696
Ceannach 41 Carr Iarnróid Idirchathracha 2200 den Aicme Mheánach ^c	100,178	36,909	13,473
Dart + Clár ^d	288,679	70,948	229,386
Stáisiún DART Shruthán na Coille ^e	5,337	2,360	11,168
Clár Cosanta Bonneagair Cósta ^f	1,582	3,436	12,050
Stáisiún Ceannt, Gaillimh ^g	3,594	975	34,968
Iarnród Comaitéireachta Limistéir Chorcaí ^h	8,303	21,351	96,688
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath			
Bealach Rothaíochta Fionnradharc go Sráid Amiens ⁱ	14,787	30,142	20,000
Comhairle Contae Chorcaí			
Bonneagar Rothaíochta Bhóthar Rinn Mhachan ^j	248	1,049	13,470
Figiúr iomlán maidir le tionscadail a bhfuil caiteachas >€10m ann			469,651
Ceanglais chonarthaigh maidir le tionscadail eile <€10m			208,770
Ceanglais chonarthaigh san iomlán			678,421

*D'fhéadfaí caiteachas eile a gheallúint do na tionscadail sin sa todhchaí ag brath ar na hathbhreithnithe geata a dhéanfar ag na céimeanna, agus san áireamh leis sin tá faomhadh rialtais ar na cásanna deiridh gnó.

a Tá méadú €24.8m tagtha ar chaiteachas tionscadail iomlán Bhaile Átha Cliath BusConnects, gealltanais san áireamh, i gcomparáid le 2022 de réir mar a tugadh Céim 5 (Dearadh Mionsonraithe agus Soláthar) chun críche agus a bronnadh conarthaí ar roinnt soláthróirí.

b Tháinig méadú €31.2m ar chaiteachas iomlán an Ionaid Rialaithe Traenach Náisiúnta agus na nIonad Rialaithe Tríú Páirtí, gealltanais san áireamh, i gcomparáid le 2022. Tharla sé sin mar gheall ar an gcaiteachas breise a tabhaíodh in 2023 ar threalamh, ábhar agus ar acmhainní bainistíochta tionscadail.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndéanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair ról an

údaráis formheasa do thionscadail iompair phoiblí ag leibhéal na dtionscadal aonair laistigh den earnáil iompair. Is é Iarnród Éireann (IÉ) mar an ghníomhaireacht urraithe ainmnithe atá freagrach as tionscadal NTCC a sheachadadh.

I mí Iúil 2019, d'fhormheas an ÚNI an tionscadal NTCC agus buiséad €148 milliún i gceist. Beidh an NTCC ina lárionad do bhainistiú agus rialáil gluaiseachtaí traenach ar líonra iarnróid IÉ. Áirítear leis an tionscadal forbairt ar chóras nua bainistíochta traenach, tógáil ionad rialaithe traenach nua ag Stáisiún Heuston agus athchóiriú ar an lárionad rialaithe tráchta reatha ag Stáisiún Uí Chonghaile. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí €116.5 milliún caite ar an tionscadal mar a nochtadh thuas.

Sna blianta 2023 agus 2024, bhí moill ar an tionscadal maidir le forbairt chomhpháirt an chórais bainistíochta traenach den tionscadal iomlán. Táthar ag tuar go gcuirfear moill 9 mí ar thionscadal NTCC go dtí mí Bealtaine 2026. Chinn IÉ freisin go mbeadh leibhéal suntasach méadaithe acmhainní ag teastáil laistigh dá fhoireann chun tacú leis an tionscadal seo a thabhairt chun críche. D'fhéadfadh an costas aschuir measta a mhéadú ó €148 milliún go dtí €188 milliún, b'fhéidir, arb ionann é sin agus méadú 27%. Mar sin féin, tá bearta maolaithe costais á gcur i bhfeidhm ag foireann seachadta an tionscadail d'fhonn costas aschuir a fháil laistigh de chlúdach €170 milliún (méadú 15%). I mí Aibreáin 2024, thug an NTA d'aire go mbeadh maoiniú breise ag teastáil chun tacú leis an tionscadal a thabhairt chun críche.

c Tháinig laghdú €20.4m ar chaiteachas iomlán an tionscadail chun 41 Carr Iarnróid Idirchathracha 2200 den Aicme Mheánach (ICRanna) a cheannach, gealltanais san áireamh, i gcomparáid le 2022 mar gheall ar íocaíochtaí garsprice níos ísle maidir leis an dara baisc de charranna iarnróid a sheachadadh in 2023.

c Tá an caiteachas iomlán ar an gclár DART+, gealltanais san áireamh, measartha seasmhach ó bhliain go bliain, agus €589m i gceist in 2023 i gcomparáid le €587m in 2022.

e Tá méadú tagtha ar an gcaiteachas ar Stáisiún DART Shruthán na Coille atá os cionn na tairsí maidir le nochtadh gealltanais mar gheall ar dhul chun cinn an tionscadail agus de thairbhe gur bronnadh roinnt conarthaí ar chonraitheoirí tógála agus innealtóireachta.

f Tá méadú €2.9m tagtha ar chaiteachas iomlán an chláir Chosaint Bonneagair Cósta, gealltanais san áireamh, i gcomparáid le 2022 mar gheall ar dhul chun cinn an tionscadail agus de thairbhe gur bronnadh conradh le conraitheoir imscrúduithe talún.

g Tá méadú tagtha ar an gcaiteachas ar Stáisiún Ceannt, Gaillimh atá os cionn na tairsí maidir le nochtadh gealltanais in 2023 de thairbhe gur bronnadh conradh ar BAM Éireann chun athchóiriú mór a dhéanamh ar an stáisiún.

h Tá méadú tagtha ar an gcaiteachas ar Iarnród Comaitéireachta Limistéir Chorcaí atá os cionn na tairsí maidir le nochtadh gealltanais in 2023 mar gheall ar dhul chun cinn an tionscadail agus mar gheall ar an gConradh don Uasghrádú ar Chomharthaíocht agus ar Theileachumarsáidí a bheith bronnta.

i Tá méadú €15.1m tagtha ar chaiteachas iomlán an chláir bhealach rothaíochta Fionnradharc go Sráid Amiens i gcomparáid le 2022 mar gheall ar dhul chun cinn an tionscadail go dtí Céim 6 (Tógáil agus Cur i bhFeidhm).

J Tháinig méadú ar an gcaiteachas ar Bhonneagar Rothaíochta Bhóthar Rinn Mhachan atá os cionn na Tairsí maidir le nochtadh gealltanais in 2023 de thairbhe go ndearnadh dul chun cinn ar an tionscadal agus gur bronnadh an Conradh.

26. Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Údarás le líon beag cás dlí nach bhfuil a dtorthaí cinnte fós. Ní dhearnadh soláthar do na costais fhéideartha sa todhchaí i ngeall ar an éiginnteacht sin.

27. Tionscadail arna riaradh thar ceann comhlachtaí eile

Riarann an tÚdarás, thar ceann na Roinne Iompair, maoiniú na Roinne do thionscadail inrochtaineachta, infheistíocht iompair inbhuanaithe i gcathracha réigiúnacha, Clár na Scoileanna Glasa, an clár Taisteal Níos Cliste, an clár eSPSV agus an Clár Iompair Tuaithe.

28. Mórthionscadail Caipitil

Amhail an 31 Nollaig 2023, ní raibh aon mhórthionscadail/mhórchláir caipitil (a shainmhínítear go bhfuil chostas aschuir ionchasach níos mó ná €200m nó cothrom leis ag baint leo) atá ag Geata Faofa 3 nó thairis (Cás Gnó Deiridh) de na Treoirlínte Bonneagair mar a bhfuil athrú níos mó ná €5 milliún ar chostas toraidh deiridh ionchasach an tionscadail (i.e. an costas tuairiscithe) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

29. Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Féach ar nóta 11.3 chun mionchuntas a fháil ar luach saothair na foirne bainistíochta agus na sochair a íocadh leo.

Ghlac Bord an Údaráis le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit i ndáil le leasanna comhaltaí den Bhord a nochtadh agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbheart sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird a raibh aon leas tairbhiúil ag na Comhaltaí Boird.

30. Iar-theagmhais

Ní raibh aon iar-theagmas ann ó dheireadh na bliana ar cheart na ráitis airgeadais a choigeartú dá bharr.

31. Faomhadh na ráiteas airgeadais

Formheasadh na ráitis airgeadais thar ceann an Údaráis ar an 28 Meitheamh 2024.